


Gaelscéal ar Scoil: Podchraolta 2012 le Comhar na Múinteoirí Gaeilge

L. 19



Seirbhís Fiaclóireachta Ghaeilge faoi lánseol i gConamara L. 27

Trioblóid ar an mbealach... Seo chugainn na Dirty 9's! L. 25



Súil ar an Rugbaí L. 31



Gaelisceal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

14.12.2011



€1.65 (£1.50)
Uimh. 50

Cruachás airgid ag bagairt ar ionaid leanaí Gaeltachta

Máirtín Ó Catháin

BEIDH sé an-deacair ag lucht naíolann agus naonraí in áiteanna éagsúla sa Ghaeltacht a gcuid seirbhísí a choinneáil ag dul tráth a bhfuil togha áiseanna dá chur ar fáil i gcuid mhór ceantar. Is cosúil gur sin é an t-adhmad a bhí le baint as díospóireacht faoi sheirbhísí naíolann agus naonraí ag cruinniú boird de chuid Údarás na Gaeltachta an tseachtain seo caite.

Cé gur mhór cruachás airgid an Ionaid Tacaíochta Teaghlach in Indreabhán i gConamara le gairid, tuigtear go bhfuil brú mór airgid ar ionaid eile leanaí freisin. Tá seacht gcinn déag d'ionaid a chuireann seirbhís réamhscoile ar fáil trí Ghaeilge ar fud na Gaeltachta agus a gcuid oibre molta. Ach nuair a rinneadh plé ar an ábhar seo ag cruinniú Údarás na Gaeltachta an tseachtain seo caite léiríodh imní faoina bhfuil i ndán do chuid acu. Bhí an scéala céanna ag teacht as chuile cheantar: tá costas breise cothabhála ag baint leis na foirgnimh nua atá tógtha agus tá níos mo airgid ag teastáil le daoine a fhóstu mar gheall ar na gcoinníollacha atá i bhfeidhm. Cuireann breis seirbhísí atá curtha ar fáil i gcuid de na hionaid leis an gcostas chomh maith.

Tá tuairiscí as an gCeathrú Rua i gConamara, mar shampla, go dteast-

aíonn €20,000 sa bhliain faoi láthair leis an ionad leanaí a choinneáil ag dul sa gceantar sin. Tá ionad cúram leanaí den chéad scoth tar éis oscailt i gCarna agus meastar go dteastóidh bailiúchán idir €10,000 agus €15,000 ansin i mbliana. D'éirigh go maith leis an bhfeachtas bailiúcháin sa cheantar sin le gairid ach beidh a dhá oiread ag teastáil. Tá bailiúchán ar siúl i gcónaí ar mhaithe leis an Ionad Tacaíochta Teaghlach in Indreabhán i gConamara fiú agus gur thug Roinn na Gaeltachta deontas "eisceachtúil aon uaire" de bhreis agus €100,000 le gairid. Ach níl ansin ach líonadh bearna go fóilleach; teastóidh airgead bliain i ndiaidh bliana agus ceaptar go háitiúil go mbeidh sé an-deacair coinneáil leis sin.

Tá go leor pobal sa bhád céanna anois agus dualgais bhailiúcháin amach roimh choistí bliain i ndiaidh bliana. Níl na táillí a fhaightear isteach sách láidir le costas reachtála na n-ionad a ghlanadh. De dheasca an chúlú eacnamaíochta tá an líon gasúr a thiocfadh isteach laghadaithe - tá go leor tuismitheoirí sa bhaile - agus ní hacmhainn do chuid acu a dhul ard leis na táillí.

Is iad na seirbhísí naíolann is mó atá ag cosaint airgid; tá coibhneas ard fostaíthe in aghaidh an líon gasúr a bhíonn i gceist agus tá éilimh ar na seirbhísí ag amanna difriúla i rith an lae.

£10,000 de dhíth!




Tá féilire nua foilsithe ag Bunscoil an Iúir don bhliain úr. Tá feachtas ar bun ag Bunscoil an Iúir chun £10,000 a thiomsú do chiste na scoile agus mar chuid den fheachtas, tá tuismitheoirí na Bunscoile tar éis féilire gleoite a fhoilsiú. Baineadh úsáid as saothar ealaíne na ndaltaí leis an fhéilire a mhaisiú agus fuarthas tacaíocht fhial ón lucht gnó sa Dhún Theas, in Ard Mhacha Theas agus i Lú leis na costais chlódóireachta a chlúdadh. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh idirlín: www.bunscoilaniuir.com

Dáithí Ó hÓgáin ar shlí na fírinne

Tá an t-ollamh le béaloideas, Dáithí Ó hÓgáin, imithe ar shlí na fírinne.

Fuair sé bás Dé Domhnaigh seo caite le hailse agus é in aois a dhá bhliain agus trí scór.



Tógadh é i mBrugh na nDéise, Co. Luimnigh agus fuair sé post mar thaighdeoir ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i 1971.

Bhain sé dochtúireacht amach a foilsíodh i 1981 agus faoin am sin bhí seacht leabhar d'fhillíocht (sé cinn i nGaeilge agus ceann amháin i mBéarla) agus trí chnuasach de ghearrscéalta foilsithe aige.

Ar lean ar leathanach 2

European
Newspaper
AWARD
NEWSPAPER DESIGN & CONCEPT

NUAHT NÁISIÚNTA

Dáithí Ó
hÓgáin ar
shlí na
fírinne

Ar lean ó leathanach a haon

Scríobh sé an iliomad leabhar béaloidis, filíochta agus scéalaíochta le linn na mblianta a chaith sé i gColáiste na hOllscoile. Bhailigh sé féin ábhar béaloidis, thug sé léachtaí ar an ábhar ar fud na tíre agus bhí aithne go forleathan air mar chraoltóir agus mar láithreoir ar an raidió agus ar an teilifís. Chuir sé tábhacht an bhéaloidis chun cinn go gníomhach san Eoraip agus ar fud an domhain. Maireann a bhean chéile Caitríona, a pháistí Aisling, Orla, Niamh, Ruán agus Sadhbh, agus a gharpháistí Lili agus Cillian.

Beidh Aifreann na Marbh ar siúl maidin inniu ag 10m i Séipéal an tSlánaitheora Rónaofa, an Phríomhshráid, Bré. Beidh adhlacadh ina dhiaidh sin i Reilig Sheangánaí. Iarrtar síntiúis, más áil, a thabhairt do Naomh Uinseann de Pól (beidh bosca síntiús sa séipéal).

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir

ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta

patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Áine Ní Chuaig
Iriseoir

aine.nichuaig@gaelisceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir

katie.mcgregal@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais

caroline.nichualain@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt

grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:

Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspeall agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litríú agus gramadach na Gaeilge. www.cruinneog.com

Imní ar chomharchumainn faoi mholadh 'iomaíochta'

Colm Ó Broin

TÁ idir iontas agus imní léirithe ag comharchumainn Ghaeltachta maidir le moladh cláir faoin Straitéis 20 Bliain a chur ar fáil tar éis próiseas iomaíochta amháin.

Rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an moladh in athbhreithniú ar chaiteachas na Roinne idir 2012 agus 2014.

De réir na cáipéise, ba cheart laghdú a dhéanamh ar líon na n-eagraíochtaí Gaeltachta a ritheann cláir de chuid Údarás na Gaeltachta, nó iad a 'athfhócasú'.

Laghdófar líon na gclár chomh maith agus cuirfear iad ar fáil “on foot of public competitive calls for applica-

tions.”

Tá imní ann go ndéanfar aithris ar na fadhbanna reatha atá ann faoin tSamhail Nua Maoinithe a bhaineann le maoiniú eagraíochtaí Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

“An bhuairt is mó atá orainn ná nach bhfuil sé soiléir ón Roinn céard atá ar intinn acu,” arsa Cathal Ó Gallachóir, Bainisteoir Chomharchumann Forbartha Ghaith Dobhair.

“Tá an chuma air go bhfuil siad ag iarraidh an múnla céanna atá in úsáid le scéimeanna Fhoras na Gaeilge a úsáid sa Ghaeltacht. Caithfear ceist a chur an múnla ceart é sin, an bhfuil sé oiriúnach d'achan earnáil nó an bhfuil sé ag obair áit ar bith.”

Cháin sé an easpa comhairliúcháin atá déanta ag an Roinn maidir leis an moladh iomaíochta freisin.

Dar le Concubhar Ó Liatháin, Bainisteoir Chomharchumann Forbartha Mhúscraí, is moladh é seo atá curtha chun tosaigh i gcló gan dul i gcomhairle leis na heagrais phobalbhunaithe.

“Tá sé deacair gan a shamhlú gur iarracht é seo sceanaírt iomlán a dhéanamh ar struchtúir na forbartha pobail agus na pleanála teanga sa Ghaeltacht,” ar seisean.

“Tá sé níos deacra fós a shamhlú conas a cheapann an Roinn a chuirfear i bhfeidhm an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Cé a chuirfidh i bhfeidhm í? Is eagrais

phobalbhunaithe, is é sin gur fhás siad ón bpobal aníos, iad na comharchumainn.

“Is moladh ar mire é seo ó mhaorlathaigh nach léir go dtuigeann siad na deacrachtaí is na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair i measc an phobail. Tá an craiceann agus a luach á fháil ag an Stát as na comharchumainn faoi mar atá - agus tá maoirseacht chúramach á déanamh ag Údarás na Gaeltachta ar an obair seo - ach má chuirtear iachall ar na comharchumainn cur isteach ar chomórtais chun leanúint leis an obair atá ar siúl acu, cuirfear go mór leis na dúshláin sin.”

Dúirt Ó Liatháin go raibh litir faighte ag comharchumainn ón Roinn ag moladh

dóibh aighneachtaí a chur chucu maidir leis an earnáil, ach nár luadh an moladh faoi chóras iomaíochta sa litir.

“Is iad na comharchumainn is fearr atá ar an eolas agus a thuigeann na riachtanais agus na cumais atá ag a bpobail féin. Is fánach an mhaise é don Roinn nó don rialtas nó don Aontas Eorpach/Chiste Airgeadais Idirnáisiúnta bheith ag iarraidh teacht roimhe sin.

Dealraíonn sé ón mbagairt seo, agus ón mbagairt do na scoileanna náisiúnta beaga sna Gaeltachtaí éagsúla, nach bhfuil sa chaint atá ag an Roinn faoi chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain ach caint san aer gan bhrí, gan éifeacht agus gan fhírinne.”

Séanann Foras na Gaeilge go bhfuil dlíthe cosanta sonraí á sárú acu

Anton Mac Cába

SÉANANN Foras na Gaeilge go bhfuil dlíthe cosanta sonraí á sárú acu sa phróiseas comhairliúcháin atá ar siúl maidir leis an tSamhail Nua Maoinithe (an dóigh nua atá á mholadh ag an Fhoras le heagraíochtaí Gaeilge a mhaoiniú). Mar chuid den síneadh leis an phróiseas comhairliúcháin, scríobh Ferdie Mac an Fhailigh, príomhfheidhmeannach an Fhorais, chuig eagraíochtaí bunmhaoinithe.

Sa litir, deirtear “iarrtar ort liosta a sholáthar de na pobail agus na daoine aonair a gcuireann d'eagraíocht seirbhísí ar fáil dóibh nó a bhíonn ag brath ar sheirbhísí ó d'eagraíocht.”

Dúirt sé go raibh sé seo riachtanach le pictiúr soiléir a fháil de na páirtithe leasmhara.

Dúirt urlabhraí thar cheann an Fhorais go raibh na ceistean-na ag cloí leis an dlí. “Ní raibh Foras na Gaeilge ag iarraidh ar aon eagrais dlíthe a shárú,” arsa an t-urlabhraí. “Ní raibh Foras na Gaeilge ag lorg sonraí teagmhála aon duine ná aon

ghrúpa ach liosta simplí de na páirtithe leasmhara uilig chun a chinntiú nach raibh aon duine, ghrúpa nó eagraíocht á fhágáil ar lár.” Chuir an cheist imní ar dhaoine i roinnt eagraíochtaí gur labhairt Gaelscéal leo. Bhí ar a laghad eagraíocht amháin sa tuaisceart nár chuir liosta daoine aonair ar fáil.

Rinne siad amhlaidh mar gheall ar threoirlínte an Information Commissioners Office ó thuaidh: “Níl sé cuí úsáid a bhaint as sonraí pearsanta le soláthar seirbhísí a phleanáil, mar shampla, nuair is féidir seo a dhéanamh le heolas nach ionann é agus sonraí pearsanta.” Leis, déantar tagairt in Alt a hOcht den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, do mheas a léiriú ar “shaol príobháideach agus teaghlach an duine, a theacht cónaithe, agus a chomhfhreagras.”

Is ar na heagraíochtaí tuaisceartacha is mó atá imní faoin phróiseas. Ach, sa deisceart ní ceadmhach sonraí pearsanta a choinneáil ach ar mhaithe leis an chuspóir ar bailíodh é faoina choinne.



Meadhbh O'Neill as Baile Conaola, Co. na Gaillimhe a ghlac páirt in ócáid cheiliúrtha do bhuaiteoirí áitiúla Oireachtas 2011 in Óstán Chuan Charna oíche Dé Sathairn seo caite. Tháinig Meadhbh sa dara háit sa chomórta Rince Aonair ar an Sean-Nós faoi 12 bhliain d'aois ag Oireachtas na Samhna. PIC: CLARE CASHMAN

Pat Jimmy Dan Rua - Feisire na gCroisbhealaí

Lenár dtuairisceoir

“AG amharc siar ar mo thréimhse mar Phríomh-Aire caithfidh mé a admháil go bhfuil Pat McFadden ar dhuine de na daoine is mó a bhraithim uaim.” B’in an breithiúnas a thug Iar-Phríomh-Aire na Breataine, Tony Blair, ar fhear de bhunadh Ghaeltacht Thír Chonaill sa chéad agallamh foirmeálta a rinne sé le Nuacht TG4 ar na mallabhbh.

Ba ag tagairt don Fheisire Parlaiminte d’iardheisceart Wolverhampton, Pat McFadden, a bhí an tUasal Blair, fear a chaith tréimhse fhada mar chomhairleoir polaitiúil leis le linn ré órga Pháirtí Lucht Oibre na Breataine.

Rugadh agus tógadh Pat McFadden i nGlaschú ach tá dlúthcheangal aige le Gaeltacht Thír Chonaill agus bíonn sé abhus go minic ann. Is ann a chaith sé go leor dá



Pat McFadden (Pat Jimmy Dan Rua) an MP do Wolverhampton South East, Sasana.

óige agus filleann sé féin agus a theaghlach ar an cheantar gach bliain do Dhomhnach na Reilige mar go bhfuil a athair

curtha ar an Fhál Carrach. Is mac é Pat le Jimmy Dan Rua agus le Annie 'Chooper' McFadden, as an Dún Mór, an Fál Carrach. Chas a thuismitheoirí ar a chéile agus iad ag freastal ar scoil Mhín Doire i gCloch Cheann Fhaola. Rinne sé tagairt don scoil seo ina chéad óráid in Westminster nuair a toghadh i dtús é mar Fheisire Parlaiminte do Wolverhampton.

Tá teach ag a mhuintir san Fhál Carrach go fóill agus labhrann a mháthair, gur cainteoir Gaeilge ó dhúchas í, faoi na laethanta órga a chaith a teaghlach ar ais i dTír Chonaill le linn an tsamhraidh.

Ba cheardchumannaí aitheanta Pat McFadden go dtí go ndeachaigh sé leis an pholaitíocht. Bhí sé ag obair i dtús ama mar chomhairleoir d’athair Pharlaimint na hAlban Donald Dewar - an té a bheadh mar chéad Chéad-Aire ar Albain. Ceapadh ina dhi-



Tony Blair faoi agallamh ag Breandán Delap ó Nuacht TG4.

aidh sin é mar scríbhneoir óráidí do John Smith, Cean-naire Pháirtí an Lucht Oibre. Bhí Páirtí an Lucht Oibre in umar na haimléise ag an am agus ceithre olltoghchán i ndiaidh a chéile caillte acu. Chuaigh Smith i mbun struchtúr an pháirtí a leasú ach nuair a cailleadh go tobann é sa bhliain 1994 fágadh faoina chomharba, Tony Blair, bailchríoch a chur ar an obair. Lean McFadden ag scríobh óráidí do Tony Blair agus ceapadh é mar rúnaí polaitíochta an Phríomh-Aire in 2002. Bhí sé ina bhall tábhachtach de 'Chomhaireacht na Cistine' nó an Kitchen Cabinet a bhí ag Tony Blair.

Toghadh é mar Fheisire Par-

laiminte d’iardheisceart Wolverhampton in 2005 agus cheap Gordon Brown é mar Aire Stáit sa Roinn Gnó agus Fiontraíochta. Fuair sé ardú céime de shórt nuair a ceapadh Peter Mandelson mar aire sinsearach sa Roinn. Ó tharla gur i dTeach na dTiarnaí a bhí Mandelson b’é Pat a rinne ionadaíocht ar an Roinn in Westminster agus a d’fhreagair aon cheist pharlaiminte fúithi. Chaith sé seal gairid ina dhiaidh sin mar aire sinsearach. Toghadh arís é mar Fheisire Parlaiminte in 2010, chuir sé a ainm chun tosaigh le bheith ar bhinse tosaigh an Lucht Oibre faoi Ed Miliband ach theip air dóthain vótaí a fháil. Suimiúil go leor is ball

den Privvy Council é, a chuireann comhairle ar an Bhanríon! “Scéal é seo faoin aistear polaitíochta ó scoil bheag Ghaeltachta i dTír Chonaill go Westminster agus Pálás Buckingham trína shúile féin agus a mhuintir san Fhál Carrach,” a deir Breandán Delap, léiritheoir an chláir. I measc na ndaoine a ghlac páirt sa chlár bhí Iar-Phríomh-Aire na Breataine, Tony Blair, Seán Hutton ó Chonaidhm na nEagraíochtaí Éireannacha sa Bhreatain, an staraí áitiúil John Conaghan agus sagart paróiste an Fháil Charraigh, an tAthair Denis Quinn. *Beidh 'The Rt Hon Pat Jimmy Dan Rua MP' le feiceáil ar TG4 ar 29ú Nollaig ag 7.15in.*

Agóid beartaithe i nGaillimh i gcoinne táillí séarachais

Aíne Ní Chuaig

DÉ Luain seo chugainn, 19ú Nollaig, pléfidh Comhairle Contae na Gaillimhe ceist chonspóideach na dtáillí séarachais atá beartaithe leis an mBille um Sheirbhísí Uisce (Leasú). Tá agóid beartaithe taobh amuigh d’oifigí na Comhairle Contae i gCnoc na Radharc ag 1.00in, tráth a bheas an díospóireacht ar siúl.

Tá Pádraig an Táilliúra Ó Conghaile ó choiste eagrúcháin na hagóide ag impí ar an bpobal a bheith i láthair chun a chur in iúl do na Comhairleoirí Contae go bhfuiltear go láidir i gcoinne na dtáillí seo a íoc.

Tá 12 chruinniú poiblí eagraithe i gConamara maidir leis an scéala go dtí seo agus tuigtear go bhfuil muinntir na tuaithe spréachta.

“Tá muid ag iarraidh go dti-

ocfaidh, idir shean agus óg, duine amháin ó chuile chlann chun na hagóide ar an Luan,” a dúirt Ó Conghaile le Gaelscéal. “Má sheasann muid duine ar dhuine le chéile, ní bheidh orainn na táillí seo a íoc.”

Le roinnt míonna anuas, tá an fhearg chéanna le mothú ag cruinnithe ar fud an chontae agus mórthimpeall na tíre ar fad. Tá daoine freisin go mór in éadan na cánach teaghlaigh atá beartaithe.

Deir urlabhraí a bhí i láthair ag na cruinnithe i gConamara go bhfuil éagóir á déanamh ar mhuintir na tuaithe.

“Tá dóthain fulaingthe againn le dúnadh na scoileanna, na n-oifigí poist, stáisiún na ngardaí agus leis an ionsaí is déanaí atá déanta ar scéimeanna fostaíochta pobail. Tá bagairt fós á déanamh ar ár gcuid portach.

Tá tionscal na hiascaireachta beagnach scriosta ar fad ag rialacháin an AE.”

Deir an t-urlabhraí go mbaineann ceist na gcóras séarachais le cothromaíocht. “Níl aon chostas breise le n-íoc ag muinntir na cathrach d’insealbhú agus cothabháil na gcóras séarachais. Bain-tear as cánachas ginearálta é.”

Deir an t-urlabhraí go bhfuil an t-airgead ann. “Tá an Stát chun €1.5 billiún a infheistiú i seirbhísí uisce agus fuíolluisce sa chúig bliana atá amach romhainn. Tá muidne ag éileamh céatadán den airgead sin.”

Ag labhairt le Gaelscéal dó, dúirt an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh go bhfuil sé i gceist aige bheith i láthair ag an agóid.

“Tá Sinn Féin ar son na timpeallachta. Níl aon fhadhb againn le clárúcháin ach tá

fadhb ag Sinn Féin leis na táillí, na pionóis a bhaineann leo agus le príobháidiú an chórais.

“Tá muid ar son tacaíocht iomlán ón Stát le huasghrádú a dhéanamh ar na córais tí agus tá muid ag iarraidh go bhfoilseofaí na caighdeáin a bheidh in úsáid,” a dúirt an Seanadóir Ó Clochartaigh. “Tá fadhb againn nár cuireadh córas ceart ar fáil ar fud na tíre agus leis na córais atá ann nach n-oibríonn.”

Inné, chuir Leas-Cheannaire Fhianna Fáil, Teachta Dála Ghaillimh Thiar, Éamon Ó Cuív in iúl, nach bhfuil siad chun an bille seo a chur tríd an Dáil anois go dtí tar éis na Nollag.

“Taispeánann sé sin go bhfuil na cruinnithe ar fud na tíre, a thosaigh muidne i gConamara, ag goilliúint orthu,” a deir Pádraig an Táilliúra.

FOLÚNTAS

Foras na Gaeilge

FOLÚNTAS

Is mian le Foras na Gaeilge an ceapachán a leanas a dhéanamh. Beidh an post lonnaithe in oifig Foras na Gaeilge i mBéal Feirste.

RÚNAÍ OIFIGE

BÉAL FEIRSTE

TAGAIRT: R0/1211/

Brúigh Folúntais ar shuíomh gréasáin Foras na Gaeilge gaeilge.ie le gach eolas faoin bpost seo a fháil.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise. Is de réir fíúntais amháin a mheasfar gach iarratas. Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above post.

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS

T: (003531) (01) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie

Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha a lua.

SPRIODHÁTA

Ní mór na foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite faoi 1.00 p.m. Dé hAoine, 13 Eanáir, 2012.

Poist, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Deireadh leis an chóras poist Gaelach i bhFear Manach

Anton Mac Cába

TÁ deireadh le bailtí fearainn mar sheoltaí poist, san aon cheantar ó thuaidh mar a raibh. Vótáil Comhairle Cean-tair Fhear Manach 11 in éadan naonúir le córas ‘pointer’ a thabhairt isteach. Sa chóras seo, bíonn uimhir bóthair ann, agus an baile fearainn ina dhiaidh.

Tá córas seoltaí in úsáid sa 25 comhairle eile ó thuaidh ó 1974, mar gur uimhreacha bóthair amháin atá i gceist. Tá sainiúlacht áitiúil caillte. Ní bhíonn an bhaint chéanna ag seoltaí poist le háiteanna. Síneann Bóthar Ghleann Sheáin 19 míle, ó Dhún Geimhin i gCo. Doire go dtí an Seanmhullach sa chontae céanna.

Bhí na páirtithe i bhFear Manach ar aon intinn le blianta leis na bailtí fearainn a choinneáil. Theip ar an chomhaontú sin le tamall de bhlianta anuas.

Vótáil an dá pháirtí Aontach-tacha (UUP agus DUP) agus an SDLP ar son córas ‘pointer’. Is í an uimhir bóthair an príomh-sheoladh leis seo. Dúirt Alison Brimstone ón DUP go raibh an córas nua seo de dhíth ar phobal Fhear Manach. “Déanfaidh sé athrú ar an saol dóibh ar bhealach maith,” ar sise. Dúirt John O’Kane ón SDLP go raibh sé ag vótáil “le mo chloigeann agus ní mo chroí.” Dúirt Brendan Hegarty, príomh-fheidhmeannach na Comhairle, go bhfuair sé gearáin ar bhonn seachtainiúil, ó dhaoine nach raibh ábalta creidmheas a fháil mar nár aithníodh córas na mbailtí fearainn. Dar leis go raibh con-túirt ann go gcuirfí cúirt ar an Chomhairle.

Thug Brian McCaffrey ó Shinn Féin “loitiméireacht chultúrtha” ar an mholadh glacadh leis an chóras. An baile fearainn sa tseoladh ar fad – ach sa tríú líne.

Ag labhairt le Gaelscéal, dúirt McCaffrey gur argóint bhréige a bhí ann faoi chreidmheas. “Tabharfar uimhreacha nua do chuid mhór tithe atá ann anois,” ar seisean. “Beidh rátálacha creidmheasa scríosta dá bharr.”

Dúirt Jack Johnston ó Ion-taobhas Staire Áitiúla Uladh gur buille tubaisteach a bhí ann do na bailtí fearainn. “Ag amharc siar, tig liom an rud a tharla i dTír Eoghain a fheiceáil,” ar seisean. “Taobh istigh de thraidhfíil blianta, ní bheidh a fhios ag daoine. Dá n-íarrfá ainm baile fearainn ar pháiste i mo cheantar féin, bheadh sé ábalta b’fhéidir ainm a bhaile fearainn féin, agus an baile fearainn mar a bhfuil a shean-mháthair ina cónaí, a thabhairt duit – agus sin an méid.”

Tá thart ar 3,000 baile fearainn i bhFear Manach. Tá imní ar Johnston go ndéanfear dearmad ar chuid mhór acu.

An Bhearna idir Chaitlicigh agus Protastúnaigh ag druidim i gcónaí

Anton Mac Cába

TÁ Protastúnaigh rud beag níos fearr as ná Caitlicigh ó thuaidh, de réir an tSuirbhé Lucht Saothair is déanaí a foilsíodh.

Tá céatadán níos mó Protastúnach ina n-úinéirí tí, 75% le hais 68% i gcás Caitliceach. Le scór bliain anuas, tá méadú 36% tagtha ar líon na gCaitliceach atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair (is é sin le rá fostaithe) – le hais méadú 2% ar líon na bProtastúnach.

Bhí laghdú 9% ar an líon Caitliceach a bhí difhostaithe le hais laghdú 3% i gcás Protastúnach. Tá an céatadán Caitliceach atá difhostaithe go fóill níos airde. Tá sé anois 3%

níos airde.

Is iad na hathruithe sa tuaisceart le 40 bliain anuas is cúis leis seo. Is léir, ón suirbhé, gur ar leas ban Caitliceacha na hathruithe seo: is Caitlicigh iad 49% d’iomlán na mban atá ina mbainisteoirí.

Tá sonraí sa suirbhé nach dtéann go hiomlán le barúil na coitiantachta. Tá an meántuarastal ag Caitlicigh atá ag obair rud beag níos mó ná an an meántuarastal ag Protastúnaigh: £9.44 (€11.06) san uair le hais £9.11 (€10.67) ag Protastúnaigh.

Cinnté, tá Caitlicigh ag baint tairbhe as an oideachas – gan an tairbhe bheith chomh mór agus a shíltear.

Tá céatadán níos mó

Caitliceach ina mic léinn lán-aimseartha: 9% de dhaoine fásta, le hais 6% de Phrotastúnaigh.

Ar an taobh eile, níl cáilíochtaí ag 16% de Chaitlicigh le hais 13% de Phrotastúnaigh.

Tá athrú ar an phobal ó thuaidh. Is Caitlicigh anois iad 46% den aoisghrúpa idir 16 agus 24 bliain, le hais 44% atá ina bProtastúnaigh. Is pobal níos aosta é an pobal Protastúnach: is Protastúnaigh iad 66% de phinsinéirí.

Tá níos mó páistí ag Caitlicigh – ach ní i bhfad níos mó. Tá beirt pháistí nó níos mó ag 19% de líonta tí Caitliceacha – le hais beirte nó níos mó ag 17% de líonta tí Protastúnacha.



‘Abair Leat!’ – An chéad ghréasán sóisialta ar domhain tiomnaithe go spéisialta ar an Ghaeilge. Seolfar ar mhargadh na hÉireann é go luath sa bhliain úr. Is i gColáiste Lurgan in Indreabhán, Conamara a tháinig an smaoineamh chun tosaigh chun an ghréasán a fhorbairt chun cabhrú le scoláirí a bhí ag dul do chúrsaí Gaeilge. Tá Abair Leat! ag dul ó neart go neart ó shin agus ag táthar ag súil chun 50,000 duine a mhealladh roimh dheireadh 2012. Chun úsáid a bhaint as an ngréasán, téigh chuig www.abairleat.com agus oscail cuntas le Abair Leat!

Teaghlach Dhoire ag iarraidh go gcúiseofar saighdiúir

Danny Brown

TÁ éileamh déanta ag clann fir óig a maraíodh i nDoire i 1972 an saighdiúir a mharaigh é a chúiseamh.

Fuair coiste cróinéara Dé hAoine seo a chuaigh thart gur maraíodh Daniel Hegarty go mídhleathach an lá a cuireadh tús le Operation Motorman, feachtas míleata Arm na Breataine le ceantair nach raibh cead acu dul isteach iontu a ghabháil.

Dé Luain dúirt Margaret Brady, deirfiúr Daniel, go raibh siad iontach sásta mar theaghlach gur tháinig an fhírinne amach faoina bhás ach gur chreid siad gur chóir a chur ina

luí ar an saighdiúir a mharaigh a ndeartháir go raibh coir thromchúiseach déanta aige.

Ag an am, dúirt an tArm gur sceimhlitheoir armtha a bhí in Daniel agus gur tugadh rabhadh dó sular scaoileadh é dhá uair sa chloigeann.

Gortaíodh a chol ceathrar Christopher san eachtra chéanna.

Cé gur ghabh rialtas Shasana leithscéal leis an teaghlach as sceimhlitheoir a thabhairt ar Daniel in 2007, ní raibh an teaghlach sásta go bhfuair siad cothrom na Féinne ón chóras dlí agus ón rialtas.

Bhí Daniel 15 bliana d’aois nuair a maraíodh é agus é ag

obair mar ghiolla ar shuíomh tógála.

Dúirt a mhuintir nár tháinig duine ar bith de na saighdiúirí le cuidiú a thabhairt dó nuair a bhí sé ina luí gortaithe agus gur míorúilt a bhí ann gur mhair Christopher, cé go raibh piléar ina chloigeann siúd.

Dúirt Des Doherty, dlíodóir do mhuintir Daniel, go bhfuil seans maith anois ann go gcúiseofar an saighdiúir a mharaigh Daniel agus a ghortaigh Christopher.


Dúirt sé nach díoltas a bhí i gceist ach cearta an teaghlacha a thabhairt dóibh agus a chur in iúl do shaigndiúirí eile nach féidir leo fáil ar shiúl le heachtra mharfach mar seo.

‘Cré na Cille’ ar fáil mar ríomhleabhar

Katie McGreal

IS féidir an leabhar ‘Cré na Cille’ le Máirtín Ó Cadhain a fháil mar ríomhleabhar ar an suíomh idirlíon www.amazon.com chomh maith le roinnt suíomhanna idirnáisiúnta eile, Waterstones agus Barnes & Noble san áireamh.

Foilsíodh an leagan seo den leabhar i 1949 agus tá léaráidí ann leis an ealaíontóir mór Éireannach, Charles Lamb. Go dtí seo, bhí sé le feiceáil ar páipéar, ar stáitse, ar an scáileán mór agus beag agus rinneadh dráma raidió de. Anois tá sé ar fáil go leic-



treonach le haghaidh ríomhléitheoirí, Amazon Kindle agus Sony Reader ina measc.

Tá praghas idir €6 agus €10 air, ag brath ar na siopaí éagsúla ar líne.

Seo ceann de na chéad leabhair atá roghnaithe ag na foilsitheoirí Cló Iar-Chonnacht mar chuid dá gcinneadh ríomhleabhair a chur ar fáil. Is é ‘Pádraic Ó Conaire: Rogha Scéalta’ curtha in eagar ag Diarmuid de Faoite ceann eile de na leabhair seo, chomh maith le ‘Ó Chósta go Cósta’ le Frank Reidy agus ‘An Fear a Phléasc’ le Micheál Ó Conghaile.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**



€665,785 d'iar-Ard-Rúnaí Roinn na Gaeltachta

THUG an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta Jimmy Deenihan le fios go bhfuil €665,785 íoctha le hiar-rúnaí na Roinne Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ó d'éirigh sé as a phost in 2009. Bronnadh cnapshuim scoir de €332,893 ar Gerry Kearney nuair a d'éirigh sé as a phost i mí na Nollag 2009. Íocadh pá téarfa (*severance pay*) €110,964 leis agus pinsean bliantúil den mhéid chéanna in 2010 agus 2011. Íocadh thart ar an méid chéanna le Con Hugh, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt.



Jimmy Deenihan

Rogha an reifrinn ag teacht chun cinn

TÁ gach seans ann go mbeidh reifreann in 2012 faoin margadh Eorpach a aontaíodh an tseachtain seo caite. Tá téarmaí na díospóireachta a bheas againn ag éirí níos soiléire cheana féin. Is

cosúil gurb í an 'rogha' a chuirfear os comhair an phobail ná glacadh leis na moltaí nó an euro a fhágáil. Ar ndóigh, ní féidir tír a ruaigeadh ón euro go hoifigiúil, ach bhagair Angela Merkel agus Nicolas Sarkozy é sin ar an nGréig nuair a dúirt iar-Phríomh-Aire na Gréige, Andreas Papandreu, go mbeadh reifreann ann faoin tarrtháil is déanaí ar an tír.

An mbeidh an bhagairt chéanna mar chuid den díospóireacht in Éirinn? Ná biodh iontas oraibh má deirtear leis an bpobal vótáil don mhargadh nó scriosfar eacnamaíocht na tíre (nó an chuid sin di nach bhfuil scriosta cheana féin). Beidh cailleadh an uafáis le cloisteáil go glórach.

Deirfear linn go laghdóidh luach ár gcuid airgid sa bhanc (má tá airgead sa bhanc agat) 40% nó 50% má fhilleann muid ar an bpunt. Cuirfear rogha bhréagach os ár gcomhair - aontas leis an Eoraip nó aontas leis an mBreatain. Beidh an rialtas cíocrach chun laghdú a fháil roimh an reifreann ar an méid airgid is gá dúinn a íoc in aghaidh na bliana (€3.1 billiún ó 2012 ar aghaidh) faoin nóta gealltanais don Bhanc Angla-Éireannach.

Má éiríonn leo é sin a dhéanamh, agus scanradh a chur ar an bpobal faoin méid a tharlódh dá bhfágaimis an euro, beidh seans maith ann go n-éireoidh leis an reifreann. Ag brath ar an méid a bheas sa mhargadh deireanach maidir le ceannas eacnamaíochta áfach, n'fheadar an fiú ceiliúradh a reáchtáil in 2016.

Eisceacht atá in Éirinn san Aontas Eorpach sa mhéid is go gcuirtear conarthaí faoi bhráid an phobail i reifrinn (faoi dhó más gá!). Dá ndéanfaí an rud céanna i dtíortha eile, (agus go nglac-fadh an bhunaíocht le toil an phobail) seans nach mbeimis sa tsáinn reatha ó thaobh an euro. Dá mba rud é gur reáchtáladh reifreann sa Ghearmáin faoi dheireadh a chur leis an

deutschmark sna 1990í is cosúil nach mbeadh an euro ann ar chor ar bith.

Cogadh ronnach idir Éirinn agus an Íoslainn

TÁ cogadh faoi ronnaigh ar bun idir Éirinn, an Íoslainn agus na Scigirí (*Faroe Islands*) i láthair na huaire. Tá an cuóta ronnach a cheapann an Íoslainn agus na Scigirí méadaithe ó 4.5% go 46% le blianta beaga anuas, cinneadh atá tógtha acu gan a aontú leis an Aontas Eorpach ná leis an Iorua.

Chuir John Browne, (FG, Loch Garman) ceist ar an Aire Talmhaíochta an tseachtain seo caite cad é an scéala is déanaí ón bhfronta. Tá cainteanna síochána ar bun idir na rannpháirtithe i gCloch na gCoillte faoi láthair ach dúirt an tAire Coveney nach bhfuil Éire chun glacadh le haontas ar aon praghas.

Tá an Íoslainn agus na Scigirí ag sciobadh 300,000 tonna ronnach ón bhfarraige agus níl sé seo inmharthana. Is é an ronnach an t-iasc is tábhachtaí don earnáil in Éirinn, ar luach €120 milliún don tír in aghaidh na bliana, agus tá polasaithe na hÍoslainne agus na Scigirí ina mbagairt don earnáil. Mhol Coveney smachtb-



John Browne Fine Gael TD

hannaí in aghaidh an dá oileán tráth mura bhfuil siad sásta géilleadh. Deir an Íoslainn agus na Scigirí áfach go bhfuil níos mó ronnach ina n-uiscí féin mar go bhfuil na farraigí ag éirí níos teo, agus go bhfuil sé de cheart acu an cuóta a mhéadú.

Beag an spéis i réiteach ar chothromas diúltach

DE réir an tsuímh moneycoach.ie tá cothromas diúltach ag baint le idir 300,000 agus 350,000 morgáiste sa Phoblacht. Dar leo, ní bheidh réiteach ar an bhfadhb seo go dtí 2021-25 má fhágtar faoin margadh é. Ar ndóigh, má tá post agat agus tú in ann íoc as an morgáiste ní fadhb mhór atá ann go bhfuil luach do thí níos lú anois ná an praghas a d'íoc tú air. Ach má tá ort aistriú go háit úr chun post a fháil nó má tá áit chónaithe níos mó uait do do chlann, is cinnte gur fadhb ollmhór atá ann.

Scríobh an Banc Ceannais chuig iasachtóirí morgáiste níos luaithe i mbliana ag moladh scéime chun an cothromas diúltach ar theach a dhíoltar a aistriú go morgáiste ar theach eile. Ag freagairt ceiste dó a chuir Brendan Griffin (FG, Ciarraí Theas) sa Dáil an tseachtain seo caite dúirt an tAire Airgeadais Michael Noonan nach raibh ach líon beag iasachtóirí sásta an scéim a thriail. Cuireadh tús le tréimhse trialach i lár na bliana agus bhí sé i gceist é a mheas ag deireadh na bliana.

De bharr an líon beag gníomhaíochtaí faoin scéim, áfach, ní bheidh an measúnú á dhéanamh go dtí an chéad leath de 2012.

Feachtas ARAN le madraí a shábháil

Katie McGreal

TÁ lucht feachtais ar son ceart d'ainmhithe ag iarraidh ar an bpobal madraí a uchtú ó phóna madraí don Nollaig in ionad iad a cheannach.

Sheol an eagraíocht ARAN (*Animal Rights Action Group*) an feachtas acu chun an smaoineamh seo a chur ina luí ar an bpobal ar Shráid Grafton i mBaile Átha Cliath inné.

Bhí slua ó ARAN taobh amuigh den ionad siopadóireachta ar bharr Shráid Grafton ó 12in inné le comharthaí agus pictiúir d'ainmhithe marbha. Chomh maith leis sin, bhí neart daoine ina luí ar an talamh i málaí coirp le fuil bhréagach.

"Táimid i ndiaidh é a rá leis an bpobal ar bhealach deas leis na blianta ach tá sé soiléir nach bhfuil siad ag éisteacht," a deir John Carmody ó ARAN.

Anuraidh, mharaigh lucht na bpónaí 5,267 madra toisc nach raibh spás ann dóibh ach "creidimid go bhfuil i bhfad



Lucht ARAN ar Sráid Grafton inné. PHOTO MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

níos mó madraí i gceist," a deir John.

"Tá fadhb an easpa dídine ollmhór in Éirinn agus ní bhaineann sé le daoine amháin, baineann sé le hainmhithe freisin," a deir John.

Maraíonn lucht na bpónaí na

madraí atá acu i ndiaidh 5 lá.

Rachaidh ARAN timpeall na tíre leis an bhfeachtas seo. Beidh siad ag dul go dtí na háiteanna leis na rátaí báis is airde sna pónaí madraí sna ceantair sin. Beidh siad i nGailimh, i gCiarraí, i gCorcaigh, i

bPort Láirge, i Luimneach agus i gContae an Chláir, chomh maith le roinnt áiteanna eile. Níl aon dátaí eile socraithe.

Tá tuilleadh eolais faoin bhfeachtas agus faoin ngrúpa ar fáil ar www.aran.ie nó ar an leathanach Facebook atá acu.

SCÉIMEANNA

Foras na Gaeilge

SCÉIMEANNA MAOINITHE 2012

Tá Foras na Gaeilge ag glacadh le hiarratais do na scéimeanna a leanas:

- Scéim - An Ghaeilge sa Phobal
- Scéim um Ábhair Dhátheangacha/Ghaeilge
- Scéim um Chomharthaíocht Dhátheangach/Ghaeilge
- Scéim na gCampáí Samhraidh
- Scéim na nImeachtaí Óige
- Scéim na bhFéilte
- Scéim na gComplachtaí Drámaíochta

TUILLEADH EOLAIS

www.gaeilge.ie/sceimeanna

T: +353 1 639 8400

“Tá an córas fós óg agus tógfaidh sé tamall leis an éifeacht a mheas”

Labhraíonn **Bláthnaid Ní Ghréacháin** ón eagrais Gaelscoileanna ar an tionchar atá ag an ghaelscolaíocht ar an Ghaeilge mar theanga theaghlach.



Ciarán Dunbar

DAR le príomhfheidhmeanach an eagrais Gaelscoileanna, tá “ról fiorthábhachtach” ag gaelscoileanna i gcothú “cumais, measa agus spéise” sa Ghaeilge ach is é ról an Stáit é a chinntiú go leanfar leis an fhás taobh amuigh den scoil.

Deir Bláthnaid Ní Ghréacháin, “Tá ról fiorthábhachtach ag na gaelscoileanna ag cothú cumais, measa agus spéise, ach tá ról ag an Stát chun a chinntiú go leanann an dea-obair lasmuigh den scoil trí na tacaíochtaí agus an t-inf-

reastuchtúr a chur ar fáil do na heagrais atá ag treabhadh an ghoirt chun an fhís seo a fhíorú.

“Is cinnte gur dúshlán é seo,” a deir sí, “rud atá aitheanta sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, a bhfuil d’aidhm aici líon na gcainteoirí / dteaghlach a labhraíonn Gaeilge a mhéadú go suntasach. Beidh gá ar ndóigh leis an infreastuchtúr cuí, buiséad leordhóthanach agus seirbhísí tacaíochta cuí.

“An chéad ról atá ag scoileanna lán-Ghaeilge ná oideachas den scoth a chur ar fáil,” a deir Bláthnaid Ní Ghréacháin, “agus déantar é sin trí chóras an tumoideachais.

“Ceann de na torthaí atá ag an gcóras ná ardchumas sa Ghaeilge a chothú, móide meas agus spéis inti mar

theanga. Is cinnte go dtéann sé sin i bhfeidhm ar pháistí agus iad lasmuigh den scoil ach tá tacaíocht mhór agus infheistíocht de dhíth,” a deir sí.

“Tá scéimeanna ar nós ‘imeachtaí idirscoile’ á reáchtáil againn, mar shampla, a chabhraíonn le páistí an Ghaeilge a nascadh leis an saol sóisialta, cumarsáide lasmuigh de gheataí na scoile, agus is iomaí club óige atá ann agus á mbunú chun páistí a spreagadh i dtreo na Gaeilge ar bhonn sóisialta.

“Cabhraíonn Comhlúadar leo an Ghaeilge a spreagadh mar theanga bhaile.”

Ach an bhfuil sé róluath fós ar rá cé acu a bhí tionchar ag gaelscoileanna ar líon na dteaghlach Gaeilge sa tír nó nach raibh?



Ag seoladh Lámhleabhar Polasaithe agus Nósanna Imeachta d'Ionaid Cúram Leanaí atá curtha le chéile ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta le gairid bhí Steve Ó Cualáin, Údarás na Gaeltachta, Pádraig Ó hAoláin, Cathaoirleach CNNG, an tAire Donnchadha Mac Fhionnlaoich, TD agus Mairéad Mac Con Iomaire, Bainisteoir CNNG. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

“Aontaím lena bhfuil ráite go bhfuil an córas fós óg agus go dtógfaidh sé tamall leis an éifeacht a mheas.

“Léiríonn sé áfach an gá le taighde ar mheon tuismitheoirí i dtaobh oideachais trí mheán na Gaeilge, agus

b’fhéidir meon agus cur chuige teaghlach mar fhoinsé tacaíochta do pháistí/scoileanna,” a deir sí.



Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 cic@iol.ie www.cic.ie

Sladmhargadh na Nollag ón Luan 28 Samhain go hAoine 23 Nollaig

lacáiste 50% ar GACH leabhar atá foilsithe ag CIC!
lacáiste suas le 25% ar gach leabhar eile!
CDs ar €10!

BRONNTANAIS NOLLAG
AR FÁIL AR €20 NÓ NÍOS LÚ

Ceannaigh dearbhán Nollag do chara agus is fiú suas lena dhá oiread é i Sladmhargadh na Nollag.



Rogha leathan leabhair do pháistí ar fáil
www.cic.ie

ANAILÍS

Teanga Bheo nó Teanga Chultúrtha?

Le Ciarán Dunbar

BHÍ neart daoine i dteagmháil leis an nuachtán seo le tamall anuas maidir leis an ábhar ‘tógáil páistí le Gaeilge’ ach ní raibh mórán daoine sásta labhairt ‘ar an taifead’ mar gheall air. Tá dhá rud i gceist. Tá dóchas na nGael sna gaelscoileanna. Tá go leor den tuairim nár cheart an córas sin a cheistiú ar dhóigh ar bith. Munar féidir leis na gaelscoileanna (agus na páistí atá ag freastail orthu) an Ghaeilge a shlánú, sin deireadh leis an Ghaeilge - ní bheidh Gaeil ar bith fágtha.

Pointe intuigthe atá ann, ach ar an ábhar gur díospóireacht trí Ghaeilge i seo, dírithe ar cheist na Gaeilge mar theanga theaghlach, is doiligh a fheiceáil cén drochthionchar a bheadh aici mar dhíospóireacht ar an ghaelscolaíocht i gcoitinne. Is é an dara pointe ná gur ceist “phearsanta” atá ann. Cuireadh an méid sin in iúl dom arís agus arís eile agus ná bíodh amhras ar bith faoi, cuireann sé deireadh leis an díospóireacht i gcónaí.

‘Ní bhaineann sé leatsa,’ an t-aon chiall is féidir liom a bhaint as. Agus tá an ceart acu - ní bhaineann sé liomsa nó le duine ar bith eile cén teanga a labhraítear i dteach ar bith.

Mar sin féin, baineann bás na Gaeilge mar theanga bheo linne mar Ghaeil, mar sin is díospóireacht riachtanach í.

Is iomaí ‘leithscéal’ atá cloiste agam ach tá dhá cheann choitianta ann.

‘Níl Gaeilge ar bith ag mo bhean / m’fhear’ an chéad cheann acu. Tá sé intuigthe, mar sin féin, mäs ‘gníomhaire’ teanga duine agus gan an duine sin a bheith ábalta tábhacht na Gaeilge a chur ina luí ar a c(h)éile féin, tá muid san fhaopach ceart. Is é an dara leithscéal an ceann is coitianta. ‘Caithfidh an rialtas rud éigin a dhéanamh faoi.’ Is doiligh smaoineamh, áfach, ar an dóigh ar féidir leis an rialtas iachall a chur ar dhaoine an Ghaeilge a labhairt lena bpáistí nuair is rud é nach bhfuil siad ag iarraidh a dhéanamh. Is é an fhadhb atá ann, agus an rud nach féidir a shéanadh, nach bhfuil dóthain páistí á dtógáil le Gaeilge chun í a choinneáil beo mar theanga phobail sa Ghaeltacht nó chun í a athbhunú mar theanga phobail sa Ghalltacht.

An tseachtain seo caite sa nuachtán seo, mhaigh Feargal Ó Cuilinn, stiúrthóir Chomhlúadar, “Tá iarscoláirí na scoileanna ag roghnú na gaelscolaíochta dá bpáistí féin seachas Gaeilge a labhairt leo.”

Caithfidh mé a thuairisciú, i mo thaithí féin, gurb é sin an rud atá ag tarlú i mBéal Feirste, áit a raibh fás rábach ar an ghaelscolaíocht le 20 bliain anuas - ach ní léir go raibh fás ar líon na dteaghlach Gaelach dá réir.

Ach an bhfuil an cheist seo ábhartha ar chor ar bith? Tá na gaelscoileanna ag cur scoth oideachais ar fáil dá ndaltaí, níl aon amhras ann faoi sin. An mbaineann ceist na teanga sa bhaile leo ar chor ar bith nó an mbaineann sé sin le heagraíochtaí eile?

Tá gné eile den díospóireacht seo ann. Tá

'Ag tógáil páistí le Gaeilge' - Cruinniú Poiblí

Katie McGreal

PLÉIFEAR tógáil páistí le Gaeilge ag cruinniú atá á eagrú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, Indreabhán, Co. na Gaillimhe amárach, Déardaoin 15 Nollaig ag 8in.

Táthar ag iarraidh díospóireacht a spreagadh maidir leis na dúshláin a bhaineann le páistí a thógáil le Gaeilge agus moltaí a fháil chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Táthar ag súil le plé oscailte ionas gur féidir leis an Roinn moltaí a fháil ó na daoine sin a bhfuil saineolas acu ar an ábhar - na tuismitheoirí atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge. Tuigeann Bertie Ó hAinmhire ón Roinn é seo agus is é sin an fáth go bhfuil an cruinniú seo á eagrú acu. Tá béim ar an nGaeilge a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin mar theanga an teaghlaigh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Sa straitéis, deirtear go dteastaíonn treoir agus comhairle ó theaghlaigh ina labhraíonn na tuismitheoirí Gaeilge faoin gcaoi inar féidir leo a gcuid leanaí a thógáil mar chainteoirí cothroma dátheangacha, go háirithe mura labhraíonn ach tuismitheoir amháin an teanga.

De réir na Straitéise, “Tá fíorthábhacht leis an mbaile, leis

an teaghlach agus leis an gcomharsanacht - an chéim sin d’idirghníomhú neamhfhoirmiúil cainte ó lá go lá idir seantuisítí, tuismitheoirí agus leanaí - ó thaobh an Ghaeilge a choinneáil mar theanga bheo. Is é an teaghlach an chloch choiméil ó thaobh a leithéid de chur ar aghaidh teanga.”

feasacht faoi na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas in obair na n-oibrithe sláinte agus cúraim shóisialta a bhíonn ag obair le teaghlaigh óga.

Tá an Roinn ag iarraidh an deis seo a úsáid chun labhairt le tuismitheoirí agus le caomhnóirí faoi na bealaí is féidir leis an Stát cuidiú leo agus iad ag iarraidh a

Tuairimí Ghuth na Gaeltachta

Creideann Guth na Gaeltachta gur chóir Scéim Labhairt na Gaeilge a chur chun tosaigh mar chuid lárnach den Straitéis 20 Bliain chun tacú leis na teaghlaigh atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht.

Eisíodh an ráiteas seo toisc go bhfuil plé ar siúl faoi láthair ag an Roinn faoin scéim nua a thiocfaidh in áit na seanscéime.

Síleann lucht Ghuth na Gaeltachta go bhfuil an scéim seo criticiúil do thodhchaí na Gaeltachta. Bunaidhm a bhí leis an scéim ná tuismitheoirí Gaeltachta a mhealladh lena gclann a thógáil le Gaeilge sa bhaile.

Níor cuireadh aon rud in áit na seanscéime ó tháinig deireadh léi ag tús na scoilbliana seo, mí Mheán Fómhair 2011.

Sa Straitéis, gealltar níos mó tuisceana faoi dhátheangachas praiticiúil a spreagadh i dtimpeallacht an teaghlaigh chun é a chur chun cinn. Gealltar freisin deiseanna foghlama teanga a shocrú a bheidh dírithe d’fhonn cuidiú le teaghlaigh nach labhraíonn ach tuismitheoir amháin iontu an Ghaeilge. Chomh maith leis sin, cuirfear le

bpáistí a thógáil trí Ghaeilge.

Tá fáilte roimh gach duine a bhfuil spéis acu san ábhar seo agus gur maith leo go mbeadh ionchur acu i gcur i bhfeidhm na Straitéiste 20 Bliain don Ghaeilge.

Táthar ag súil le roinnt cruinnithe eile den chineál céanna a eagrú go luath ar ábhair éagsúla, pleanáil teanga mar shampla.

Torthaí níos fearr ag na gaelscoileanna sa Mhata agus sa Bhéarla

Katie McGreal

BHÍ torthaí níos fearr sa Mhata agus sa Bhéarla sna bunscoileanna lán-Ghaeilge ná sna bunscoileanna lán-Bhéarla, de réir figiúirí a d’fhoilsigh an Foras Taighde ag deireadh na míosa seo caite. Rinneadh taighde ar na bunscoileanna ar fad sa tír agus de réir na dtorthaí sin tá na gaelscoileanna chun tosaigh.

Deir príomhthaidheoir an Fhorais Taighde, an Dr Gerry Sheil, gurb é seo an chéad uair riamh a rinneadh tástálacha ar fhormhór na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar aonad samplach iontu féin sa Bhéarla agus sa Mhata.

Chuir Gaelscoileanna Teo fáilte roimh na torthaí seo a tháinig sna sala ar thaighde an NCE-MSTL (an Lárionad um Shármhaitheas i bhFoghlaim agus Teagasc na Mata agus na hEolaíochta) a léiríonn go bhfuil buntáistí don pháiste ag baint le cur chuige an dátheangachais i bhfoghlaim na Mata in Éirinn.

daoine ann, sa Tuaisceart ar a laghad, atá ag tógáil páistí le Gaeilge gan iad a chur chuig gaelscoil. De réir mo chuid taighde féin a foilsíodh in Nuacht 24 siar in 2009, tá tuairim is 1,000 páiste sa Tuaisceart a bhfuil Gaeilge acu sa bhaile ach is cinnte nach ionann an méad Gaeilge atá á labhairt i ngach cás.

Is léir, áfach, nach bhfuil an-chuid de na páistí sin ag freastal ar ghaelscoil, mar is cinnte dearfa nach bhfuil Gaeilge ón teach ag an cheathrú cuid de na páistí atá ar na gaelscoileanna sa Tuaisceart.

“Gheobhaidh siad Gaeilge sa bhaile,” a deirtear liom arís agus arís eile.


Is iomaí míniú eile a chuala mé ar an scéal seo ach is doiligh gan smaoineamh go mbaineann an drogall seo le caighdeán na Gaeilge sna gaelscoileanna agus leis an fhoghraíocht go háirithe. Chomh maith leis sin, is minic a tógadh ceist faoi thiomantas roinnt de na múinteoirí taobh amuigh de gheataí na scoile. Tá neart ceisteanna ann agus is gann na freagraí. An bhfuil na gaelscoileanna mar atá fóirteanach do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge? An fiú gaelscoileanna ar chor ar bith muna spreagann siad daoine chun glúin úr de Ghaeil a thógáil beag beann ar an ardchaighdeán oideachais atá ar fáil iontu?

Seans gur ceisteanna ciotacha iad seo ach má tá easpa dul chun cinn déanta sa Ghalltacht, agus leis an ghéarchéim teanga sa Ghaeltacht, nár cheart iad a chur sula mbeidh sé rómhall?

Nó an é atá i ndán don Ghaeilge ná í a bheith ina teanga chultúrtha amháin?

Gan í a bheith beo mar theanga phobail agus theaghlaigh, gan í a bheith mar ‘chaitheamh aimsire’ ach oiread, ach mar rud éigin idir eatarthu - ach ní mar chéad teanga labhartha?

Smideadh na Nollag



An féidir liopaí mar atá ag Angelina Jolie a cheannach?



Síle Ní Bhraonáin

Mar aon le chuile dhuine eile sa tír, tá go leor siopadóireachta ar bun agam na laethanta seo. Tá an Nollaig ag déanamh orainn, agus ag déanamh orainn go sciobtha. Ach nuair atá uaim a bheith ag ceannacht do dhaoine eile, nílím ach ag feiceáil rudaí deasa ar mhaithe liom féin. Fiú agus mé istigh i siopa bréagán le gairid, ní raibh uaim ach a bheith i mo ghasúr arís.

An fhadhb is mó atá agamsa sa seol seo ná go dtéann fógraíocht i gcionn go mór orm. Níl ach ar dhuine éigin a insint dom go bhfuil rud éigin thar cionn, is cuma céard é féin, tá mé dhá iarraidh.

Creidim chuile rud maith atá le rá ag duine ar bith faoi earraí nua. Is cuimhin liom agus mé i mo chailín beag ag babhtáil báibóg álainn le col ceathrar liom agus is éard a thug sí dom air ná fáinne - fáinne beag as cáca breac! Sin chomh saonta a bhí mé agus ní mórán níos fearr atá mé anois.

Tá an diabhal orm ag ceannacht táirgí áilleachta agus smididh. Níl orm ach aisteoir cáiliúil a fheiceáil ar an teilifís ag insint dom nach dtiocfaidh lá aoise orm as seo amach má bhainim úsáid as an uachtar frithrochta speisialta seo nó siúd agus - bam! - tá mise istigh sa chathair á cheannacht. Agus a chairde, mo léan, tá an aois ag teacht orm i gcónaí! Ansin mar gheall nach bhfuil an t-uachtar draíochtúil ag obair, caithfidh mé dul agus an smideadh a bhí ar Angelina Jolie a fháil dom féin. Níl mé chomh saonta is go gceapaim go mbeidh mé riamh cosúil léi siúd ach breathnaíonn sí go maith. Arís níl aon smideadh ar domhan chomh maith sin, ach is breá liom táirgí nua a thriail i gcónaí.

Go deimhin is ar smideadh is mó a chaithim mo chuid airgid. Is túisce a cheannóinn béaldath nua ná péire bróg. An t-aon fhaoiseamh atá le fáil agamsa as an gcás nach mise an t-aon duine a bhfuil an galar seo uirthi. Caitear suas le 171 billiún dollar ar fud an domhain in aghaidh na bliana ar tháirgí áilleachta. Agus caitear suas le 63 billiún de sin san Eoraip, a bhuíochas sin do chomhlachtaí fógraíochta atá an-mhaith ag a gcuid oibre. Oibríonn siad an cloigeann ormsa i gcónaí agus ar na milliúin bean eile ar fud an domhain. Ach sin ráite, níl mé ag ceannacht tada dom féin na laethanta seo. Tá mé atá ag súil go mór leis na sladmhargáí a bheidh le fáil i mí Eanáir!

OLLSCOIL NA HÉIREANN, MÁ NUAD



Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG)

Scrúdú C1 TEG (Ardleibhéal 1)

Beidh Scrúdú C1 TEG (Ardleibhéal 1) ar siúl in Ollscoil na hÉireann Má Nuad ar an 27 & 28 Eanáir 2012.

Is é an spriocdháta d'arratais ná an 9 Eanáir 2012.

Tuilleadh eolais ar www.teg.ie nó ó 01 708 6417 / 708 3737.

Dúshlán na Nollag



Páidí Ó Lionáird

Is breá liomsa an Nollaig. Is breá liom gach uile ní faoin Nollaig - fiú cuid den ábharachas a mbítear de shíor ag tabhairt amach faoi - is maith liomsa é. Is maith liom an dea-ghiúmar a chuireann an Nollaig ar dhaoine, an teagmháil sin nach ndéanfaimid don gcuid eile den bhliain, an beannú do strainséirí a dheinimid nuair a bhuaileann ár nguailne le chéile ar an tsráid nó sna siopaí a bhíonn plódaithe le sluaite i mbun cheannachán na Nollag.

De ghnáth, dhearcaimís go bagrach ar na daoine tuatacha seo nach raibh ag faire ar a gcoiscéimeanna tuathalacha.

Tá a fhios agam go mbíonn brú ar dhaoine um Nollaig. Tá a fhios agam go mbíonn go leor teaghlach ar an ngannchuid um Nollaig agus go bhfuil an taoide tar éis tráth go mór do na céadta míle teaghlach ar fud na tíre.

Iad ag iarraidh dul i ngleic leis an síor-shruth leanúnach sin de bhillí a thagann an doras isteach seachtain i ndiaidh seachtaine agus gan na hacmhainní acu len iad a fhreagairt

go sásúil. Easpa airgid, fiachas, crá croí. Baill clainne ar iarraidh thar lear, ar imirce, gan aon dara rogha acu.

Níl na teaghlacha sin ina n-aonar áfach. Agus sinn i ngiorracht scread asail do chéiliúradh na Nollag, is léir go bhfuil easaontas agus crá croí nach beag ag eascairt ó chliarlathas na hEaglaise Caitlicí chomh maith.

Ar éigean go bhfuil coicís ann ó cuireadh leaganacha nua de chodanna lárnacha den aifreann ós comhair ár súl den gcéad uair, codanna a bhí foghlamtha de ghlanmheabhair againn ó bhíomar inár ngarsúin, agus tá aighneas, easaontas agus achrann cothaithe ag na leagnacha nua seo.

Fiú leis an gcéad bheannú ag tús an aifrinn nuair a deireann an sagart, “Go raibh an Tiarna libh.” Níl cead an sean-fhreagra, “Agus leat féin” a ghuí ar an sagart níos mó ach “Agus le do spiorad.” “Éasca go leor,” a déarfá agus tá ach cen fáth an t-athrú ar an gcéad dul síos?

De réir an méid atá léite, cloiste agus feicthe agamsa faoin scéal, tá na hathruithe seo ar fad ar aon dul le haistriúchán nua a deineadh ar na téacsanna aifrinn is seanda dá bhfuil i seilbh na cléire, aistriúcháin atá níos dílse don mbun-leagan faoi mar a thug an dhá aspal déag leo é ó bhord an tSuipeirí Dheiridh ó bhéal Chríost féin? Ní dóigh liom é.

Tá amhras orm faoin tslí go bhfuil an téacs nua seo curtha faoinár mbráid ag an gcliarlathas agus an t-am atá roghnaithe acu len é do



An tAthair Dick Lyng, Gaillimh

dhéanamh. Shílfeá go mbeadh corr-chloch níos mó ar phaidrín na cléire ná foclaíocht an aifrinn?

Is léir nach bhfuil agus cuireann sé seo díomá nach beag ar iliomad dá dtréad ar fud dhomhan labhartha an Bhéarla.

Nár chuala siad faoin ngéarchéim inchreidteachta atá ag a nEaglais?

Nár inis éinne dóibh faoin mbrón atá curtha ar na codanna is leochailí den tsochaí, agus faoin ngortú atá déanta, ag cuid dá ministéirí?

Is léir nár inis d’ainneoin go bhfuil na tuairiscí a foilsíodh le déanaí cáinteach go maith den láimhseáil a dhein cuid de chliarlathas na tíre ins na

cásanna seo.

Nílím i m’aonar áfach maidir le ceistiú ar chliarlathas na hEaglaise Caitlicí. Agus mé ag freastal ar aifreann na nAgaistíneach sa Ghaillimh ar an nDomhnach seo caite, bhí an Sagart Paróiste, Dick Lyng, ag scríobh faoin aighneas atá cothaithe ag na hathruithe seo le coicís anuas - “...breithiúnas na ndaoine ...” a deir sé “...go hiomlán diúltach...”

Lean sé le scríobh go bhfuil an

Tá amhras orm faoin tslí go bhfuil an téacs nua seo curtha faoinár mbráid ag an gcliarlathas agus an t-am atá roghnaithe acu len é do dhéanamh. Shílfeá go mbeadh corr-chloch níos mó ar phaidrín na cléire ná foclaíocht an aifrinn? Is léir nach bhfuil agus cuireann sé seo díomá nach beag ar iliomad dá dtréad ar fud dhomhan labhartha an Bhéarla.

eaglais “...giorranálach agus tach-taithe”... ag an “...gconbhlóidí daon-dhéanta seo...”.

“Clerical Mullahs” a bhronann an tAthair Lyng orthu siúd atá ag iarraidh an soiscéal a “fhuadach” ón ngnáth-thuatach.

Focla láidre iad ar fad. Agus focla

atá ag tabhairt dhúshlán an chliarlathais.

Agus níl an tAthair Lyng ina aonar ag tabhairt dúshlán ach an oiread. Tá a shinsir in Éirinn ina bhun freisin.

Tuairiscíodh i bhfeasachán nuachta de chuid RTÉ ag an deireadh seachtaine gur thug sé dúshlán dóibh siúd a deir gur den chreideamh Caitliceach iad tráth ach atá anois dulta i léig, gur cóir dóibh eirí as ar fad.

Tá teipthe orm ó shin téacs baileach dá ndúirt sé a fháil, é mar pháirt de chlár faisnéise éigin atá le craoladh sula i bhfad ach tá sé ráite aige.

Ar shlí aontaímis leis agus ar shlí eile ní aontaím in aon chor leis.

Tagann focail an amhráin álainn Ghaeilge sin Casadh an tSúgáin chun cuimhne, “Má bhíonn tú liom, bí liom, os comhair an tsaoil”, a chiallaíonn nár cheart dúinn a bheith ag cur i gcéill agus ag freastal ar aifreann i rith na Nollag amháin - cosúil leis an tslí ina mbeannaímid do dhaoine go groiúil um Nollaig amháin.

Ní héinne mise le bheith ag caint, ní mé is rialta ó thaobh tinrimh de agus an tráth seo den bhliain, nár cóir dó a bheith ag fáiltiú roimh dhaoine, bídis i léig nó ná bíodh?

Is ait liom mar sin féin go bhfuil an oiread sin dúshlán á dtabhairt agus á nglacadh ag an gcliarlathas faoi láthair, tráth Aidhbhinte agus tráth a bhfuil na dúshláin is mó riamh le sárú ag an gcliarlathas céanna.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Fennell agus Iosrael i gConamara



Donncha Ó hÉallaithe

Dhá scór bliain ó shin bhí slánú na Gaeltachta á phlé go minic sna meáin chlóite agus roinnt smaointí nua raidiciúla á gcur chun cinn ag Cearta Sibhialta na Gaeltachta agus ag daoine aonair chomh maith.

Is ag Deasún Fennell, a raibh cónaí air i Maoinis, Carna ag an am, a bhí an smaoineamh ba raidiciúla: ‘Iosrael in Iarchonnacht’ a bhunú sa nGaeltacht. Bhí fíis aige go bhféadfaí saol nua-aimseartha a thógáil tré

Ghaeilge, dá mbeadh a dhóthain Gaeilgeoirí sásta bogadh go Conamara. Mar thús theastaigh ceanncheathrú na n-eagras Gaeilge ar fad a aistriú amach as Baile Átha Cliath.

Tógáil stát nua Iosrael a bhí mar inspioráid d’fhís Fennell: na mílte lúdach, le scileanna difriúla, ag teacht ó thíortha éagsúla chun stát nua a chruthú, ina raibh an Eabhras in uachtar.

Bhí daoine sách amhrasach, ní nach ionadh. I litir amháin ar an Irish Times dúradh gur léirigh an smaoineamh a bhí ag Desmond Fennell - Iosrael Nua a thógáil sa Ghaeltacht - gur beag a thuig sé faoi Iosrael, gur thuig sé níos lú faoi Iarthar na hÉireann agus gur faic na ngrást a thuig sé faoi phobal na tuaithe!

Dhá scór bliain ó shin, thug an file iomráiteach Seán Ó Riordáin sonc do Fennell ina cholún rialta san Irish Times. Is cosúil go raibh Ó Riordáin oibrithe le Fennell mar gur mhaslaigh sé Muimhnigh ag seimineár i gCorcaigh agus níos oibrithe fós leis mar gur beag ómóis

a thaispeáin Fennell don obair éachtach a bhí déanta le linn a shaoil ag Seán Ó Riada, gan é ach ráithe curtha faoin gcré.

Irish Times, 11 Nollaig, 1971

Isaiah Iarchonnacht

Seán Ó Riordáin

“Labhair Deasún Fennell ag seimineár i gCorcaigh le déanaí. Fear is sea é nach foláir a mholadh. Tá sé le moladh as labhairt mar chreidmheach i ré seo an díchreidmheach. Tá sé le moladh as fealsúnacht dá chuid féin a shú as a thuiscintí ar chríostaíocht, ar shóisialachas, ar réabhlóidíocht, agus ar iarracht a dhéanamh ar an bhfealsúnacht sin a chur in Iarchonnacht....Tá baol ag bagairt air áfach. Níl ní is fealltaí ná teoiric. Is mairg don té a theanntófaí lena theoiric féin....



Seán Ó Riordáin

Dúirt Fennell i gCorcaigh go bhfuil Cúige Mumhan buirgéiseach, sámh, sásta leis an gcóras, agus dá chomhartha san nach bhfuil aon smaointe nua ag teacht ón Mumhain. Tharlódh an ceart a bheith ag an bhfear. An deabhal an fheadar. Pé acu an bhfuil nó ná fuil mhothaíos ciontach láithreach. Mhothaíos peacaí na Mumhan ar mo cheann. Mhothaíos buirgéiseach, sámh, sásta leis an gcóras agus gan dabht ar uireasa smaointe nua. Go


deimhin mhothaíos fé mar a mhothaíom fadó nuair a labhradh na misinéirí ar chúrsaí geann-naíochta. Nuair a bhíodh deire ráite acu bhíodh náire orm bheith fireann....

Is é atá i gceist ag Fennell dar liom le smaointe nua ná seifteanna nó córais chun stop a chur le meath na Gaeltachta, le meath an phobail, maraon le machnamh nua ar cad is Gaeltacht, cad is pobal....

Thagair sé do Sheán Ó Riada. Ach dúirt sé go raibh sé marbh, á thuirt le fíois go bhfuil deire lena éifeacht anois - rud ná bheadh dá mba fealsúnacht nó teoiric é. Ach bé cúram an Riadaigh dar liom ná an rud a bhí ann roimis sa cheol, sa phobal, san teanga, a thiúrt chun solais, a mhúscailt, a athanamú.....

Pé ar domhan é b’fhearr liomsa athanamú an Riadaigh ná athanamú Fennell. Níl leigheas agam air ach an Riadach a shamhlú le Yogi agus Fennell le Commissar. Ón dtaobh istigh a bhí an Riadach ag athanamú. Ón dtaobh amuigh le húdaráis áitiúla agus a leithéid a bhíonn Fennell ag athanamú...

Eagarfhocal



Scoileanna Beaga Gaeltachta

MUNAR féidir leo teacht aníos le plean chun níos mó daltaí a mhealladh chun na scoile taobh istigh de thrí mhí, druidfear Scoil Mhín na Manrach i nGaeltacht Thír Chonaill.

Shílfeá go mbeadh go leor céille ag na státseirbhísigh chun a thuigbheáil nach gcuideodh an litir bhagartha seo, scríofa i mBéarla -

ní nach ionadh - leis an phróiseas seo.

Níl ach seachtar ar Scoil Mhín na Manrach. Ní féidir a shéanadh gur scoil fíorbheag í ach is í an t-aon scoil í atá ag teagasc go hiomlán trí Ghaeilge i bparóiste ‘Gaeltachta’ an Chlocháin Léith.

Is cás ar leith é seo. Má tá aon bhaol ann go mbrúfar Béarla ar na

páistí seo, ní ceart an scoil a dhruidim, beag beann ar an líon páistí atá ag freastal ar an scoil.

Más féidir leis na scoileanna beaga cabhrú leis an teanga a chaomhnú, caithfear iad a chosaint. Ní féidir praghas a chur ar an Ghaeilge.

Ar ndóigh, tá gach cuma ar an scéal go bhfaighidh cuid mhaith

scoileanna beaga Gaeltachta na litreacha Béarla seo ón Roinn Oideachais sna míonna amach romhainn.

Caithfear a chur in iúl don Roinn go mbíonn luach ar leith ag baint le scoil ó thaobh cúrsaí pobail agus teanga de agus nach féidir linn an luach sin a mheas bunaithe ar ‘spreadsheet’ i mBaile Átha Cliath.

An drochaimsir linn

AGUS an t-eagarfhocal seo á scríobh, ní hamháin go raibh an aimsir go holc, bhí sé contúirteach taobh amuigh.

Rud nádúrtha atá ann ar ndóigh agus ní féidir a bheith ag gearán nó ag súil lena mhalairt agus an geimhreadh ann.

Mar sin féin, is fiú dúinn go léir smaoineamh ar na freagrachtaí atá orainn mar thiománaithe san aimsir seo.

Ba cheart do dhaoine bheith chomh cúramach agus is féidir agus tiomáint chomh mall agus is riachtanach san

aimsir seo.

Ar ndóigh, tá an-fhreagracht ar na húdaráis ag an am seo bliana chomh maith chun na bóithre a choinneáil oscailte agus chomh sábháilte agus is féidir.

Tá muid cleachtaithe leis an

drochaimsir seo le blianta beaga anuas agus faoin am seo ba cheart go mbeadh na húdaráis ábalta í a láimhseáil. Le cúrsaí eacnamaíochta mar atá, is é an rud deireanach atá de dhíth orainn ná na bóithre agus na haerfoirt a bheith dúnta.

LITREACHA chuig an Eagarthóir



Cuirtear litreacha chuig litreacha@gaelsceal.ie. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Cad tá á moladh agaibh?

Eagarthóir, a chara,

Ní aontaím le d'eagarfhocal ná le halt Ain-drias Ó Cathasaigh (16 Samhain). Cad tá á moladh agaibh?, gur cuma le baill AE na rialacha a bhaineann leis an chumann a chaitheamh ar leathtaobh?; gur cuma faoin caiteachas aiféiseach 'sna tíortha sin. Tá oibleagáidí ar gach duine is gach tír. Más rud é go bhfuil deacracht leis sin is féidir an club a fhágáil ach na fiacha a ghlanadh; ar shlí ar bith eile sin an t-anord. Ní maith liom an dearcadh pobalach san eagrán seo. Má glacfar leo bheadh todhchaí na hÉireann tubaisteach.

Le meas ort

Peadar Ó Caiside, Moynehall, Cabhán, Co. an Chabháin

Nár cóir ceist an Coimisinéara Teanga a bheith ar lth 1?

A hEagarthóir Gaelscéal, a chara,

I nGaelscéal an lae inniu (Gaelscéal, 23 Samhain) nár cóir ceist an Coimisinéara Teanga a bheith ar lth 1?

I dtaobh ciníochas nár leagan é ar ciníochas atá á imirt ar lucht na Gaeilge ina dtír dúchasach féin atá ar siúl ag an rialtas i gcás

an Coimisinéir Teanga, ag An Post, ag Stát Seirbhísigh agus údaráis áitiúla gan Ghaeilge?

Fiú san tSeanad inniu chuireadh i gcoinne Seanadóir labhairt as Gaeilge ainneoin córas aistriúcháin bheith ar fáil.

Aithníim go bhfuil ciníochas teangan beo beathach i gcoinne lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn.

Is gá aghaidh a dhíriú ar an fhadhb san. Is mise, Pádraig Ó Máthna

Tuilleadh clár iniúchta atá ag teastáil

A dhuine chóir, Maidir leis an alt “Srian a chur ar iriseoireacht iniúchadh” le Anton Mac Cába (Gaelscéal, 30 Samhain) agus an dream, dar leis, a n-oirfeadh an srian sin leo, luaigh sé ina measc ‘Caitlicigh Coimeádadh’. An gciallaíonn an téarma iad siúd a théann ar Aifreann fós, agus a gcreideann i nDia? Más ea, is amhlaidh go bhfuil a lán acu sa tír go fóill.

‘Sé mo thuairim, mar ‘Chaitliceach coimeáda’ faoi an ‘Prime Time Mission to Prey’ i mí Bealtaine, a rinne tréan-iarracht deá-ainm an Athar Kevin Reynolds a chúilghearradh, gan seans a thabhairt dhó an cúiseamh bréagach a shéanadh, ná gur cheart agus gur chóir fiosrúcháin mionchruinn a dhéanamh ar an scéal, agus an fhirinne a

nochtú.

Agus ‘sé mo thuairim leis, go mbeadh chuile dhuine macánta idir Chatlaigh de gach dath, Protastúnaigh, págánaigh agus srl ar aon fhocal liom - nach díoltas an Prime Time atá uainn nó deir a chur le hiriseoireacht iniúchadh, ina mhaíodh an thas, Mac Cába, ach a mhalairt ar fad. I ndáiríre, tuilleadh clár iniúchta atá ag teastáil. Níl eagla ar dhaoine macánta oiriúint roimh an fhirinne.

Is fuath linn go léir an oiread sea’ droch-úsáid gnéas a rinne sagairt agus eaglaisaigh ar pháistí agus daoine óga - uafás millteanach a chuir déistin agus scanradh orainn, ach, de réir tuairiscí, céatadán rí-bheag, 3% de lucht deire ciontach - an iomarca ar ndóigh san iompar scanallach sin.

B’fhéidir go bhfuil sé thar am an 97% eile a iniúchadh i gcláracha eile Prime Time amach anseo.

Is mise, le mór-mheas Bheia Ní Aodha

Bréag ghlan Enda?

A Dhuine Uasail

Tá tréaslú ag dul dóibh as dearcadh 'eisiach' Eoghain Uí Néill ar óráid an Taoisigh a fhoilsiú (Gaelscéal, 7 Nollaig). Chíor mé na meáin éagsúla i ndiaidh dom bréag ghlan agus béal bán Enda Theline a chluinstin, ach ba é guth d'iriseora an t-aon ghuth a mhothaigh mé a

d'inis an fhirinne: bhí freagracht éigin ar mhuintir na hÉireann as an ghéarchéim.

Maítear gurb é aithint go bhfuil fadhb agat an chéad chéim ar bhealach do leasa . Má leanann muintir na hÉireann de bheith ag lochtú achán dream eile seachas iad féin as an staid ina bhfuil an tír, ní bheidh aon chinnteacht ann nach dtarlóidh na fadhbanna ceannann céanna an chéad uair eile a osclóidh ainmhní andúchasach a bhéal le luachanna dúchasacha Éireannacha a shlo-gadh.

Anois, dá dtabharfadh Eoghan faoin fhiric fhollasach nach cléirigh amháin, mar Éireannaigh, a rinne - agus a dhéanann - mí-úsáid ar pháistí Éireannacha, ba lú cathú a bheadh orm féin teacht ar ais ón scor le halt a scríobh faoin ábhar.

Is mise le meas Philip Cummings Droim Réamoinn, Co Aontroma

Ambasáid Éireann sa Ghearmáin a dhúnadh?

A chara,

De bharr an mhasla a tugadh le déanaí do Dháil Éireann, ar cheart dúinn ár nAmbasáid sa Ghearmáin a dhúnadh?

Beir bua agus beannacht An tAth. Pádraig Ó Cuill, OFM Cap

Fair play do David Cameron!



Eoghan Ó Néill

Fair play do Cameron. Ní thig liom a chreidiúint gur scríobh mé sin. Triailfidh mé arís é. Fair play do Cameron! Is ea, is mise a dúirt. Ach lig dom mo chás a mhíniú.

Ar dhul chun na Bruiséile dó an lá faoi dheireadh chuir David Cameron roimhe cúpla sainchuspóir a bhaint amach.

Bhí sé beartaithe aige a icme féin, uasaicme Shasana, a chosaint.

Mar sin, le breacadh an lae Dé hAoine seo caite d'imir sé an cárta Joker ar son bhaincéirí chathair Londan. Beart den scoth.

Bíonn Tóraithe Shasana riamh dílis dá n-aicme féin agus is amhlaidh do Cameron.

Ach bhí cúiseanna eile aige chun diúltú do Nicolas is Angela.

Na 'bastaird' a thug John Major tráth ar na cúlbinseoirí Coimeádacha sin a chéas é faoin Eoraip ó thús deiridh a sheal in 10 Sráid Downing. Tá Cameron i ndiaidh an dochar a bhaint, go gceann tréimhse cibé, dá chuid 'bastard' féin. Agus le cois na gcúiseanna sin ar fad, gach seans gur thaitin sé le Cameron sonc a thabhairt do 'Johnny Foreigner'.

Cén Tóraithe fuilghormach mar é nach n-éiríonn feargach agus é ag éisteacht leis na heachtrannaigh sin ag bladar i dteanga seachas an Sacs-Bhéarla!

Is mó ná ceo Mhuir nIocht a cheileann Sasana agus mór-roinn na hEorpa ar a chéile.

Mar sin, dar liom féin, is ar na cúiseanna míchearta ar fad a thug Cameron droim láimhe do cheannairí an Aontais. Ach bíodh is nach n-aontóinn leis na cúiseanna go ndearna sé amhlaidh, rinne sé an rud ceart.

Chuir sé ina luí ar an Aontas Eorpach go gcaithfidh siad feidhmiú de réir an daonlathais.

Chuimhnigh sé dóibh go bhfuil cead ag ballstát easaontú.

Agus ar na saolta seo, níl an tAontas cleachtaithe le heasaontóirí.

Na heasaontóirí deireanacha a bhí acu, Papanadreou agus Berlusconi, fuair Angela is Nicolas agus 'na margaí' réidh leo cionn is nár lean siad an soiscéal de réir Bheirlín/Pháras.

Ní bhfaighidh siad réidh le Cameron áfach.

In ainneoin na cainte crua ar fad, ('Bye Bye England' a d'fhógair an nuachtán Gearmánach Das Bild Dé Sathairn seo caite) tabharfar an Bhreatain ar ais isteach sa chuideachta ar ball beag.

Agus gheobhaidh Cameron díbhinn éigin as a bheith trioblóideach.

Is eol don saol anois éileamh agus seasamh na Breataine agus tosóidh an mhargáil dá bharr.

Cad é éileamh na hÉireann?

Níl barúil ag duine ar bith. Níor luaigh Enda aon sainspíoc agus é ag reáchtáil chun na Bruiséile - seachas aidhm theibí le 'leas an náisiúin a chosaint'.

Ní raibh sainspíoc aige. Agus ní raibh teactic aige. Nó is í teactic an rialtais seo ná Éire a bheith ina 'ógfhear cuidsúlach' ag an Aontas seachas ina ghasúr trioblóideach.

Éire a bheith ar an aon eiseamláir amháin san Eoraip de shochaí atá sásta í féin a chéasadh agus a bhochtú ar mhaithe le moladh a fháil ó Nicolas is Angela, Ollie is Chopra.

De rogha ar raic a thógáil sa



David Cameron, Príomh-aire na Breataine sa Bhruiséil an tseachtain seo caite. (AP PHOTO/MICHEL EULER)

Bhruiséil tugaimid €900,000,000 gach cúpla mí do shealbhóirí bannaí na Gearmáine agus na Fraince agus eile.

De rogha ar an fhód a sheasamh i

gcoinne Nicolas seasann Enda an fód i gcoinne Joanne O'Riordan agus déagóirí míchumasacha. I gcoinne cúramóirí agus lucht sainriachtanas. I gcoinne na ndaoine gan dídean.

Agus cén tairbhe dúinn béal bán Enda sa Bhruiséil?

Ag deireadh an chruinniú mullaigh mhaigh Sarkozy go bhfuil sé aontaithe i bprionsabal aon ráta cánach amháin a bheith san Aontas. I mbeagán focal ní fada go bhfaighfidh siad réidh leis an ráta ar leith do cháin chorparáideach in Éirinn.

Beidh níos mó tionchair ná riamh ag an Aontas ar bhuiséid na hÉireann ach ní bheidh cabhair bhreise le fáil

Na heasaontóirí deireanacha a bhí acu, Papanadreou agus Berlusconi, fuair Angela is Nicolas agus 'na margaí' réidh leo cionn is nár lean siad an soiscéal de réir Bheirlín/Pháras. Ní bhfaighidh siad réidh le Cameron áfach.

ón Bhanc Ceannais Eorpach ná 'athstruchtúrú' ar aisíoc fiachais.

Nach iontach an beart a rinne Enda thall!

Bhí fióch troda ar Enda, fearg agus paisean, agus é ag seasamh an fhóid in aghaidh na Vatacáine níos luaithe i mbliana. Cad chuige nach bhfuil sé sásta an fióch céanna a nochtadh agus é ag seasamh an fhóid ar son na hÉireann anois?

Mar nach bhfuil aon chnámh droma ann. Tá Merkel is Sarkozy ag amharc i ndiaidh leas a dtíortha féin a oiread atá aird acu ar leas an Aontais Eorpaigh.

Agus thuigfeadh siad go maith do Enda dá ndéanfadh sé amhlaidh ar son a thíre féin. Ní dhearna agus ní meas acu air dá bharr.

An Taoiseach gaoiseach?



Aindrias Ó Cathasaigh

Seachtain mhór a bhí ag Enda Kenny, gan amhras. Óráid mhórchúiseach leis an náisiún a chur ar an eolas i dtosach. Ansin a chéad cháinainéis, leis an tír a chur ar a cosa aríst. Ar deireadh, turas chun na Bruiséile leis an Euro a thartháil. Is mór an tionadh má tá anáil ar bith fanta sa bhfeir bocht.

Is minic a bhíonn teilifís na Nollag ina hábhar díomá, ach thosaigh sin go

luath i mbliana. Bhreathnaigh 1.2 milliún againn ar a óráid, ach ba lú sin ná lucht féachana an *Late Late Toy Show*, agus b'fhéidir go raibh an ceart ag TV3 tús a thabhairt don *X Factor* uirthi.

"If you are unemployed," ar seisean, "you're one of the many who still can't find work." Ní foláir nó gur mór an faoiseamh do 429,567 duine go dtuigeann sé brí an fhocail dífhostaíocht. An bhfuil sé ródheireanach aige leabhar a thabhairt amach le breith ar mhargadh na Nollag?

An Taoiseach Gaoiseach: Fíricí Fóinteacha le Éanna Ó Cionnaith. Uimhir 1: Ní bhíonn roghanna deacra éasca. Uimhir 2: Níl obair ag daoine dífhostaithe. Uimhir 3: Ní cóir d'uillinn a chur i do chluais...

Ní raibh sé ach ag baint fóidíní, ar ndóigh, ag bogadh na cáinainéis



An Taoiseach Enda Kenny [PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

dúinn. Bhí sí chomh dona sin gur theastaigh beirt leis na builli a thabhairt, dhá lá i ndiaidh a chéile. "You are not responsible for the crisis", arsa Kenny, ach – ar nós ceannaire eile a thug fógra uaidh an tráth seo bliana, más fíor an Bíobla – bhí sé cinnte gurb iad na neamhchiontaigh a d'íocfadh aisti.

Chuir sé an tír i gcosúlacht le gnáth-theaghlach: "We all know that if, in our own lives, we are spending more than we are earning, we have a problem." Ach ní sheasann a shamhail. Más teaghlach í Éire, tá drochathair suarach ag coinneáil an airgid aige féin, gan ach an beagán a ligean lena mhuintir.

Deir banc Credit Suisse, sa tuarascáil is deireanaí aige ar mhaoín an domhain, go bhfuil 47% de mhaoín na hÉireann i lámha 5% den phobal. Cuir i

Feitis shádmhasacach ár bpolaiteoirí



Conall Ó Móráin

Bhí bean neamhaitheanta mar aoi ar chlár raidió Morning Ireland ar RTÉ an lá faoi dheireadh agus í ag trácht ar chinneadh Phríomh-Aire na Breataine, David Cameron, a chúl a chasadh ar an AE agus ar an Euro. Feisire de Pharlaimint na hEorpa, is dóigh liom, an bhean seo agus an t-aon fháth gur fiú í a lua in aon chor ná gur chuir sí ag smaoineamh mé ar an bhfáth gur úsáid RTÉ in aon chor í.

Níor chuir sí le heolas mhuintir an domhain agus ní raibh, mar a tharlaíonn i bhfad rómhinic sna meáin, tuairim in aon chor againn cérbh í.

Ní faoi RTÉ an t-alt seo, ach faoi mo sheanchairde, na polaiteoirí. Bhí an bhean seo (is cuma a hinscne) ar an raidió in Éirinn. Ach ní fios dom cén fáth. Cén fáth gur éirigh sí as a leaba chun labhairt le muintir na hÉireann? Ní muidne a toghthóirí agus, mar a deirim, ní heol dúinn fiú cé hí féin.

N’fheadar an chun a glór féin a chloisint a rinne sí an t-agallamh? Mar sin an pointe, cé chomh cosúil lena chéile atá polaiteoirí an domhain, agus an fonn céanna orthu uilig iad féin a chur sa spotsolas. Níl a fhios agam an dtosnaíonn siad ar fad amach ar an mbóthar céanna, is é sin go bhfuil na lochtanna céanna síceolaíochta iontu go léir go gceapann siad fúthu féin go bhfuil freagraí an tsaoil acu.

Ní fios, ach cinnte is mar sin a chríochnaíonn siad agus iad lánsásta dul ar an aer, aon am in aon chor, agus

ceap magaidh a dhéanamh díobh féin, ar mhaithe le cúig nóiméad poiblíochta. Is dócha, má smaoiním air, gur chun a gcuid tuairimí féin faoin saol a chur i gcrích a lorgaíonn siad ardán chun iad a chraobh-scaoileadh.

Tá an locht sin orthu, más locht atá ann, ó thús - go gceapann siad go bhfuil a fhios acu, go minic gan aon taithí ná traenáil, conas is fearr an tír agus sinne a riaradh.

Má cheapann sibh go bhfuil mé ródhian orthu siúd atá sásta an t-ualach mór seo a ghlacadh ar a gcuid guaillí, breathnaigh ar shuíomh idirlín lead óg, Adam Douglas, a bhí ag an mbord uachtair ag mórchrúinniú na Glasach an deireadh seachtaine seo caite mar gurb é an t-urlabhraí ar chúrsaí iompair, turasóireachta agus spóirt acu é. Tá an chuma air go bhfuil Adam fós ar an ollscoil agus é sásta a thuairimí faoi nithe go bhfuil tábhacht náisiúnta leo a roinnt linn. An ag magadh fúinn atá siad?

Cá mbeadh clár teilifíse Vincent Browne Tonight ar TV3 mura mbeadh Peter Mathews ó Fhine Gael nó Joan Burton ó Pháirtí an Lucht Oibre nó Willie O’Dea Fhianna Fáil sásta dul ar an aer lá i ndiaidh lae chun olc, eagla agus alltacht a chur orainn. Tá ós cionn 200,000 duine sásta bheith ina suí go dtí lár na hoíche anois le breathnú ar VBT, mar a thugtar ar an gclár, agus súil acu ar fad go dtarraingeoidh Browne ár bpolaiteoirí as a chéile, mar a dhéanann sé go mion minic.

Ach fós, téann na polaiteoirí thar n-ais ag lorg léasadh eile uaidh - feitis shádmhasacach de shórt gur maith leo páirt a ghlacadh ann. Ní minic a bhíonn cathaoir fholamh aige sa stiúideo.

Cosúil leis na reiligiúin, ní roghnaím eatarthu, ach cuireann sé ion-



Adam Douglas, An Comhaontas Glas

adh orm go n-éistean daoine leo - mise ina measc ar ndóigh, ach ar a laghad bíonn ormsa é a dhéanamh chun an sórt seo ailt a scríobh. Nach bhfuil duine ar bith in ann comhairle a chur orthu gur binn béal ina thost agus go mb’fhéidir go gceapadh na toghthóirí gur daoine i bhfad níos doimhne agus níos éirimiúla iad mura mbeadh siad le cloisint ar gach féile ghoib?

Ach ar ais chuig mo pholaiteoir Briotanach. Le go mbeadh sí ar Morning Ireland bhí ar an mbean seo glaoch ó thaighdeoir le clár Morning Ireland a fhreagairt i rith an deireadh seachtaine. Ansin d’éirigh sí as a leaba go moch maidin Dé Luain chun an t-agallamh a dhéanamh. Roimh di dul

Cá mbeadh clár teilifíse Vincent Browne Tonight ar TV3 mura mbeadh Peter Mathews ó Fhine Gael nó Joan Burton ó Pháirtí an Lucht Oibre nó Willie O’Dea Fhianna Fáil sásta dul ar an aer lá i ndiaidh lae chun olc, eagla agus alltacht a chur orainn. Tá ós cionn 200,000 duine sásta bheith ina suí go dtí lár na hoíche anois le breathnú ar VBT, mar a thugtar ar an gclár, agus súil acu ar fad go dtarraingeadh Browne ár bpolaiteoirí as a chéile, mar a dhéanann sé go mion minic.

ar an aer, bhí uirthi roinnt taighde a dhéanamh, is dócha, agus b’fhéidir fiú cúpla glaoch gutháin a chur chun a chinntiú go raibh siad ag cur na teachtaireachta polaitíochta cuí in iúl. Seo roinnt de na céimeanna is cosúil a ghlacann beagnach gach aon pholaiteoir ionas gur féidir leo fuaim a nguthanna féin a chloisint. Tá siad dochreidte i mo thuairimse. Agus tá siad ar fad mar a chéile.

Sular chuir mé ‘peann le páipéar’ leis an alt seo a scríobh rinne mé taighde Google (cuirim an méid seo isteach chun bheith ionraic - ní féidir liom bheith ag rá le mo chuid páistí gan bheith ag brath ar Wikipedia má tá mé féin sásta í a úsáid) agus lorg mé liosta scannal polaitíochta sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Bhreatain.

Stop mé ansin mar bhí mo dhóthain feicthe agam. Mar a deirim, is Wikipedia a bhí á úsáid agam agus, dá réir, níl liosta na scannal cuimsitheach, ach glac le m’fhocal, tá dóthain acu i ngach aon tír chun a chruthú nach dócha go mbeidh saol an ghnáthdhuine sa tír seo aon phioc níos fearr faoi riar nó stiúir Bheirlín, Pháras nó London.

Tá sé soiléir nuair a nascann an chumhacht agus airgead gur ansin a chuirtear tús leis an drochobair. Dá réir, ní cóir dúinn glacadh leis, cosúil le caoirigh, gur chun ár leasa é má leagtar síos rialacha nua san Eoraip. Mar atá scríofa go minic agam cheana féin, tá mé go láidir i bhfabhar an Aontais Eorpaigh ach níl mé chomh dúr sin go gceapaim go bhfuil aon difear idir an tsaint agus an fhéinspéis ar fud na Mór-Roinne i measc lucht na cumhachta.

Nuair a deir Enda Kenny linn gur chóir dúinn glacadh le riaradh breise ón mBruiséil nó ó Bheirlín, díreach ceistigh a chuid cúiseanna beartaíochta. Ní bheidh an fhéinspéis rófhada ar shiúl.

gcás go mbainfí an chuid is mó dá bhfáltas de na milliúnaithe seo sa gcáinainéis, ar éigean a d’aireoidís é: bheadh saibhreas déistíneach acu i gcónaí. Ach aireoidh an chuid is mó againn an méid a bhain Howlin is Noonan dinn, agus dá bhoichte muid is amhlaidh is géire é.

I 2006 tháinig 22% de theacht isteach an stáit ó chánacha ar chaipiteal (cáin corparáide, cáin gnóthachan caipitiúil, cáin fáltas caipitiúil) agus 27% ó cháin ioncaim. Anuraidh, dar leis na Coimisinéaraí Ioncaim, níor íoc cánacha caipitil ach 14% den iomlán, agus tháinig 35% ó cháin ioncaim.

Ní fíor go bhfuil chuile dhuine ag déanamh a gcion féin den íobairt is gá. Is é fírinne an scéil go bhfuil an t-ualach dá chaitheamh ar ghuaillí na ngnáthdhaoine, agus tuilleadh de dá aistriú ó

ghuaillí na saibhre i gcónaí.

Níor dearnadh tada leis sin a athrú an tseachtain seo caite. Go deimhin, dúirt Michael Noonan leis an Dáil go bhfuil ráta íseal an cháin corparáide “*sacro-sanct*”. Sea, muis: “*sacro-sanct*”, coisricthe ina ghrásta ó Dhia féin. Tá cead ag Caitlicigh na tíre feoil a ithe Dé hAoine anois, agus fiú freastal ar Choláiste na Tríonóide, ach cuirfear coinnealbhá ar aon duine atá ciontach san ochtú peaca marfach: cáin na saibhre a ardú.

Agus é os comhair an cheamara, ní dheachaigh an Taoiseach ar chúl sceiche lena straitéis: “*As our deficit moves to sustainable levels, investors will start regaining their confidence in Ireland*”. Má bhaintear airgead de sheirbhísí agus den lucht oibre le bancanna an domhain a shásamh, beidh na margái

sásta gurb é a leas siúd atá sa diallait. Má chaitear dóthain airgid i bpócaí na milliúnaithe, seans go dtitfidh euro nó dhó amach ar an talamh dúinn.

Ach céard faoi dhaoine eile a bhfuil a muinín in Éirinn cailte acu? Chomh maith leis na mílte atá imithe thar lear, tá na mílte anseo fós nach léir dóibh go bhfuil tada i ndán ach fulaingt breise ó mhí go mí. Níl aon spreagadh dá thabhairt dóibh siúd, ach súil go mbaileoidh tuilleadh acu leo go ciúin.

An straitéis chéanna atá i réim ar fud na hEorpa, agus thacaigh Kenny le comhaontú a ghéarós uirthi. Cuirfear ceangal bunreachtúil ar stáit a gcaiteachas ar sheirbhísí poiblí a choinneáil faoi bhun céatadán áirid, agus dianphionós mara gcloíonn siad leis. Tuige nach gcuirfear ceangal orthu an difhostaíocht a choinneáil faoi bhun

Deir banc Credit Suisse, sa tuarascáil is deireanaí aige ar mhaoín an domhain, go bhfuil 47% de mhaoín na hÉireann i lámha 5% den phobal. Cuir i gcás go mbainfí an chuid is mó dá bhfáltas de na milliúnaithe seo sa gcáinainéis, ar éigean a d’aireoidís é: bheadh saibhreas déistíneach acu i gcónaí. Ach aireoidh an chuid is mó againn an méid a bhain Howlin is Noonan dinn, agus dá bhoichte muid is amhlaidh is géire é.

céatadán áirid, nó bochtanas páistí? Léiríonn an tslat tomhais seo céard atá tábhachtach do lucht ceannais na hEorpa i ndáiríre.

Ní freagra ar bith é leithleachas rialtas na Breataine, ar ndóigh. Tá comhar ag teastáil san Eoraip, ach ag cosmhuintir na hEorpa, ón Aithin go hÁrainn, ag seasamh ceart dúinn féin in aghaidh lucht airgid na hEorpa, a réabfas tír is talamh lena saibhreas éagórach a chosaint.

Tá an rialtas ar a mine géire ag iarraidh reifreann ar an gcomhaontú seo a sheachaint, guth an phobail a mhúchadh. Ba cheart dúinn vóta a fháil air, ar ndóigh, agus cur ina aghaidh. Seachas tochailt níos faide síos, tá sé in am ag Éirinn agus an Eoraip dreapadh aníos as an bpoll agus treo eile a ghabháil.

IMEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**



Ag seoladh an leabhair agus an taispeántais ealaíne 'Seán Ó Ríordáin: Na Dánta' in Áras Uí Rathaille, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ar an Déardaoin, 8 Nollaig, bhí ó chlé: Pól Ruiséal, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha an Choláiste, Seán Ó Coileáin, Ollamh Emeritus le Nua-Ghaeilge, agus eagarthóir an leabhair, Louis de Paor, Stiúrthóir Ionad an Léinn Éireannaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a sheol an leabhar, Seán Ó Flaithearta, an t-ealaíontóir a tharraing na pictiúirí a bhí ar taispeáint agus atá san áireamh sa leabhar féin, agus Deirdre Ní Thuathail, Bainisteoir Ginearálta Chló Iar-Chonnacht, foilsitheoirí an leabhair.



Tá athchóiriú déanta ar an iomar baiste atá 155 bliain d'aois agus a bhí sa sean-Teach Pobail i nDoirí Beaga. Bheartaigh Sagart Paróiste Ghaorth Dobhair, an Dr. Oirmh. Pádraig Ó Baoighill, an t-iomar a aistriú go dtí an séipéal úr i nDoirí Beaga de bharr na staire a bhaineann leis an tseaneaglais ina raibh an iomar go dtí seo. Sa phictiúr tá an Dr. Oirmh. Pádraig Ó Baoighill i gcuideachata Éamonn McGill, Johnny Boyce agus Seán Brogan, a rinne athchóiriú ar an iomar. PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN



Baill de Chlub Óg-Ógras an Ghleanna ag Oíche Bhabhlála ag 'Bowling Buddies' i dTrá Lí le déanaí. Tá an club lonnaithe sa Ghleann idir Cathair Saidhbhín agus Baile an Sceilg agus tá an club ag fás ó bhliain go bliain.



Aire na Gaeltachta Donnchadh Mac Fhionnlaioch T.D. ag seoladh an irisleabhair 'Achill Link 2012'. Ó chlé: Róisín Uí Mhaolabháil, Eagarthóir an Achill Link, Aire na Gaeltachta Donnchadh Mac Fhionnlaioch TD agus Bríd Áine Uí Dhaibhéid, Comhordaitheoir ar Dhíolacháin agus Fógraíocht. PIC: MICHAEL DONNELLY PHOTOGRAPHY

Ag labhairt ag an seimineár poiblí, 'An Ghaeilge i do Cheantar: Do Theanga, Do Phobal, Do Rogha' i nDún Garbhán le déanaí bhí: Mait Ó Brádaigh, Pleanálaí Teanga, Cabríní De Barra, Comhlucht Forbartha na nDéise, Sorchá Ní Chéilleachair (Cathaoirleach), RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus Pádraig Mac Criostail, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.



An scríbhneoir agus ealaíontóir Gwyneth Uí Ghaora in éineacht le Ciarán Ó Caisín as Ros Muc a fuair duais sa chomórtas ealaíne ag Féile Leabhar Bricíní do dhaoine óga a reáchtáil Pléaráca i Seanscoil Sailearna in Indreabhán ag an deireadh seachtaine.

NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Cathair na Gaillimhe

Margadh na Nollag

Aine Ní Chuaig

TÁ na castáin á róstadh ar an bhFaiche Mhór, áit a bhfuil Margadh na Nollag faoi lán-seol arís i mbliana. Idir na ceathanna báistí agus flich-shneachta, tá slua seasta ag freastal ar an margadh ó d'oscail sé beagnach trí seachtaine ó shin. Tá scuainí gasúr le feiceáil go rialta ag tabhairt cuairte ar Dhaidí na Nollag ina theachín adhmaid.

Reáchtálfar ceardlann déan-túsaíocht laindéarléasacha do ghasúir ag an margadh ar an Aoine beag seo, 16ú Nollaig, ó 5.30-7in.

Tráth na cinniúna do chomhlacht feamainne

Máirtín Ó Catháin

TÁ bainistíocht Údarás na Gaeltachta ag iarraidh go ndéanfaí socrú faoi úinéireacht agus stiúradh an chomhlachta feamainne Arramara Teo. roimh dheireadh Eanáir.

Tuigtear go mbeidh ardbhainistíocht an Údaráis ag cur moltaí faoi bhráid an Bhoird an mhí seo chugainn. Is leis an mBord ag an bpointe sin cinneadh a thógáil.

Is leis an Údarás an comhlacht Arramara Teo. go huile agus go hiomlán anois. Tá sé ar cheann de na comhlachtaí is faide atá i mbun gnó i nGaeltachtaí na hÉireann uilig; thosaigh sé in 1947.

Fuair Údarás na Gaeltachta tairiscintí isteach ó chúpla comhlacht agus lucht gnó ó tugadh le fios níos mo ná bliain ó shin go mbeadh

fonn orthu scaradh le Arramara Teo. Creideann an ardbhainistíocht sna Forbacha go bhfuil sé thar am anois freagra cinnte a thabhairt ar na dreamanna a léirigh spéis sa gcomhlacht.

Táthar ag déanamh machnaimh ar chúpla bealach a bhféadfaí Arramara Teo a láimhseáil sna blianta amach romhainn: é a dhíol amach uilig chuig infheisteoir nua, páirtíocht a eagrú idir an tÚdarás agus dream príobháideach, nó an comhlacht a choinneáil i seilbh Údarás na Gaeltachta uilig. Braitheann an chéad dá rogha - díolachán iomlán agus páirtíocht idir an tÚdarás agus dream príobháideach - ar mheon na n-infheisteoirí freisin.

Tuigtear go bhfuil dhá dhream atá láidir i dtionscal na feamainne

ina measc siúd a bhfuil spéis láidir léirithe acu in Arramara Teo. As Ceanada comhlacht amháin agus as an bhFrainc comhlacht eile acu sin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh suim acu infheistíocht láidir a chur isteach ann muna mbeadh smacht iomlán acu ar an gcomhlacht - nó ar bhunábhar an tionscail...agus sin í an fheamainn.

Tá an chuid sin den mhargadh ag déanamh imní do chuid de chomhaltaí Bhord an Údaráis. Tá cuid mhaith de 200 fear ar chóstaí Chonamara agus Mhaigh Eo ag baint fheamainne ag tráth éicint den bhliain anois agus tá borradh mór tagtha ar an obair sin ó chuaigh tionscal na tógála i léig. Tá ag breith suas ar scór ag obair sa monarcha i gCill Chiaráin.

Creideann ardbhainistíocht

Údarás na Gaeltachta go dteastaíonn athrú treo in Arramara Teo sna blianta amach romhainn; theastódh, a deirtear, díriú ar tháirgí eile a chuirfeadh tuilleadh borrrtha faoin gcomhlacht. Bheifí ag súil go gcuirfeadh sin tuilleadh fostaíochta ar fáil. Níl an t-airgead ag Údarás na Gaeltachta leis an infheistíocht sin a dhéanamh.

Admhaítear gur féidir an tionscal a choinneáil ag imeacht mar atá sé, go ceann roinnt blianta ar chuma ar bith. Ní fheictear do bhainistíocht an Údaráis go dtiocfadh fás ar chúrsaí - a mhalairt b'fhéidir - má coinnítear ag imeacht mar sin.

Cinneadh deacair a bheidh ann do Bhord an Údaráis. Ach is le hAire na Gaeltachta an focal deiridh ach a gcuirfeadh moladh Bhord an Údaráis faoina bhráid san earrach.

Beidh áisitheoir ó Fhoróige ar an láthair le cabhair a thabhairt le dearadh na laindéarléasacha, a úsáidfear sa pharáid mhór an lá dar gcionn i lár na cathrach. Deirtear go mbeidh an pharáid ghalánta ar cheann de bhuaicphointí na Gaillimhe an Nollaig seo. Cuirfear tús leis an bparáid i Sráid na Céibhe ag 5.30in, tiocfaidh sí aníos Sráid na Siopaí agus críochnóidh sí suas ag an margadh féin.

Muna raibh tú ag Margadh na Nollag fós, tapaigh do dheis anois mar níl ach cúig lá eile fágtha. Má tá bronnánais Nollag fós le ceannach agat, tá rogha earraí le fáil ag an mar-

gadh. Tá cábáin ann as 30 tír, ag díol a gcuid ábhar ceardaíochta, bréagán, coinnle, seodra, muigíní agus ornáidí Nollag. Tá plandaí agus bláthanna gleoite le ceannach ann, chomh maith le maisiúcháin tí don Nollaig.

Tá réimse bia éagsúil ar díol ag an margadh. Tá crêpes, corn-dogs, fataí agus ispíní ann agus rogha mhór milseán, seacláide agus cácaí milse. Tá an scailtín fíona ann, a mbíonn an oiread sin de thóir air an t-am seo den bhliain agus tá puball beorach lonnaithe ann freisin.

Tar éis idirbheartaíochta le coiste eagrúcháin an mhargaidh, d'aistrigh

'Occupy Galway' trasna na Faiche Móire go dtí an coirnéal gar do theach ósta Richardson. Is cosúil nach bhfuil an grúpa agóide ag cur isteach ná amach ar mhargadh na Nollag. Táthar ag súil go gcuirfidh an margadh le geilleagar na cathrach arís i mbliana. Thar ceithre seachtaine anuraidh, d'fhreastail suas le 600,000 duine ar an margadh agus thug 130,000 duine cuairt ar chathair na Gaillimhe go speisialta don mhargadh.

Leanfaidh an Margadh ar aghaidh go dtí an Domhnach beag seo, 18ú Nollaig. Tá sé ar oscailt ó 11m - 8in, Luan go Céadaoin, agus Déardaoin go Domhnach ó 10m - 10in.

Beidh an cúrsa ar siúl sa Chuasnóg ar an Spidéal ó 7 - 9in agus labhrófar faoi na feidhmeanna éagsúla a bhaineann le ceamara, na formáidí inar féidir grianghraf a shábháil (JPEG & TIFF), nochtadh, úsáid Aperture agus rialtán luais, leibhéal bán agus úsáid na spleinne. Labhrófar faoi eagarthóireacht ar an bpictiúr freisin. Táthar ag súil le ceardlann deireadh seachtaine a chur ar siúl ag am éigin atá fós le socrú freisin. "Bhí an-éileamh ar an gcúrsa an uair dheireanach a rith muid é agus is dá bharr sin atá sé á chur ar siúl agann arís," a deir Cathy ó Ghréasán na Meán. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó info@greasan-namean.ie.

An Spidéal Cúrsa Grianghraf- adóireachta

Katie McGreal

TÁ Gréasán na Meán ag cur cúrsa grianghrafadóireachta do thosaitheoirí agus do dhaoine a bhfuil eolas éigin acu ar siúl ag deireadh mhí Eanáir. Beidh an cúrsa do thosaitheoirí ar siúl ar an Máirt, 31 Eanáir 2012 agus beidh an cúrsa do dhaoine a bhfuil cúrsa déanta acu cheana ar siúl ar an gCéadaoin, 1 Feabhra 2012.

Múinfidh Martin Maguire an cúrsa. D'oibrigh Martin san earnáil teilifíse ó lár na 90í le roinnt comhlachtaí éagsúla, Eo Teilifís, Telegael, Magma Films, Future Films agus Jim Henson LA ina measc.

Conamara Pleanálaithe fágtha i lár an bhóthair

Máirtín Ó Catháin

DHEIMHNIGH feidhmeannach as Chomhairle Chontae na Gaillimhe gurb é an caomhnú talúna an chúis is mo nár socraíodh go gcuirfí bóthar nua Chonamara ar chúrsa díreach thríd an sliabh as Scrib go Bearna.

Fuair an Chomhairle Chontae agus na saineolaithe atá ag déanamh staidéir ar an bplean don bhóthar nua nach gceadóth údaráis na hEorpa an cúrsa sléibhe. Sin é an cúrsa ba mhó a raibh éileamh ag an bpobal air; ghiortódh sé an aistir go Gaillimh go suntasach ar dhaoine in iarthar Chonamara agus choinneadh sé an



Baill de Choiste Réigiúin Chonnacht/Laighean d'Údarás na Gaeltachta ag déanamh bronnta ar Mháirtín Ó Conghaile, Bainisteoir Réigiúnach an Iarthair d'Údarás na Gaeltachta, atá ag éirí as a chuid cúraimí agus ag dul ar phisean i mí Nollag na bliana seo tar éis dó 32 bliain seirbhíse a chur isteach leis an eagraíocht. Sa phictiúr tá, ó chlé, Ian Mac Aindriú, Treasa Uí Lorcáin, Máirtín féin, Cathal Seoighe, Tadhg Ó Cuinn agus Seosamh Ó Cuaig. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

bóthar go maith ó thuaidh ón Spidéal agus na Forbacha.

Dúirt feidhmeannach ón gComhairle Chontae an tseachtain seo go rabhthas ag déanamh staidéir anois ar na tuairimí a thug Comhairleoirí Contae Chonamara faoi cheist an bhóthair nua le gairid. Níl a fhios ag na feidhmeannaigh agus na hin-nealtóirí fós céard é a chéad bheart eile go díreach; fuairadar scéala soiléir ó Chomhairleoirí Chonamara go mbeadh go leor easaontais ann faoi na cúrsaí atá molta ag an gcomhlacht saineolaithe atá ag plé leis an tionscnamh.

Tá rud amháin, ar a laghad, ag fáil níos soiléire faoin bplean uilig – sin go bhfanfar ar chúrsa an bhóthair atá ann idir Scríb agus Baile na hAbhann. Is é an polasaí atá ann a deir feidhmeannach sa gComhairle Chontae ná go mbeadh an píosa sin bóthair ar an gcaighdeán céanna leis an bpíosa nua bóthair atá déanta i nDoire Liath gar don Chlochán. Scéim phíolótach a bhí inti seo ar an bpríomhbhóthar idir an Clochán agus Gaillimh.

Dúirt an feidhmeannach go gcaithfí tolladh agus trialacha a dhéanamh ar an gcuid sin den bhóthar sa gcaoi agus go mbeadh bunchloch cheart faoi. Chuile sheans go bhfágfadh sin go gcaithfí cuid mhór den bhóthar sin a chartadh aníos agus a leathnú.

Bheadh píosaí eile den bhóthar le díriú; d'fhéadfadh tithe agus gairdíní a bheith buailte ar an mbóthar sna háiteacha is mo a dteastódh an obair sin ar an gcúrsa as Scríb go Baile na hAbhann. Níor dúradh an mbeadh an obair ar an mbóthar atá ann níos costasaí ná píosa bóthair a dhéanamh ar an aicearra sléibhe as Scríb go Baile na hAbhann. Tá an buntáiste ag baint le píosa nua bóthair nach mbíonn an gnáth-thrácht le láimhseáil agus nach gcuirtear aon mhoill ar an obair – agus costas dá réir – dá bharr sin.

An Spidéal

Earraí Nollaig ag an Spailpín Fánach

Áine Ní Chuaig

TÁ'n Spailpín Fánach, siopa atá lonnaithe i gCeardlann an Spidéil, ag tógáil orduithe agus ag seachadadh go dtí an Chéadaoin 21ú Nollaig. Tá bronnantais álainn den Nollaig le fáil sa siopa rathúil, a bhfuil cáil bainte amach acu dá gcuid t-léinte agus geansaithe le ráitis ghreannmhar Ghaeilge.

Thosaigh An Spailpín Fánach i 1979 mar thionscnamh beag chun an Ghaeilge a thabhairt isteach sa nua-aois trí shuaitheantais, greamitheoirí agus T-léinte Ghaeilge a dhearadh agus a chur ar fáil.

Tá cáil bainte amach ag An Spailpín Fánach a bheith chun tosaigh lena gcuid ráitis Ghaeilge roimh aon duine eile. B'iad a chuir na t-léinte 'Is Féidir Linn' ar an margadh ar dtús, tar éis chuair stairiúil Uachtarán na Stáit Aontaithe,



An damhsóir cáiliúil Séamus Ó Dubháin as an Aird Mhóir in Iorras Aithneach ag bualadh cois air in Óstán Chuan Charma oíche Dé Sathairn seo caite ag ócáid cheiliúirthe do bhuaiteoirí áitiúla Oireachtas 2011. B'iad Clann Uí Iarnáin a chuir an ceol spleodrach ar fáil don oíche. PIC: CLARE CASHMAN



"An Cailín Álainn" - Sampla d'earraí ó shiopa An Spailpín Fánach.

Barack Obama, chun na tíre seo.

Chomh maith leis na héadaí do ghasúir agus daoine fásta, tá réimse leathan d'earraí spéisiúla freisin ar díol ann ar nós cártaí, leabhra, comharthaí, dlúthdhioscaí, gallúnach lámhdhéanta agus scairfeanna.

"Bunaíonn muid ár gcuid dearadh ar an dúchas, ar an tseandálaíocht, ar sheanfhocail agus roinnt cartúin fiú," a deir Gearóid Ó Murchú, úinéir an tsiopa. "Is maith linn a cheapadh go bhfuil rud éigin againn do chuile dhuine. Sé'n aidhm atá againn, freastal ar lucht na Gaeilge agus orthu siúd ar mian leo an Ghaeilge a shníomh isteach ina saol laethúil."

Is féidir d'ordú a chuir isteach tríd an suíomh www.spailpin.com nó is féidir glaoch ar an siopa ag 091-553343. Tá an siopa ar oscailt ó Luan go hAoine, 9.00rn – 6.15in agus ar an deireadh seachtaine ó 10.00rn – 6.00in.

LAIGHIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie

Ceatharlach Ócáid Nollag dhátheangach

CUIRFIDH muintir Cheatharlach fáilte roimh chách ag Ócáid Nollag dhátheangach atáthar a eagrú i dTeach Dolmain, Sráid an Tulaigh amárach, Déardaoin 15 Nollaig ag 7.30in.

Beidh filíocht agus ceol, comhrá agus blúiríní blasta sa chlár don oíche agus seolfar an leabhar nua 'Hidden Places: Scáthán Eile' leis an scríbhneoir áitiúil, Deirdre Brennan. Is leabhar filíochta atá ann le dánta i nGaeilge agus i mBéarla.

Is scríbhneoir dátheangach í Deirdre. Scríobh sí filíocht, gearrscéalta agus drámaí cheana, ocht gcnuasach filíochta agus gearrscéalta ina measc.

Bronnfar teastais ar rannpháirtithe na gcúrsaí de chuid Gaelchultúr le linn na hócáide seo freisin.

Leanfar le ciorcal comhrá chomh maith le seisiún ceoil thraidisiúnta le ceoltóirí Theach Dolmain freisin ar an oíche. Tá cead isteach saor in aisce don ócáid.

Grúpa nua Tuismitheoirí agus Leanaí

TOSÓIDH Glór Cheatharlach grúpa nua tuismitheoirí agus leanaí i gCeatharlach i mí Eanáir 2012.

Buailfidh an grúpa dátheangach seo le chéile gach maidin Mháirt ag 9.30in ar feadh dhá uair an chloig in Ionad Pobail Dharach Úir agus cuirfear fáilte roimh thuismitheoirí, sean-tuismitheoirí, feighlithe leanaí agus páistí suas go haois ceithre bliana.

Táthar ag iarraidh cabhair a thabhairt do na daoine fásta lena gcuid Gaeilge agus go mbeadh deis ag na páistí an Ghaeilge a labhairt i suíomh spráitúil agus neamhfhoirmiúil.

"Níl aon rud faoi aois an naíonra ar fáil sa cheantar," a deir Emma ó Ghlor Cheatharlach, a bhunaigh an grúpa, "Tá páistí óga agam féin agus bhí áis mar seo uaim."

Beidh costas €2 ann in aghaidh an lae don tuismitheoir agus páiste chun na costais a clúdach. Cuirfear tae agus caife ar fáil freisin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Emma ar emma@glorcheatharlach.ie nó 085 1340047.

Cill Dara Teastas Eorpach na Gaeilge i Má Nuad

Katie McGreal

CUIRFIDH Ollscoil na hÉireann, Má Nuad scrúdú C1 (Ardleibhéal 1) Teastas Eorpach na Gaeilge ar siúl ag deireadh mhí Eanáir, 27ú agus 28ú, d'éinne atá ag iarraidh cruthúnas a fháil ar a gcuid ardscoilleana teanga.

Caithfidh Gaeilge líofa agus chruinn a bheith ag na hiarrthóirí, chun ardmharc a bhaint amach sa scrúdú.

Ar an gcéad lá, beidh orthu scrúdú cainte a dhéanamh, cur i láthair, gnáthcheisteanna a bhaineann le scrúdú cainte a fhreagairt chomh maith le plé a dhéanamh ar phictiúr nach bhfaca siad riamh.

Ar an dara lá, beidh scrúdú scríofa, léamhthuisceana agus cluastuisceana le déanamh acu chomh maith le scrúdú déanta ag an-chuid daoine go dtí seo, cainteoirí dúchais agus daoine a d'fhoghlaim an Ghaeilge.

Beidh an cháiliúocht seo ina buntáiste do dhaoine atá ag obair leis an nGaeilge nó gur mhaith leo a bheith ag obair le Gaeilge sa todhchaí.

Deir Aisling ó Ionad na dTeangacha san ollscoil go bhfuil an scrúdú déanta ag an-chuid daoine go dtí seo, cainteoirí dúchais agus daoine a d'fhoghlaim an Ghaeilge.

"Rinne fear ó Phoblacht na Seice cheana é agus d'éirigh go maith leis. Fuair sé marc ard," a deir sí.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.teg.ie nó 01-7086417 agus is é an spriocdháta d'iarrais ná 9 Eanáir 2012.

Baile Átha Cliath Praghas páirceála laghdaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath don Nollaig

Katie McGreal

TÁ an praghas páirceála gearrtha ina leath i gCathair Bhaile Átha Cliath má pháirceáiltear ar an mbóthar agus má íoctar le 'Clib Pháirceála' ón gcéad lá den mhí seo go dtí 8 Eanáir.

Ciallaíonn sé sin go mbeadh ar

An-rath ar dhrámaí Gaeilge i mBÁC

Colm Ó Broin

D'ÉIRIGH thar cinn le dhá dhráma Gaeilge a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite. Bhí Gur Eile sa New Theathre díolta amach chuile oíche agus bhí Sétanta in Amharclann na Main-istreach lán go doras ceithre oíche as cúig cinn.

Ó thaobh an lucht féachana de is é Gur Eile an dráma is rathúla a bhí ag Aisteoirí Bulfin ó bunaíodh an grúpa ag deireadh na 1960í.

“Tá muid an-sásta leis sin, seo an chéad uair go raibh muid díolta amach ar fad agus go raibh orainn daoine a chur ó dhoras,” arsa Aodh Ó Domhnaill, údar Gur Eile.

“Bhí an chuma ar an scéal mí ó shin go mbeadh an dá dhráma in iomaíocht lena chéile ach ní shin mar a bhí.”

Geamaireacht do dhaoine fásta atá i nGur Eile ina dtagann beirt ghoraillí go hÉirinn agus é faoi smacht ag an IMF. Tagann Ban-ríon Shasana ar cuairt chomh maith agus seasann sí don Uachtaránacht le linn an scéil.

“An teist a bhíonn ann do gheamaireacht ná an ndéanann an lucht féachana gáire agus is cinnte go ndearna,” arsa Ó Domhnaill, a

rinne aisteoireacht sa dráma chomh maith.

“Fuair muid r-phost deas ó dhuine a dúirt gur dhúisigh sí ag gáire an mhaidin dár gcionn fiú.” Tá moltaí faighte ag Aisteoirí Bulfin go gcuirfí an dráma ar siúl arís ach ní fios go fóill an dtarlóidh sé sin.

Léirigh Fíbín Sétanta, a bhí ar siúl ó Mháirt go Sathairn, sa Phéacóg, ina bhfuil 130 suíochán. Díoladh amach é ceithre oíche agus bhí sé trí cheathrú lán an oíche eile.

Déanann an dráma, a scríobh Paul Mercier agus a léirigh Darach Ó Tuairisg, déanann sé iniúchadh ar chliseadh na sochaí nua-aimseartha trí fhinscéal Setanta agus Ferdia. Baintear úsáid as os cionn 50 masc le linn an dráma.

“Tá muid thar a bheith sásta leis an léiriú,” arsa Ó Tuairisg. Dúirt sé go bhfuil aischothú iontach faighte ón lucht féachana, blagdoirí, lucht Twitter agus léirmheastóirí.

“Tá sé thar a bheith dearfach. Seo rud difriúil dúinn ón ngnáthrud, is drámaí do scoileanna a dhéanann muid go hiondúil.

“Tá súil agam go mbeidh sé ar siúl arís,” ar seisean.

dhaoine €1.45 in aghaidh na huaire a íoc in ionad €2.90 i ngach áit pháirceála íoctha sa chathair.

Deir Gavin Doyle a oibríonn le Parking Tag, “Táimid ag iarraidh cabhair a thabhairt do na gnólachtaí sa chathair.

Le blianta beaga anuas, tá na bailte satailíte i ndiaidh lárionad siopadóireachta a oscailt (a thógann gnó ó na gnólachtaí sa chathair) agus táimid ag iarraidh deis a thabhairt do

na gnólachtaí sa chathair i mbliana.”

Ní úsáidtear airgead tirim chun íoc as páirceáil má tá an chlib seo in úsáid agat. Bíonn greamán barrachóid curtha ar an gcarr agus bíonn an bharrachóid ceangailte le cláruimhir an chairr agus uimhir ghutháin an tiománaí. Nuair a pháirceálann siad in aon áit íoctha sa chathair is féidir leo é a íoc trí ghlaoch gutháin nó téacs a sheoladh.



An 'Baile Bus' [PIC: VICKY GARNETT PHOTOGRAPHY]

Is féidir an t-am páirceála a shíneadh amach trí théacs nó glaoch eile.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.parkingtag.ie nó 0818 300 161.

Baineann lucht ‘frithbhalla’ Cath Chluain Tarbh

Katie McGreal

AR an Luan seo caite, vótáil comhairleoirí Bhaile Átha Cliath i gcoinne an phlean a bhí ag an gComhairle Cathrach i gcoinne tuilte i gceantar Chluain Tarbh sa phríomhchathair.

Le dhá mhí anuas, tá muintir Chluain Tarbh i ndiaidh agóidí agus cruinnithe a eagrú i gcoinne an phlean a bhí ag an gComhairle Cathrach. Bhíodar chun cosaint tuilte i bhfoirm dumha a thógáil idir an phromanáid agus an fharraige sa cheantar agus bhíodar chun píobán uisce a chur faoi.

Bhí muintir na háite buartha go scriosfadh sé an radharc atá acu ón bpromanáid ar chuan Bhaile Átha Cliath agus go dtiocfadh ardú ar iompar aimhleasta sa cheantar dá bharr.

Tá sé ráite ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go ndéanfaidh siad athbhreithniú ar na pleananna agus go gcumfaidh siad plean eile. Deir Kinane Insurances atá lonnaithe i gCluain Tarbh nach gcuirfidh an cinneadh seo isteach go mór ar chostas árachais do thithe sa cheantar.

“Níl na tithe uilig i gCluain Tarbh lonnaithe ar an gcladach agus as na cinn atá ar an gcladach, níl ach cúpla spota ann. Is sórt miotais é,” a deir siad faoin seans go mbeadh tuilte sa cheantar de bharr na farraige.

Ghabh Cumann na nÁitritheoirí Chluain Tarbh buíochas le gach duine, sa cheantar agus taobh amuigh den cheantar, a ghlac páirt san agóid seo agus a thug cabhair dóibh an toradh seo a fháil.



Curadh nua rásaíochta trastíre na hEorpa, Fionnuala Britton ó Chontae Chill Mhantáin ó dhúchas, in Aerfort Bhaile Átha Cliath Dé Luain. Tá Fionnuala 27 bliain d’aois agus is ball í de Chumann Lúthchleasaíochta Chill Chomhghaill.

PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Seomra do Ghaeilgeoirí de dhíth

Katie McGreal

TÁ an Cumann Gaelach agus Aontas na Mac Léinn i gColáiste na Tríonóide i mbun feachtais faoi láthair chun Seomra Caidrimh a bhunú ar an gcampas.

“Tá lárionad do dhaoine atá ag iarraidh Gaeilge a labhairt ag teastáil,” a deir Pádraig Schaler, Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh, “Tá ceann i ngach ollscoil eile in Éirinn, seachas DCU ach ar a laghad tá cúinne acu.”

Tá achainí ar bun acu faoi láthair agus táthar ag súil le hos cionn míle ainm a fháil. Bhí deis ag mic léinn agus foireann na hOllscoile an achainí a shíniú chun a dtacaíocht a léiriú don seomra seo inné agus tá sé curtha ar dhoras an Chumainn, seomra 8 san Atrium, anois má tá aon duine eile ag iarraidh é a shíniú.

Inniu beidh an Parlour, 44 Sráid an Phiarsaigh, oscailte do lucht na Gaeilge ar bhonn sealadach ó 10rn - 4in má tá aon duine ag iarraidh bualadh isteach i gcomhair tae, caife agus brioscaí.

Dúirt Propast na hOllscoile, Patrick Prendergast, go mbeadh Seomra Caidrimh san ollscoil ag am éigin ach ní raibh sé in ann dáta a chinntiú.

'Baile Bus' seolta in Inis Córthaidh

Colm Ó Broin

CUIREADH tús le seirbhís bhus nua in Inis Córthaidh, 'Baile Bus', an tseachtain seo caite. Tá dhá bhus ag freastal ar mhuintir an bhaile mar chuid de thogra a d'fhorbair comhlacht tacsáí áitiúil, Bualadh Bus.

Tá costas €2 do dhaoine fásta agus €1 do pháistí ó 3-16 ar thuras.

Deir úinéir Bualadh Bus, Cathy Keane, go bhfuil gá le seirbhís bhus sa bhaile de bharr líon na gcnoc ard ann, go háirithe.

Bhí Cathy ag forbairt na seirb-

híse le 14 mí anuas. Rinne sí suirbhé i gcomhar leis an mbord fiontraíochta áitiúil chun an t-éileamh ar an mbus a mheas.

Fuair sí iasacht phearsanta ó bhanc le déanaí rud a lig di an tseirbhís a thosú.

“Tá aisfhreagra den scoth faighte againn ó phobal an bhaile ó thosaigh an tseirbhís agus tá dhá oiread na bpaisinéirí faighte againn sa dara seachtain.”

Is as Cathair na Gaillimhe ó dhúchas do Cathy Keane agus bhog sí go hInis Córthaidh in 2007. Tá roinnt Gaeilge aici agus is maith léi í a úsáid ina gnó.

Tosaíonn Bealach 1 ag 8.00rn ó Theach Altranais Castle Gardens agus stopann sé ag áiteanna ar nós Ascaill Gimont, Cé na Sionna, Sráid Pharnell, Bóthar na Clochar agus tá an stad deireanach ag Mile House Cross. Téann Bealach 2 ó Radharc Daphney go Sráid Naomh Pádraig, Teach Tábhairne Doyles, an tSráid Ghaelach, Séipéal Naomh Seanán agus amach go Teach Altranais Castle Gardens.

Tá cúig thuras ar an dá bhealach i rith an lae, ó 8.00rn go 5.00in ar Bhealach 1 agus ó 8.15rn go 5.00in ar Bhealach 2.

MUMHAIN
NUACHT

 Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca
Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Dialann Mhóire
Seolta

SEOLADH iris na Nollag Chomharchumann Dhún Chaoin, nó níos cirte ‘Dialann Mhóire’, ag dinnéar bliantúil an pharóiste i dTig Áine ar an nGráig Dé Sathairn seo caite. Bhí ardoíche ag cách. Tá an iris snasta dea-scríte le pictiúirí deasa. Cé go bhfuil mórtas orthu gur thug ceathrar ón bparóiste duaiseanna leo ón Oireachtas i gCill Airne, is ábhar mór bróin go bhfuair duine den mbeirt mhúinteoirí sa scoil ansúd, Áine Ní Shé Uí Dhúgáin, bás i rith na bliana agus gan í ach a dó is daichead blianta. Maireann a céile Jan agus cúigear páistí. Fuair a máthair bás i dtaisme ní ró-fhada roimis sin. Tá an príomhoide a bhí sa scoil, Máirín Ní Bhroin Uí Thuama, tar éis dul ar scor agus tá Máire Ní Mhaoileoin ón nGráig ceaptha ina Príomhoide. Tá Máire Áine Ní Laoithe ceapaithe mar an dara múinteoir. Bhronn Cathaoirleach an Chomharchumainn, Seán Ó Cinnéide, pictiúr ar Mháirín Ní Bhroin thar ceann pháistí na scoile agus seoladh dlúthdhiosca ar obair na scoile don mbliain 2010. Is iad Áine Uí Dhúbh-láine agus Daryl Broe a dhein an obair.

Is scéal eile truamhéalach an slad a dhein an díle uisce ar an bparóiste ar 23 Deireadh Fomhair. Is iad Baile Ícín, Baile an Ghleanna, Baile an Bhiocáire agus Com Dhíneol is mó a bhí thíos leis. Is baolach ná fuil dada le fáil fós leis na bóithre atá scriosta ar fad a shocrú agus tá an Comharchumann ag iarraidh teacht ar sheift éigin le teacht i gcabhair orthu siúd atá sáinithe.

Chosnódh sé breis agus €6,000 crut éigin a chur ar na bóithre áise atá scriosta. Léirítear san iris daonra an pharóiste ó 1841 go dtí 2006. Bhí daonra 1,394 sa pharóiste sa bhliain 1841 ach sa bhliain 1851 bhí san titithe go 722. Tá daonra an lae inniu beagán fé bhun 200. Tá go leor eile inti.

An Clár

Oíche Scéalaíochta Cois Tine sa Bhoireann

Áine Ní Chuaig

Reáchtálfar oíche scéalaíochta cois tine sa Bhoireann i gContae an Chláir anocht ag 8.30in. Is i Halla Pobail an Tobair a bheidh an ócáid ar siúl, áit atá lonnaithe ar an taobh thoir den Bhoireann. Is iad Burren-Beo atá i mbun eagrú na hoíche, carthanacht dheonach atá ag feidhmiú chun tírdhreach uathúil an Bhoireann a shábháil agus a chosaint.

Bunaíodh BurrenBeo trí bliana ó shin agus tá siad lonnaithe i gCinn Mhara. Cuireann siad eolas agus oideachas ar fáil faoi thírdhreach speisialta an Bhoireann. Tá sé mar aidhm acu léiriú do dhaoine meas a bheith acu ar an gceantar álainn mór thimpeall agus tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach is fearr chun é chaomhnú.

“Tá os cionn 550 ball, 3000 sín-tiúsóir agus 120 oibrithe deonach againn,” a deir Brigid Barry, comhordaitheoir le BurrenBeo. “Ní fhaigheann muid aon bunchistiú. Maireann muid ar dheontais, urraíocht agus tacaíocht ó na baili.”

Is é Eugene Lambe a chuirfidh tús leis an oíche scéalaíochta cois tine anocht. Is ceoltóir, amhránaí, bádóir agus déantóir uirlise ceoil é, as Baile Átha Cliath ó thús, atá ina chónaí i dtuaisceart an Chláir le blianta fada anois. Tá suim mhór aige i mbéaloideas an cheantair agus tá roinnt mhaith seanchais bailithe aige thar na blianta.

Deir sé gur mór an trua nach



Eugene Lambe

bhfuil traidisiún scéalaíochta an Chláir chomh bríomhar is a bhí san am atá caite. “Bhí sé láidir go leor fadó nuair a bhí daoine ag dul ag cuartaíocht ó theach go teach ach chuir an teilifís ruaig ar an scéalaíocht,” a deir Eugene.

Eagraítear seisiúin amhránaíochta ó am go ham ach anocht, is air ar na scéalta a bheidh an bhéim. “Tá mé chun fis téip a thaispeáint ina bhfuil Paddy Phádraig Mhicheál (Paddy Shan-

non), atá cailte le blianta anuas, ag scéalaíocht,” a deir Eugene. “Seisean an duine deireanach i gCo. an Chláir a bhí Gaeilge ón gcli-abhán aige.” Deir Eugene nach bhfuil mórán cainteoirí Ghaeilge faraor fágtha sa cheantar, seachas é féin agus comharsan béal dorais leis. Beidh fáilte roimh aon duine gur mhaith leo páirt a ghlacadh san ócáid, tríd scéal a insint, amhrán a rá, píosa ceoil a sheinnt nó cúpla steip dhamhsa a dhéanamh. Ach ní

mhór go mbeadh blas na Boirinne ar do rogha! Beidh fáilte mhór roimh éisteoirí freisin. Beidh saor chead isteach ag baill BurrenBeo agus beidh costas €5 ar gach duine eile.

“Más mian le haon duine blaisíní bia Nollaig a thabhairt leo chuig an ócáid le roinnt, beidh céad míle fáilte rompu,” a deir Brigid Barry ó BurrenBeo. Tá eolas faoin eagraíocht le fáil anseo: www.burrenbeo.com

Uacht €30,000 fachta ag Cumann Caide na Gaeltachta

NUAIR a bhuailfidh baill Chumann Caide na Gaeltachta le chéile ar an Satharn seo chugainn le cúrsaí na bliana a phlé, beidh sé le feiscint gur fhág fear ón nDaingean €30,000 ag an gcumann ina uacht. Fuair Ciarán Ó Cléirigh bás cúpla bliain ó shoin agus bhí ráflaí éagsúla ann san am go raibh airgead fágtha le huacht aige ag cumainn dheonacha sa cheantar, go mór mhór cumainn CLG.

Measann an colún seo go mbeadh suas le €200,000 fágtha ag Ciarán, a fhormhór ag CLG. Cé gur rún é, n’fheadar cén fáth, tuigtear go mbeadh timpeall €100,000 i gceist i gcás Chumann Caide an Daingin agus suas le €15,000 le fáil ag cumann tarrthála áitiúil.

Fear mór caide ba ea Ciarán i rith a shaoil agus sna blianta deireanacha dá m’fhéidir in aon chor é, bheadh sé féin agus sean-chara, Paidí ‘Bán’ Ó Brosnacháin, an peileadóir cáiliúil ón nDaingean, i

bPáirc an Chrócaigh ag na cluichí ceannais.

Fear mór grinn agus cleachtan ba ea Ciarán. Mar ba dhual athar dó, a bhí ar dhuine acu siúd a sheas go laidir leis an dteanga sna blianta siar amach, nuair a bhí formhór an tsaoil luaite leis an mBéarla, bhí spreang an-náisiúnach i gCiarán.

An tríú dochtúir Gaelach ar lár

TÁ triúr dochtúirí a bhí ag obair sa Daingean le blianta fada tar éis bháis le cúpla bliain, Fionnbarra Ó Sé, Micheál Ó Fionnáin agus Séamus Ó Brosnacháin. Bhí an chéad bheirt sna caogaidí. Bhí an triúr an-Ghaelach. Ar an Satharn seo caite a fuair an Dr Séamus, fear mór i saol na caide i gCiarraí, bás. Bhí sé in aois a dó is cheithre fichid. Bhí a dó agus daichead blianta caite aige sa Daingean. Bhuaigh an Dr Séamus, gurbh ó Mhaigh Mheán i dTuaisceart Chiarraí dó ó dhúchas, trí bhonn sin-sir caide le Ciarraí, 1953, ’55 agus ’59. Bhuaigh sé dhá bhonn Sigerson 1952 agus ’53 agus ainmníodh ar fhoire-

ann an chéid Sigerson é. Sa líne lán-tosach is mó a d’imir an Brosnachánach agus bhí sé an-chruinn ina aimsiú agus an-cheannasach ina imirt. Chaith sé blianta maith ina chathaoirleach ar Bhord Chiarraí de CLG agus thuill sé cáil mar fhear gnímh.

Bhí ócáid mhór ina onóir sa Daingean nuair a shrois sé na cheithre fichid. Ba é Tomás Ó Cruaioidh Fear an Tí ar an lá agus bhí daoine mar Sheán Ó Néill agus Maurice Hayes tagtha aduaidh ón nDún agus iliomad réalt caide ó cheithre chúinne na tíre.

Fear an-lách geanúil ba ea an Dr Séamus ach cé gurbh é an leigheas a shlí bheatha, déarfai leat nár chuaigh uair an chloig dá shaol thairis ná raibh rud éigin le rá aige fé chaid. Ní raibh aon teora leis an ngrá agus an meas a bhí aige ar ‘imreoirí maithe’ caide.

Ba dhual athar dó a bheith go maith chun caide óir ba réalt a athair Con chomh maith. Bhuaigh a athair sé bhonn uile-Éireann le Ciarraí. Is mó peileadóir agus lúthchleasaí a fuair comhairle ón nDr Séamus Ó Brosnacháin i leith spóirt agus sláinte.

Níor fhág sé othar riamh de ló ná d’oíche gan freastal a deirtear go forleathan. Bhí na sluaite i láthair ar an

Máirt seo caite nuair a cuireadh a chorp i gcré na cille i reilig Naomh Breandán.

Maireann a bhean chéile Cití, triúr clainne, an Dr Conchúr, Barra agus Seán agus deartháir Jerry. Solas na bua agus na glóire ag a anam geanúil Gaelach.

Lón bóthair i gClochán Bhréanainn

I MBIALANN Uí Chonchúir i gClochán Bhréanainn a bhí a lón bliantúil ag Cumann Siúlóide an Daingin, ar an nDomhnach seo caite. Bhí slua breá ann a bhí tar éis siúlóid cúpla uair an chloig a chur díobh. Dúirt an Cathaoirleach, Berní Feirtéar, go mba dhea-chomhartha é go raibh méadú mór ar an líon a bhí ag an lón i mbliana ó anuiridh. Ghabh sí buíochas le gach duine atá bainteach leis an gcumann, le muin-tir an tí, agus bhí sí ag súil go mbeadh gach duine a bhí i láthair réitithe le idir chnoic, shléibhte, mhaingeannta, bhóithre agus trán-na a thabhairt orthu féin sa bhliain romhainn.

Fíf agus Droma an Daingin ag dul go Basel na hEilbhéise

TÁ cuireadh fachta ag Banna Fíf agus Droma an Daingin go dtí Féile na mBannaí Fíf agus Droma i mBasel na hEilbhéise, mí Feabhra seo chughainn. Bhí banna ceoil seo an Daingin ag an ócáid neamh-ghnáthach seo cheana.

Tosnaíonn na bannaí ceoil ag máirseáil agus ag bualadh ceoil ar a ceathair a chlog ar maidin agus leanann san go dtí a naoi um thráth-nóna.

Tá scata Éireann bannaí sa réigiún úd, go mór mhór ar an mbaile, ach leanann rialacha dochta an mháirseáil agus ní bhíonn cead na dromaí a thabhairt amach ar na sráideanna ach aon lá amháin sa bhliain, is é sin lá na máirseála. Leanann beagán den ndrabhlás lá na máirseála.

Ghlac ceann de na bannaí seo as Basel páirt i bhFéile na Bealtaine 2011, agus tá cúpla duine acu ag teacht chun an Daingin chun dul amach ‘Lá an Dreoilín’, le Dreoilín Shráid Eoin.

Buaiteoirí an Oireachtais le chéile ar an Daingean

Tháinig buaiteoirí i gcomórtais an Oireachtais le chéile i Lab na Main-istreach sa Daingean ar an Aoine seo caite agus chuireadar taispeántas taitneamhach ar fáil.

Dúirt Máire Uí Shíthigh, Stiúrthóir Oidhreacht Chorca Dhuibhne, go raibh an- tráthnóna cuideachta acu. "Bhíodar go léir go diail agus bhain gach aon duine sult agus sásamh as," ar sí.

File an Túirín Dubh foilsithe i leabhar cuimhneacháin

Seán Ó Loingsigh

I MÍ Feabhra anuraidh bhí muintir Bhéal Átha ’n Ghaorthaidh agus an pobal i gcoitinne i Múscraí faoi bhrón nuair a cailleadh Micheál Ó Duinnín ón dTúirín Dubh i dtimp-iste oibre sa bhforaois i Réidh na nDoirí.

Fear leagtha crann, file, agus fear mór rothaíochta ab ea Micheál Ó Duinnín. Bhí sé de bhua aige véarsaí a chumadh faoi eachtraí an tsaoil i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh, i mBéarla agus as Gaelainn.

Tá dánta Mhichíl foilsithe ag a mhuintir sa chnuasach ‘*The Wordsmith of Túirín Dubh*’, agus ceil-iúradh dá shaol a bhí ann nuair a d’fhrestail 200 duine ar sheoladh an leabhair in Áras Chumann Peile

Bhéal Átha ’n Ghaorthaidh.

“Tugann sé an-sólás don gclann go bhfuil an líon so daoine anso anocht,” a dúirt a dheartháir Tadhg Ó Duinnín. “Táimid chun Micheál a cheiliúradh, a dhánta a cheiliúradh, agus muintir na háite chomh maith.”

Chuir Tadhg síos ar an éagsúlacht ábhair atá sa chnuasach de 50 dán a roghnaíodh don leabhar, cinn as Gaeilge ina measc, agus mhínigh sé gur véarsaí agus insintí iad atá le haithris os ard mar a dheineadh Micheál go minic ag imeachtaí áitiúla. Tá leabhar Mhichíl foilsithe ar mhaithe le hairgead a bhailiú d’eagraíocht an Cope Foundation, agus chuir a dheirfiúr Máire Long síos ar obair na heagraíochta a chabhraíonn le leanaí agus le daoine fásta go mbíonn míchumas orthu.

D’imigh iníon óg Mháire agus neacht Mhichíl - Liadh - ar shlí na firinne sé seachtaine tar éis a bháis.

B’é a chomhleacaí oibre, an t-amhránaí Dónal ‘Sledge’ Mac Cárthaigh ó Bhaile Bhúirne, atá mar ábhar i gceann des na dánta grinn, a sheol an leabhar go hoifigiúil, agus


chuir duine d’eagarthóirí an leabhair, an staraí áitiúil Seán Ó Súilleabháin, síos ar an ábhar a cuireadh le chéile le cabhair a chomheagarthóirí Siobhán Uí Scannláin agus Angela Uí Chróinín.

Go tráthúil, tá dán dar teideal ‘An Fhuinneog’ faoin Nollaig sa leabhar - “Tá buachaill beag ag fuinneog mhór ag comhaireamh síos nóiméad ’s uair; tá stocaí crochta ag bun a leabaigh, iad folamh, ag feitheamh le Daddy na Nollag.”

B’é cara eile le Micheál, an t-amhránaí agus an ceoltóir Caoimhín Ó Drisceoil, a thug an teideal don leabhar, ‘The Wordsmith of Túirín Dubh’, amhrán a chum Caoimhín in ómós do Mhicheál, agus a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an slua nuair a chan sé é ag an ócáid sheolta i dteannta a iníne óig Caoimhe a bhí á thionlacan ar an gconsairtín.

Ag tagairt don slua mór agus do chumas cumadóireachta Mhichíl, dúirt Caoimhín:

“Taispeánann sé an meas a bhí ag an bpobal ar Mhicheál - do thóg sé smaoineamh beag amháin agus do rinne sé draíocht as.”



An t-amhránaí Dónal Mac Cárthaigh a sheol an leabhar filíochta ‘The Wordsmith of Túirín Dubh’, leis an bhfile Micheál Ó Duinnín, a dheartháir Tadhg Ó Duinnín, agus an t-eagarthóir Seán Ó Súilleabháin ag an ócáid seolta in Áras Chumann Peile Bhéal Átha an Ghaorthaidh. PIC: Ó LOINGSIGH



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaeilsceal.ie

Béal Feirste Fear Gaelach cailte ag aois an-óg

Katie McGreal

FUAIR duine de bhunaitheoirí ‘Fhóram na nÓg’, gréasán do chlubanna óige Gaeilge sna Sé Chontae, Máirtín Ó Dochartaigh, bás go tobann an tseachtain seo caite.

D’oibrigh sé go crua ag cur na Gaeilge chun cinn i measc na ndaoine óga. Chabhraigh Máirtín le bunú Chlub Óige Mhachaire Bóthain freisin, ceann de na chéad chlubanna óige i mBéal Feirste.

“Is club mór agus éifeachtach é anois,” a deir Ciarán Mac Giolla Bhéin ó Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste, “Rinne sé an-obair ar fad (ar son na Gaeilge do dhaoine óga).”

B’as iarthar Bhéal Feirste ó dhúchas é Máirtín ach bhí cónaí air le roinnt blianta anuas i dtuaisceart na cathrach. Chuir Máirtín suim sa Ghaeilge nuair a bhí a pháistí ag freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Bheartaigh sé féin agus a bhean an Ghaeilge a fhoghlaim agus d’fhreastail siad ar ranganna Gaeilge san oíche agus bhíodar líofa sa Ghaeilge ina dhiaidh sin. Ní raibh Máirtín ach 43 bliain d’aois nuair a fuair sé bás agus d’fhág sé triúr páiste, Ciarán, Dónall agus Aoife, ina dhiaidh chomh maith lena bhean chéile, Jill. Bhí an tór-ramh ar siúl ar an Satharn seo caite ó Theach Pobail Sacred Heart ar Bhóthar na Seanpháirce i dtuaisceart Bhéal Feirste.

Doire Litreacha i nGaeilge ó Dhaidí na Nollag

Katie McGreal

TÁ Comhairle Cathrach Dhoire ag iarraidh ar pháistí litreacha a scríobh chuig Daidí na Nollag i nGaeilge

Taifeadtaí cáiliúla cartlainne ar Cheolta Mhúscraí

Seán Ó Loingsigh

AG Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin i gCúil Aodha sheol Príomhfheidhmeannach Gael Linn, Antoine Ó Coileáin, dlúthcheirnín nua le taifeadadh cartlainne de cheathar de mhór-amhránaithe Mhúscraí.

Ceolta Mhúscraí atá mar theideal ar an ndlúthcheirnín ar a bhfuil na hamhránaithe Diarmuid Ó Súilleabháin agus Seán Ó Liatháin, chomh maith le Máire Ní Cheocháin Uí Chruaílaí ó Bhaile an Chollaigh agus ó Chúil Aodha ó dhúchas, agus an t-amhránaí Seán Ó Síocháin ó Chill na Martra, iar-

Rúnaí Ginearálta Chumann Lúthchleas Gael a d’imigh ar shlí na firinne in 1997.

Meastar gurb í seo an chéad uair d’amhráin Uí Shíocháin a bheith ar fáil ar dhlúthdhiosca - eisíodh an taifeadadh so cheana ar fhad-cheirnín LP in 1960, leis an Síochánach ar thaobh amháin agus an t-amhránaí agus aisteoir Martin Dempsey ar an dtaobh eile.

Bhíodh Seán Ó Síocháin mar fhear a’ tí don gclár Fleadh Cheoil an Raidió le Seán Ó Riada agus Ceoltóirí Chualann, agus tá traic ar an ndlúthcheirnín Ceolta Mhúscraí ar a bhfuil an Riadach ag seinnt taifeadadh cáiliúil de cheol an

amhráin Aisling Gheal ar an bpi-anó.

Bhí Seán Ó Riada mar léiritheoir don dtaifeadadh de laoch an Oireachtais Máire Ní Cheocháin a deineadh in 1960 agus ba in 1972 a taifeadadh Diarmuid Ó Súilleabháin agus Seán Ó Liatháin, tráth go raibh cáil orthu beirt mar amhránaithe leis an ngrúpa Ceoltóirí Laighean. Níor eisíodh na taifeadtaí den dtriúr a bhí sa chartlann ag Gael Linn riamh cheana.

Ag an ócáid seolta a bhí ar bun ag oscailt oifigiúil na hÉigse sheol an t-amhránaí Seán Ó Liatháin dlúthcheirnín dubailte atá eisithe ag Acadamh Fódhla, agus ar a

bhfuil taifeadtaí cartlainne dá uncail Peáití Thaidhg Pheig Ó Tuama ó Chúil Aodha, amhránaí go raibh tionchar mór aige ar ‘Johnny’ agus ar a chomhleacaí Diarmuid Ó Súilleabháin.

Ba é an ceoltóir Tomás Ó Canainn a sheol an Éigse go hoifigiúil in Áras Éamonn Mac Suibhne.

“Ag smaoineamh ar Dhairmuidín, bhí beirt ana-thábhachtach ina shaol - a athair (Maidhc) dar ndóigh ar dtúis, ach ansin Pádraig Ó Tuama (Peáití Thaidhg Pheig) agus Seán Eoin Ó Súilleabháin, agus thug sé an-traidisiún uathu san,” a dúirt Tomás.

800 i láthair ag cruinniú ar thodhchaí Otharlann Pobail Leifir

Danny Brown

BHÍ níos mó ná 800 duine i láthair in Ionad Pobail Leifir Dé hAoine seo a chuaigh thart le plé a dhéanamh ar thodhchaí Otharlann Pobail Leifir. Tá an bhagairt ann go ndruidfí an otharlann faoi théarmaí an bhuiséid is déanaí agus na ciorruithe úra atá fógartha ag an rialtas agus imní agus fearg ar mhuintir Dhún na nGall le feiceáil go soiléir i rith na hoíche.

Ní hé gnáth-mhuintir na háite amháin a bhí ag an chruinniú; bhí Teachtaí Dála agus Comhairleoirí Contae ann fosta agus labhair achan duine acu amach ar son an otharlann a choinneáil oscailte.

Rinneadh tagairt in achan óráid don stair atá leis an otharlann agus an leas a rinne sí don phobal, ag dul siar 212 bliain ó cuireadh tús léi. Luaigh cainteoir i ndiaidh cainteora an tuarascáil dhearfach a fuair an otharlann ó HIQA ar na mallaibh ach d’admhaigh bunús na gcainteoirí gur dócha gur cás cúirte a bheadh de dhíth leis an otharlann a choinneáil oscailte. D’inis Piaras Ó

Dochartaigh don scaifte go raibh eagla air nach mbeadh an rialtas sásta €40 milliún d’infheistíocht a dhéanamh in otharlanna pobail sa chontae roimh 2015 lena gcoinneáil ag gabháil agus gur ceist náisiúnta a bhí ann a chuaigh níos leithne ná Otharlann Leifir amháin.

Bhí Aire na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, i láthair ag an chruinniú fosta agus, cé gur thug sé iomlán tacaíochta don fheachtas lena coinneáil oscailte, ní raibh sé in ann gealltanais ar bith a thabhairt go mbeadh an t-airgead ar fáil ag an rialtas leis an tseirbhís riachtanach a choinneáil ag gabháil. Labhair Thomas Pringle (Neamhspleách) ar an méid airgid a íocadh isteach sa chóras sláinte príobháideach agus dúirt go ndéanadh sé difear mór dá mbeadh sé uilig ag dul isteach sa chóras poiblí.

Ach bhí achan duine, gan eisceacht, a d’fhreastail ar an chruinniú cinnte de go ndéanadh siad a ndícheall an otharlann a shábháil le go dtiocfadh léi seirbhís cheart a sholáthar do mhuintir Dhún na nGall.

roimh amárach, Déardaoin, 15 Nollaig agus gheobhaidh siad freagra as Gaeilge. Déan cinnte go bhfuil ainm an pháiste agus seoladh baile nó scoile an pháiste scríofa go soiléir ar an litir agus cuir an cód poist leis ionas nach mbeadh díomá ar aon duine. Cuir na litreacha sa bhosca poist speisialta faoin Chránn Nollag ar Chearnóg an Ghildhalla (Halla na Cathrach) roimh an dáta thuas. Freisin, is féidir litreacha a sheoladh go díreach chuig an Chomhairle Cathrach, 98 Bóthar na Trá, Doire, BT48 7NN nó is féidir iad a thabhairt isteach chuig an Chomhairle Cathrach de láimh.

Gheall an Chomhairle Cathrach go bhfaighidh gach páiste freagra i nGaeilge ó Dhaidí na Nollag, ach tá sé oscailte do pháistí i nGaelscoileanna i nDoire amháin faoi láthair.

Gradam buaite ag Doire

Katie McGreal

BHRONN The Academy of Urbanism an gradam ‘An Baile Mór is Fearr’ sa Bhreatain agus in Éirinn’ ar chathair Dhoire i mbliana. Thug siad an gradam go dtí an chathair ag Bronnadh na nGradam Uirbeachais 2012 a bhí ar siúl ag Covent Garden an mhí seo caite. Aithníonn an gradam seo na timpeallachtaí uirbeacha is fearr, is seasmaí nó is mó feabhas i gcaitheamh na bliana sin.

Ghlac Leas-Mhéara na Comhairle Cathrach, an Comhairleoir Caoimhín Mac Cathmhaoil, leis an duais agus

dúirt sé, “Seo toradh den scoth don chathair seo. Thar ceann mhuintir Dhoire ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Acadamh as an ghradam seo a bhronnadh ar an chathair.”

I rith an phróisis ghearrliostaithe, d’éirigh le Doire an lámh in uachtar a fháil ar Bury St Edmunds, Suffolk agus Totnes, Devon sa chatagóir ‘An Baile Mór is Fearr’.

An Dún Teipeann ar bheirt Aontachtaí vótáil go treibheach

Anton Mac Cába

TÁ an DUP ar Chomhairle Ceantair Dhroichead na Banna ag cáineadh beirt Aontachtaí Ultacha (UUP) as staonadh i vóta ar chomharthaí bóthair Gaeilge. Mhol Sinn Féin go mbeadh comharthaí Gaeilge in áiteanna mar a vótáilfeadh 66% den phobal ar a son.

Staoan an bheirt ón UUP, Joan Baird agus Olive Mercer, sa vóta, i gcoiste Comhairle. Sa phreas áitiúil, dúirt an Comhairleoir Mercer gur staon sí mar go dtiocfadh le diúltú stop a chur le comharthaí sráide Ultaise. Dúirt urlabhraí ón DUP go raibh ar an bheirt vóta a chaitheamh “in a manner the Unionist electorate

would expect” nuair a thiocfadh an cheist chuig an Chomhairle. Rith an DUP rún gur Béarla amháin a bheadh ar chomharthaí sa cheantar.

Dúirt an Comhairleoir Paul Gribben ó Shinn Féin gur tháinig áitritheoirí chuige ag iarraidh comharthaí ina gceantair.

“Táimid chun seo a throid,” ar seisean. “Labhair mé le múinteoir Ultaise, go raibh díomá uirthi nár aithin an Chomhairle Gaeilge ná Ultais.”

Aontroim Ainmhithe faoi ionsaí

Katie McGreal

TÁ Comhairle Buirge Aontroma ag iarraidh go gcoimeádfaidh úinéirí madraí sa chontae smacht ar a madraí agus nach ligfidh siad dóibh cur isteach ar bheostoc fheirmeoirí an chontae, ba, caora agus capaill san áireamh. Le déanaí, bhí neart eachtraí inar ionsaigh madraí beostoc i bhfeirmeacha sa cheantar. Deir Comhairle Buirge Aontroma go bhfuil an locht ar na húinéirí mar ligeann siad na madraí saor agus iad ag siúl leo nó ní bhíonn siad ceangailte i gceart agus iad sa bhaile.

Tá cead ag feirmeoirí urchar a chur in aon ainmhí atá ag cur isteach ar a mbeostoc ach, go hiondúil, ní thagann siad in am chun an t-ionsaí a stopadh. Bíonn eagla an domhain ar na hainmhithe i rith an ionsaithe agus d’fhéadfadh siad a bheith gortaithe go dona freisin. Bheadh ar úinéir an mhadra íoc as aon damáiste a dhéanann a madra. Is féidir pionós suas le £1000 a ghearradh orthu freisin, má éiríonn leo úinéir an mhadra a aimsiú agus tá seans go ngearrfar taifead coiriúil orthu freisin.



Seoladh an dlúthdhiosca carthanachta 'Le Cuidiú Dé' i Rann na Feirste oíche Dé Sathairn seo caite. Ina suí ó chlé: Eileen Ní Bhaoill, Caoimhe Nic Conchoille, Maighréad Uí Anluain agus Siobhán McDonald. Ar chúl ó chlé: Michelle Ní Ghrianna, Ian Mc Donald, Réiltín Ní Chnáimhsí, Pat ‘The Cope’ Ó Gallchóir, Gráinne Nic Géidigh agus David Alcorn. PIC: EOIN MC GARVEY



Maighréad Uí Ghrianna in éindí lena triúr iníneacha - Siobhán, Laura agus Maighread - ag seoladh an dlúthdhiosca carthanachta 'Le Cuidiú Dé' i Rann na Feirste oíche Dé Sathairn seo caite. PIC: EOIN MC GARVEY

Na Rosa Litir Béarla faighte ag an t-aon bhunscoil i bParóiste an Chlocháin Leith ag rá leo go bhfuil siad i mbaol druidte

Danny Brown

TÁ litir ghearáin scríofa ag scoil bheag Ghaeltachta chuig an Choimisinéir Teanga mar go bhfuair siad litir ón Roinn Oideachais a rá go gcaithfidh siad teacht aníos le plan le cur leis an líon daltaí taobh istigh de 3 mhí nó an scoil a dhruidim.

Tá seachtar girseacha ag freastal ar Scoil Mhín na Manrach sna Rosa i nGaeltacht Dhún na nGall agus múinteoir amháin ag teagasc inti.

Bhí a fhios ag lucht bainistíochta na scoile go raibh sí i mbaol a druidte ach chuir sé iontas an domhain orthu nuair a fuair siad an drochscéala as Béarla.

Níl ann ach trí bliana ó caitheadh €400,000 ar an scoil a dheisiú agus is í Mín na Manrach, an t-aon bhunscoil i bParóiste an Chlocháin Léith ina ndéantar an teagasc uilig as Gaeilge.

Dúirt duine de na tuismitheoirí nach raibh siad sásta ar chor ar bith leis an chinneadh, ná leis an dóigh ar cuireadh an cinneadh sin in iúl don scoil, i litir i mBéarla.

“Ní orainne amháin atá an bhróg ag teannadh,” a dúirt sí, “ach ar scoltacha beaga ar fud na Gaeltachta.”

Tá cruinnithe beartaithe anois i gceantair eile Ghaeltachta leis an pholasaí seo agus impleachtaí na moltaí deireadh a chur le COGG a

phlé. Bunaíodh an scoil 100 bliain ó shin agus bhí an t-údar clúiteach Séamus Ó Grianna ina mhúinteoir inti ar feadh tréimhse.

Níl ann ach seacht seachtaine ó rinne an scoil ceiliúradh ar a céad bliain ag freastal ar an phobal sna cnoic os cionn Loch an Iúir agus bhí scaifte mór ann don oíche mhór inar lainseáladh leabhar ar stair na scoile.

I measc na ndaoine a bhí i láthair an oíche sin, bhí Donncha Mac Fhionnghaile, Aire na Gaeltachta.

Mhol sé an scoil go hard agus dúirt sé go raibh súil aige go mairfeadh sí céad bliain eile.

Anois tá deireadh le teacht leis an scoil bheag chlúiteach.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.guelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

GAEILGE- ARDTEISTIMÉIREACHT 2012 LE MÍCHEÁL Ó RUAIRC

Ceapadóireacht - Alt Nuachtáin/Irise

Léigh tú alt i nuachtán le déanaí ar an ábhar **‘Éire - Tír na Naomh is na n-Ollamh.’** Cheap tú nach raibh ciall ar bith leis an alt sin. Scríobh an freagra a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin ar an ábhar sin.

‘Fadó, fadó ní raibh Éire mar atá sí anois.’ B’in mar a thosaigh leabhar staire a bhí in úsáid sna bunscoileanna i lár an chéid seo caite. Pé duine a scríobh an leabhar staire sin, bhí sé soiléir go raibh dearcadh idéalach aige ar Éirinn agus ar stair na tíre seo. Tráth dá raibh bhí íomhá idéalach ar Éirinn mar ‘tír na naomh is na n-ollamh’. Bhí clú agus cáil ar Éirinn i gcéin is i gcóngar mar thír naofa léannta agus mar thír ina raibh an Chríostaíocht agus an fhoghlaím chun tosaigh inti.

Ní mar sin d’Éirinn an lae inniu. Ní ‘tír na naomh is na n-ollamh’ í níos mó, faraor. Tá Éire athraithe go huile is go hiomlán le caoga bliain anuas. Tá na scannail san Eaglais Chaitliceach tar éis dul i bhfeidhm go mór ar an eaglais Chaitliceach sa tír seo. Chroith siad an Eaglais ó bhonn aníos. D’athraigh siad íomhá na heaglaise i súile an phobail. Tá drochíomhá ag an Eaglais Chaitliceach ar fud an domhain agus tógfaidh sé tamall fada uirthi an meas sin a athghabháil arís.

Mar an gcéanna leis na scannail sa saol poiblí. Tráth dá raibh bhíodh an-mheas ag gnáthdhaoine ar pholaiteoirí agus ar dhaoine mór-le -rá i saol na hÉireann. Níl an dearcadh sin coitianta níos mó. Chuir na scannail sna bainc agus an cúlú eacnamaíochta fearg ar a lán daoine. Feictear don phobal i gcoitinne um an dtaca seo go bhfuil an-chuid de na polaiteoirí truaillithe is nach bhfuil ar siúl acu

ach ag iarraidh iad féin a dhéanamh saibhir. Cuireann an chaimiléireacht seo uafás ar an bpobal agus loiteann sé íomhá na hÉireann ar scála domhanda.

Bhíomar an-tugtha don ábharachas sa tír seo le blianta beaga anuas. Mhúscaíl an Tíogar Ceilteach fonn san airgead agus sa dul chun cinn ionainn go léir, is baolach. Tá an chuid spioradálta dár saol múchta ar fad, geall leis. Cuirimid an-suim go deo i nithe saolta is tá fealsúnacht na beatha agus an daonnacht shéimh tréigthe againn. An dála céanna maidir leis an gcarthanacht agus an fhéile. Ní féidir a rá a thuilleadh, dar liom, go bhfuil muintir na tíre seo fial ná flaitiúil ná carthanach. Is beag fáilte a chuirtear roimh theifigh agus roimh dhaoine gan dídean a thagann chugainn ag lorg bheith istigh.

Cad faoi chúrsaí léinn? Bhuel, is dócha go bhfuil ainm in airde fós ar Éirinn mar thír a chleachtann na healaíona. Tá aos ealaíon den scoth againn sa tír seo agus is Éireannaigh iad na filí agus na scríbhneoirí is fearr dá bhfuil ar fud na cruinne.

Ní gá iad a lua, ach nuair a smaoiníonn tú ar leithéidí James Joyce, W.B. Yeats, J.M. Synge, Edna Ó Brien, Máirtín Ó Direáin, Seán Ó Ríordáin, Máirtín Ó Cadhain, Roddy Doyle, Brien Friel agus daoine eile nach iad, is féidir a rá le cinnteacht nach bhfuilimid gann ar fhilí ná ar scríbhneoirí.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom a rá nach tír na naomh is na n-ollamh í Éire níos mó, ach nach gá dúinn a bheith éadóchasach mar gheall air sin. Ach caithfimid a bheith macánta ina thaobh mar sin féin.

An Cúrsa Ainmnithe Próis - An Gnáthrud le Déirdre Ní Ghrianna

**“Is gearrscéal dorch, foréigneach, fuilteach é an gearrscéal ‘An Gnáthrud.’
An ráiteas sin a phlé.**

Aontaím go huile is go hiomlán leis an ráiteas thuas. Ráiteas fíor atá ann, dar liom. Tá an chéad chuid den scéal suite i dteach tábhairne i mBéal Feirste. Oíche Dé hAoine atá ann agus tá Jimmy ag bualadh lena chairde le haghaidh pionta. Ní bheadh sé ann in aon chor murach gur chuir a bhean chéile, Sarah, brú air dul amach agus bualadh lena chairde. B’fhearr go mór le Jimmy a bheith sa bhaile ina teannta agus i dteannta a bpáistí. Mhothaigh sé ciontach gan a bheith sa bhaile ag cabhrú le Sarah aire a thabhairt do na páistí. Níor thuig sé in aon chor cad chuige nach raibh na fir eile sa teach tábhairne ag iarraidh dul abhaile cosúil leis.

Nuair a d’fhág sé an teach tábhairne d’athraigh atmaisféar an scéil. Bhí sé dorch agus fuar. Nuair a chuaigh sé isteach sa bhialann Shíneach, an Jasmine Palace, bhí grúpa déagóirí istigh ann agus iad ar meisce. Braithimid go bhfuil teannas san aer agus go bhféadfadh troid tarlúint. Ach ní raibh Jimmy ag lorg troda agus thug sé cúpla pingin airgid do dhuine de na fir óga seo. Bhain na déagóirí úsáid as caint shalach, ghránna, ghnéasach agus iad ag labhairt lena chéile.



Nuair a d’fhág Jimmy an Jasmine Palace thug sé faoi deara go raibh sé éirithe an-fhuar. Chuir sé an mála bia laistigh dá chasóg chun é a choinneáil te. Ach ansin gan choinne scaoileadh urchar leis as carr gan solas a bhí ag dul thar bráid. Baineadh leath an chloiginn de Jimmy agus thit sé fuar marbh ar thaobh na sráide. Bhí fuil a chinn ag úscadh as agus ag meascadh leis an mbia te a bhí díreach cean-naithe aige.

Ar an ábhar sin, is fíor a rá gur gearrscéal dorch, fuilteach, foréigneach é an scéal seo.

Podchraolta 2012 le Comhar na Múinteoirí Gaeilge



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

Éist le podchraolta bunaithe ar ábhar úsáideach don bhéaltriail ar shuíomh oideachais Gaelscéal ag www.oideachas.guelsceal.ie. Éist le sampla de chuntas ar Shraith Phictiúr 1, Ardteist 2012, le cuntas ar an gcúlú eacnamaíochta agus le cuntas faoin teicneolaíocht i mo shaol.



Gaelscéal AR SCOIL
www.oideachas.guelsceal.ie

Na bígí gan FORLIONADH oideachais
GAELSCÉAL AN SCOILBHUIAIN SEO!
Tá NEART ábhair ar fáil atá ÚSÁIDEACH
i RANGANNA GAEILGE, OSSP, OSPS
agus sa gairmthreorach



Glac síntiús anois trí theagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag caroline.nichualain@guelsceal.ie /091-897766

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.guelsceal.ie



Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

GAEILGE- TEASTAS SÓISEARACH 2012 LE MÍCHEÁL Ó RUAIRC

Páipéar 2 - Ceist 1 - Prós Liteartha

Oíche Nollag i dtigh Jimín

Oíche Nollag bhí an-saol againn. Fuaireas féin agus Cáit dhá thornap mhóra agus bhaineamar a leath díobh, agus ansin chuireamar poll síos iontu chun na coinnle a chur ina seasamh iontu. Ansin shámar craobha beaga cuilinn i ngach tornap acu, agus chuir Cáit páipéar timpeall orthu. Bhíodar go gleoite, a dhuine, agus lasamar iad sular tháinig an oíche in aon chor; ach mhúch Mam arís iad.

Istoiche chuir mo Mham prátaí agus iasc ar an mbord chugainn, ach ambaice níor itheas féin ná Cáit aon phioc de mar bhí a fhios againn go raibh rudaí eile le teacht. I gceann tamaill tharraing Mam isteach an ciste mór breac agus ghearr sí dúinn é agus agus dhein sí tae. Agus fuaireamar dhá úll uaithi.

Bhí sé déanach nuair a chuamar a chodladh an oíche sin mar bhí Mam ag ullmhú na gé i gcomhair lae Nollag. Bhain sí amach a raibh istigh inti agus nigh agus ghlan í agus ansin líon sí arís í le prátaí brúite agus oinniúin agus piobar agus im agus salann agus rudaí eile agus dhein sí é a dhingeadh isteach inti. Ansin fuair sí snáthad agus d'fhuair sí í. Bhíos féin agus Cáit ag faire uirthi.

Maidin Lae Nollag chuaigh Cáit agus mo mháthair go dtí an chéad Aifreann. Bhíos féin agus Daid i mbun an tí. An fhaid a bhí Daid ag crú na mbó chuas-sa ag féachaint ar na rudaí go léir a bhí sa chupard. Thógas úll agus líonas póca liom le rísíní, agus bhí smut den bhairín breac ann gearrtha agus chuireas chugam é sin, leis.

(as Jimín leis an Seabhac - Seoda an tSeabhaic)

Ceisteanna (iad ar comharc)

A (Buntuisicint)

Ceist 1

- Cad a rinne Jimín agus Cáit leis an tornap? (Dhá phointe)
- Cad chuige nár ith siad na prátaí agus iasc?
- Cad a rinne Jimín faid a bhí a Dhaid ag crú na mbó ar Maidin Lae Nollag? (Dhá phointe)

B (Léirthuisicint ghinearálta)

- Cad chuige, dar leat, gur mhúch Mam na coinnle a bhí lasta ag Jimín agus Cáit?
- "Bhí sé déanach nuair a chuamar a chodladh an oíche sin mar bhí Mam ag ullmhú na gé i gcomhair na Nollag."
- Conas mar a d'ullmhaigh Mam an ghé? (Dhá phointe)
- Ar thaitin an sliocht seo leat? Cuir fáthanna le do thuairim. (Is leor dhá fháth.)



www.oideachas.guelsceal.ie

Léamhthuisicint

Téigh chuig suíomh oideachais Gaelscéal chun cleachtaí léamhthuisceana a fháil bunaithe ar ailt nuachta a bhí in Gaelscéal. Tá cleachtaí léamhthuisceana ann atá feiliúnach don Ardteistiméireacht agus don Teastas Sóisearach.

Cúinne na Gramadaí 13: An Tuiséal Ginideach

Úsáidtear an Tuiséal Ginideach:

- Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, bíonn an tarna ceann sa Tuiséal Ginideach (go háirithe nuair is úinéireacht a bhíonn i gceist).

Samplaí

an teach	-	cúl an tí
an bhean	-	cos na mná
Seán	-	mac Sheáin
Ó Conaill	-	Sráid Uí Chonaill

- Nuair a bhíonn ainmfhocal faoi réir ag Ainm Briathartha:

Samplaí

an chistin	-	ag glanadh na cistine
an doras	-	ag dúnadh an dorais
fear	-	ag marú na bhfear
bean	-	Sliabh na mBan

- Ar lorg chun, trasna, timpeall, cois etc.

Samplaí

an fharraige	-	chun na farraige
na tonnta	-	trasna na dtionnta
an áit	-	timpeall na háite
abhainn	-	cois abhann

- Ar lorg na réamhfhocal comhshuite: in aice, os comhair, tar éis, i rith etc.

Samplaí

an tine	-	in aice na tine
an fhuinneog	-	os comhair na fuinneoige
seachtain	-	tar éis seachtaine
an samhradh	-	i rith an tsamhraidh

- N.B.**
- Is é 'an' foirm an ailt sa Tuiséal Ginideach, Uatha, firinsneach, m.sh., an cat - súile *an* chait; an t-éan - ag marú an éin.
 - Is é 'na' foirm an ailt sa Tuiséal Ginideach, Uatha, baininsneach, m.sh., an bhróg - iall *na* bróige; an tsráid - trasna *na* sráide.
 - Cuireann an t-alt (an) seimhiú ('h') ar thúschonsan ainmfhocail (mura d, t, s a bhíonn i gceist) sa Ghinideach, Uatha, firinsneach, m.sh., an capall - cos an chapaill; an manach - lámh an *m*hanaigh.
 - Ní athraítear guta. m.sh., an t-asal - cos an *asail*; an t-iasc - boladh an *éisc*.
 - Cuireann an t-alt (na) 'h' roimh ainmfhocal dar tús guta sa Tuiséal Ginideach, Uatha, baininsneach, m.sh., an oíche - lár na *h*oíche; an áit - timpeall na *h*áite, etc.

Cleachtaí

Aithris nó scríobh gan lúibíní an fhoirm cheart de na habairtí seo a leanas:

- Tá Carraig (na Fir) i gCorcaigh.
- Bhí sé ag ól (deoch) agus ag ithe (úll).
- Chuaigh siad chun (an trá) inné.
- Shuigh sé síos in aice (an doras) agus lig sé a scíth.
- Bhí doras (an teach) briste.
- Tá Seán ag freastal ar Choláiste (Pádraig).
- Thit sí ina codladh i lár (an lá).

Freagraí do CnaG 12

- Briseadh (ii) Fuarthas (iii) Thabharfaí (iv) Déantar (v) Díolfar (vi) fágadh
- Tógfar (viii) óltar ... buailtear (ix) Rinneadh (x) Táthar.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelisceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

OSSP - MAOIRSEACHT



Imeoidh go leor cineálacha ainmhithe agus plandaí in éag de bharr téamh domhanda.

Tá sé d'fhreagracht orainn aire a thabhairt don domhan ar son na glúine atá amach romhainn. Is ionann an timpeallacht agus gach rud atá timpeall orainn, an t-aer, an talamh agus an t-uisce. Tá tionchar ollmhór ag ár nós maireachtála ar an timpeallacht. Sa lá atá inniu ann tá an timpeallacht faoi go leor bagairtí agus caithfidh muidne mar shaoránaigh ghníomhacha cúnamh a thabhairt an timpeallacht a fheabhsú agus a chaomhnú. Is féidir linn mar dhaoine aonair, mar phobail agus mar náisiúin oibriú le chéile chun céimeanna a thógáil chun aire a thabhairt dár dtimpeallacht.

Téamh Domhanda

Is é téamh domhanda ceann de na bagairtí is mó ar ár dtimpeallacht. Tarlaíonn téamh domhanda nuair a scaoiltear gáis cheaptha teas isteach san atmaisféar. Coinníonn na gáis teas istigh agus feidhmíonn na gáis cheaptha teas mar bhlaincéad timpeall ar an domhan. Is é is mó gáis cheaptha teasa a tháirgeann muid is é is teo a bheidh an domhan. Glaoitear an

iarmhairt cheaptha teasa air seo. Is é dé-ocsaíd charbóin an príomhghás cheaptha teasa. Tá téamh domhanda ag athrú aeráide i bpobail ar fud an domhain.

Cén tionchar atá ag téamh domhanda ar ár bpláinéad?

- Leánn na caidhpeanna polacha agus tagann ardú ar leibhéal na farraige. Tarlaíonn tuilte ansin in áiteanna ina bhfuil talamh íseal.
- Méadú ar stoirmeacha.
- Méadú ar thriomach. Gan uisce ní bheidh plandaí in ann fás, ní bheidh ainmhithe in ann maireachtáil agus ní bheidh aon bhia ag daoine chun maireachtáil.
- Tar éis triomaigh tarlaíonn ocras agus gorta.
- Mar a éiríonn an domhan níos teo bíonn méadú ar ghalair. Is dainséar é seo do dhaoine, ainmhithe agus plandaí.
- Imeoidh go leor cineálacha ainmhithe agus plandaí in éag.

Fíricí suimiúla faoi théamh domhanda

- Gach lá scaoiltear 70 milliún tonna de dhé-ocsaíd charbóin isteach san aer.
- Is féidir le báid don chéad uair riamh seoladh tríd an "Northwest Passage" i Meiriceá Thuaidh. Tá an t-oighear Artach leáite ann don chéad uair le 100 bliain agus is féidir le báid anois seoladh tríd.
- D'fhéadadh samhrai Artacha a bheith saor ó oighear faoi 2040. Tá leá an oighir ag tarlú níos sciobtha ná mar a mheas saineolaithe. Imeoidh an béal bán agus ainmhithe eile in éag mar nach mbeidh a ngnáthóg oighir ann níos mó.
- Níl 82% d'oighearshruthanna le feiceáil níos mó i bPáirc Náisiúnta na nOighearshruthanna in Montana. Sa lá áta inniu ann níl ach 27 oighearshruth ann i gcomparáid le 150 i 1910.

GLUAIS

Maoirseacht - Stewardship
saoránaigh ghníomhacha - active citizens
gáis cheaptha teasa - greenhouse gases
dé-ocsaíd charbóin - carbon dioxide
iarmhairt cheaptha teasa - Greenhouse effect
saineolaithe - experts

OSPS - AG DÉILEÁIL LE FEARG

Is féidir le hathruithe coirp i rith an chaithreachais agus strus a bheith mar chúis le fearg a bheith ar dhaoine. Is mothúchán nádúrtha í an fhearg ach is é an rud tábhachtach faoin bhfearg ná an bealach a ndéileáilann tú léi.

Samplaí de nithe a chuireann fearg ar dhaoine

- Nuair a insíonn cara bréag duit
- Nuair nach bhfaigheann tú an rud atá uait
- Nuair nach n-éisteann daoine leat

Ag déileáil le do chuid feirge

Is mothúchán cumhachtach í an fhearg, mar sin, is dúshlán é déileáil léi. Mar gheall go bhfuil gach duine difriúil tá bealaí difriúla ag gach duine chun déileáil le mothúcháin fheargacha.

- Ba cheart a bheith eolach ar cén chaoi a bhfuil tú ag mothú agus cén fáth. Nuair a thagann fearg ort ba cheart duit do chuid mothúcháin a aithint agus fiafraigh díot féin cén fáth a motháíonn tú ar an gcaoi seo.

- Ba cheart féinsmacht a bheith agat. Chun féinsmacht a bheith agat ort féin ba cheart go smaoineofá sula ndéanann tú gníomh. Má mhothaíonn muid mothúchán láidir agus má dhéanann muid gníomh ar an mothúchán sin gan smaoineamh, go minic beidh aiféala orainn tar éis an gníomh a dhéanamh.
- Ba cheart duit anáil domhain a tharraingt agus comhaireamh go dtí 10.
- Mínigh don duine a bhfuil tú feargach leis cén fáth a bhfuil tú ag mothú ar an gcaoi sin. Déan é ar bhealach réidh.
- Faigh bealach chun ligean le fearg, mar shampla dul ag siúl nó ag rith.

GLUAIS

Fearg - anger
Caithreachas - Puberty
Eolach - aware
Féinsmacht - self-control

Obair sa Rang
Déan liosta de na nithe a chuireann fearg ort.



Tá sé tábhachtach a bheith in ann bainistiú a dhéanamh ar an mothúcháin, fearg.

Gaelscéal AR SCOIL



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

SUIRBHÉ - AN NOLLAIG

Labhair leis an duine in aice leat & scríobh na freagraí i gcolún A ansin líon B tú féin

A	B
Mo chuimhní ar an Nollaig nuair a bhí mé níos óige...	Mo chuimhní ar an Nollaig nuair a bhí mé níos óige...
An Bia is fearr liom aimsir na Nollag	An Bia is fearr liom aimsir na Nollag
An Bronntanas is fearr a fuair mé riamh!	An Bronntanas is fearr a fuair mé riamh!
Beidh mé ag féachaint ar na scannáin / cláir seo an Nollaig seo	Beidh mé ag féachaint ar na scannáin / cláir seo an Nollaig seo

An bhfuil mórán difríochtaí / cosúlachtaí le feiceáil idir an dá cheann?

Treoracha praiticiúla don suirbhé ranga

1. Cuir beirt ag obair le chéile.
2. Déan babhta tobsmaointe ar an gclár bán sula dtosófar ar an gcleachtadh béil. Déan iarracht foclóir, frásaí agus smaointe a mhealladh ó na daltaí. Úsáid ábhar spreagtha éigin chuige seo - íomhánna, píosa físe gearr ón idirlíon, scéal beag srl.
3. Tóg cúpla nóiméad chun meabhrú dóibh go mbeidh an Aimsir Chaite, Láithreach, agus Fháistineach in úsáid acu agus iad ag freagairt na gceisteanna seo. Cabhraigh leo más gá agus cuir suas roinnt sampla de bhriathra cabhracha don chomhrá.
4. Bíonn orthu beirt na ceisteanna a chur ar a chéile agus an t-eolas a líonadh isteach sna boscaí cuí.
5. Tabhair 10-12 nóiméad dóibh chun é seo a dhéanamh. Bí cinnte go mbíonn tusa ag bogadh timpeall an tseomra ag éisteacht, ag cabhrú leo, agus ag cinntiú gurb í an Ghaeilge amháin atá in úsáid acu!
6. Ná déan dearmad a bheith an-dian ar bhéarlóireacht!
7. Nuair atá an 10-12 nóim. thart, cuir deireadh leis an obair ghrúpa agus an chaint. Ansin téigh timpeall ag cur ceisteanna chun aiseolas, tuilleadh cainte a mhealladh. M.sh., ceisteanna ag lorg buneolais, cúpla ceann níos deacra; Cé leis ar labhair tú?
 - Cad iad na cuimhní atá aige/aici ar an Nollaig?
 - Cén bia is fearr leis /léi aimsir na Nollag?
 - Cad iad na scannáin/ cláir theilifíse a mbeidh sé /sí ag féachaint orthu i mbliana?
 - An mbeifeá ag iarraidh dul go teach do charad aimsir na Nollag tar éis an méid sin a chloisteáil?
 - An gceapann tú gur roghnaigh sé/sí scannáin mhaithe?

8. Ansin, iarr ar gach dalta a gcuid freagraí féin a líonadh isteach.
9. Roimh dheireadh an ranga, iarr ar na daltaí seasamh agus caithfidh siad duine éigin sa rang a aimsiú a raibh cosúlachtaí idir a bhfreagraí. Thaitin na scannáin / cláir chéanna leo agus an bia Nollag céanna leo m.sh.
10. Obair bhaile: Iarr orthu taifead a dhéanamh ar a bhfóin phóca don tasc. Beidh orthu ról an scrúdaitheora a ghlacadh, ag cur na gceisteanna agus beidh orthu a gcuid freagraí a thaifeadadh freisin.

Is í an aidhm is tábhachtaí agus obair ghrúpa/ bhéil á eagrú againn sa rang ná: muinín, tuiscint, agus cumas labhartha na ndaltaí a chothú agus a neartú i gcónaí. **Is áis iontach é an fón póca chun measúnú a dhéanamh ar obair bhéil. Tá dúshlán mhóra ag baint le húsáid na bhfón sa rang. Bí cinnte nach bhfuil tú ag teacht salach ar pholasaithe na scoile; iarr cead más gá & bíodh rialacha cinnte agat faoi úsáid na bhfón i do rang.**

Béalscrúdú beag, cúpla ceist éasca daoibh!

Anois agus séasúr na Nollag agus na Scrúduithe ag druidim linn caithfimid díriú ar chúrsaí scrúduithe. Tá sé rí-thábhachtach go mbeadh béalscrúdú ag na daltaí mar chuid de na scrúduithe.

- Níl anseo ach buncheisteanna i ndáiríre! Bí cinnte go bhfuil tú ábalta ceisteanna 1-20 a fhreagairt go maith. Tá na cinn eile pas beag níos deacra, ach bainigí triail astu!
1. Cad is ainm duit?
 2. Cén sloinne atá ort?
 3. Cad é do dháta breithe?
 4. Cén seoladh atá agat?
 5. Cén uimhir scrúduithe / nó scrúduimhir atá agat?
 6. Déan cur síos ort féin.
 7. Inis dom faoin teaghlach.
 8. An bhfuil dlúthchara/ cara is fearr agat?
 9. Cad a dhéanann tú chun do scíth a ligean?
 10. An dtaitníonn spórt/ceol leat? Cén fáth?
 11. Cé mhéad ábhar atá idir lámha agat don Ardeist?
 12. An maith leat Gaeilge?
 13. Cad é do bharúil faoin gcúrsa nua Gaeilge?
 14. An maith leat an scoil? Cén fáth?
 15. An gcaitheann tú a lán ama ag féachaint ar an teilifís?
 16. Cá bhfuil cónaí ort?
 17. Inis dom faoi d'áit chónaithe.
 18. An bhfuil easpa áiseanna do dhaoine óga i do cheantar?
 19. Cad faoi fhadhbanna? An dtugann tú aon fhadhb mhór faoi deara sa cheantar?
 20. Céard iad na rudaí a chuireann as do dhéagóirí an lae inniu, i do thuairimse?
 21. Ar chuir an cúlú eacnamaíochta isteach ortsa?
 22. An bhféachann tú ar an nuacht go minic? / An maith leat cúrsaí reatha?
 23. An bhfuil ríomhaire glúine agat?
 24. An úsáideann tú Facebook agus a leithéid?
 25. Cad iad na buntáistí/ míbhuntáistí a bhaineann leis an idirlíon, dar leat?

Moladh: Má tá suim agat sa teicneolaíocht, bain leas as an ríomhchlár Audacity chun taifead a dhéanamh ar scrúduithe béil na Nollag. Is féidir **Audacity** a íoslódáil saor in aisce agus go héasca ón idirlíon <http://audacity.sourceforge.net/>. Tógann sé roinnt ama dul i dtaithí ar Audacity. Bain triail as sa bhaile tú féin i dtosach! Beidh tú in ann cóip de na béalscrúduithe a choimeád ar do ríomhaire le Audacity agus d'fhéadfá fiú na béalscrúduithe a chur ar dhlúthdhioscaí do na daltaí ansin.

www.oideachas.gaeilsceal.ie



Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge



AN tSRAITH PICTIÚR - COMHAIRLE DAOIBH

CONAS MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR AN tSRAITH DO SCRÚDÚ NA NOLLAG

Tuigimid go léir na dúshláin a bhíonn romhainn mar mhúinteoirí agus muid ag iarraidh measúnú éifeachtach a dhéanamh ar obair bhéil na ndaltaí. Cinnte, tá i bhfad níos mó ag baint leis an ngnó seo i mbliana. B'fhéidir go gcabhróidh an cleachtadh beag seo libh measúnú a dhéanamh ar an tsraith pictiúr ar bhealach éifeachtach, taobh istigh d'am ranga.

- 1. Treoir Chinnte** -Tabhair treoir chinnte do na daltaí don scrúdú, m.sh., Beidh mé ag roghnú as sraitheanna 1-10. Bí cinnte go bhfuil tú an-eolach agus ar do shocracht maidir leis na sraitheanna seo don scrúdú. (D'fhéadfá na sraitheanna ba dheacra do na daltaí a roghnú fiú! Cinntíonn méid áirithe sraitheanna go mbeidh na daltaí ábalta díriú go mion ar fhoghraíocht chruinn, agus go bhfaighidh siad deis ar chleachtadh ranga éifeachtach agus eagraithe do na sraitheanna sin. Díriú ar an leath eile do na bréagscrúduithe. Ansin beidh cleachtadh agus taithí mhaith ag na daltaí conas tabhairt faoi na sraitheanna agus cúpla deis cur i láthair sraithe a dhéanamh os comhair an ranga. Rud a chabhróidh go mór leis na néaróga ar an lá mór gan dabht!)
- 2. Critéir Mharcála** -Tabhair an chritéir mharcála dóibh sula dtosaíonn tú ar an gcleachtadh seo. Iarr orthu 'léirmheastóireacht chuiditheach' a dhéanamh ar obair a chéile ag baint leasa as an gcritéir atá leagtha síos. Abair leo a bheith cosúil leis na breithiúna ar na cláir réalaiócha ar an teilifís! Ach ná lig d'aon duine dul thar fóir leis ar ndóigh!
- 3. Lá Faoi Leith** -Bíodh lá cinnte agat ina ndéantar an measúnú ar an tsraith.
- 4. Obair Ghrúpa** -Smaoineamh maith ná iad a chur ag obair i ngrúpaí de cheathrar. Ciallóidh sé seo go mbeidh duine den cheathrar ar a laghad ag dul faoi scrúdú i ngach rang. Meabhraigh dóibh gur ag obair le chéile atá siad. Tá 80 marc ag dul don chuid seo den scrúdú.
- 5. Foghraíocht** -Má tá fonn ort cabhair bhreise a thabhairt dóibh leis an bhfoghraíocht, déanaigí amach bileoga simplí le chéile, do gach sraith ag cabhrú leo conas na focail is deacra a rá i gceart.
- 6. Cleachtadh** -Bí cinnte am a thabhairt do na daltaí cleachtadh a dhéanamh ó bhéal ar ábhair na sraitheanna i gcaitheamh na seachtaine sa rang, sula ndéanann tú an measúnú ar an 6/7 ag deireadh na seachtaine sin. Déan iarracht 10 nóim. a thabhairt ar a laghad 3 uaire nó níos mó in aghaidh na seachtaine.
- 7. Comhairle an Mhúinteora** -Ba chóir don mhúinteoir roinnt ama a chaitheamh i gcuideachta gach grúpa agus an cleachtadh ar siúl chun comhairle, treoir agus muinín a thabhairt.
- 8. An Scrúdú** -Ansin, ar an Aoin b'fhéidir cuir 6/7 faoi scrúdú. Moltar 4 nóim. a chaitheamh. Déan iarracht gan rang iomlán a chaitheamh ar na scrúduithe; déan é thar cúpla seachtain agus ní eireoidh na daltaí bréan den phroiseas ansin.
- 9. Ag éisteacht & ag obair le linn na scrúduithe** -Bíodh cárta réamhdheartha nó leabhar nótaí oscailte ag gach dalta agus iad ag éisteacht leis na ceisteanna a chuireann tú ar gach iarrthóir. Meabhraigh dóibh gurb fhéidir leis an scrúdaitheoir go leor cineálacha difirúlacha ceisteanna a chur agus gur chóir dóibh nótaí a dhéanamh de na ceisteanna.
- 10. Comórtas** -D'fhéadfá cúrsaí a dhéanamh níos suimiúla - Iarr ar na daltaí ainm an duine a rinne an iarracht /cur i láthair is fearr a scríobh síos. Bailigh na vótaí, coimeád iad go dtí go mbíonn gach scrúdú ar na sraitheanna déanta agus ansin ainmnigh an buaiteoir. Bíodh barra seacláide réidh agat don duine a tháinig sa chéad áit!

Moladh - Bheadh sé ar fheabhas ar fad dá mbeadh gléas taifeadta ar siúl agat agus na scrúduithe seo ar bun. D'fhéadfá é a sheinm in athuair don rang arís, nó fiú cóip a chur/a scríobh ar dhiosca dóibh chun cabhrú leo teacht timpeall ar bhotúin choitianta foghraíochta.

Féach ar YouTube chun fiseáin ghreannmhara bunaithe ar na sraitheanna a fheiceáil. Cuir 'Gaelgory' & 'Pictiúr' isteach san inneall cuardaigh ar YouTube agus gheobhaidh tú na fiseáin ghearra ghreannmhara. Bain sult astu!

Critéir mharcála don chur síos ar an tSraith Pictiúr

80 marc atá dul don chuid seo den scrúdú béil

- 50 marc = Cumarsáid (an cur síos ar an ábhar sa tsraith, foclóir)
- 20 marc = Cruinneas (gramadach, saibhreas, foghraíocht, caighdeán)
- 10 marc = Ceisteanna (ábaltacht ceisteanna chur & a fhreagairt)

Grád A & B

Sármhaith & An-mhaith : marc idir 56 - 80

- ✓ Iarracht iontach déanta ar chur síos a dhéanamh ar ábhar na sraithe.
- ✓ Foclóir leathan fairsing acu, neart nathanna deasa cainte.
- ✓ Ábalta tuairimí a nochtaidh faoi ábhar na sraithe.
- ✓ In ann ceisteanna a chur agus a fhreagairt go maith.

Grád C & D

Maith & Measartha : marc idir 32-50

- ✓ Cuntas maith nó measartha tugtha ar ábhar na sraithe.
- ✓ Foclóir oiriúnach in úsáid.
- ✓ Ábalta nó sách ábalta tuairimí a chur in iúl sa chuntas agus sna ceisteanna.
- ✓ Ábalta ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

Grád E & F

Lag & An-Lag : marc idir 0 -31

- ✓ Cuntas garid
- ✓ Cuntas easnamhach/ lag nó an-lag.
- ✓ Easpa cainte - briseadh sa chumarsáid.
- ✓ Easpa foclóra.
- ✓ Cumas teoranta ag an iarrthóir.

Tábla 3		
Grád	Aicme	Marc
A	Sármhaith	68-80
B	An-mhaith	56-67
C	Maith	44-55
D	Measartha	32-43
E	Lag	20-31
FN/G	An-lag	0-19

Chun soiléiriú breise a fháil ar bhéaltriall 2012 féach ar na naisc seo:

www.examinations.ie/exam/Soileiriu_Breisear_Bhealtriall_na_hArdteistimeireachta_2012.pdf
www.examinations.ie/exam/Ceisteanna_a_ardaoidh_faoi_BT_Ardteiste_2012.pdf

CARÚL NOLLAG - CANAIGÍ AMACH LE CHÉILE!

*Rudolf an fia rua,
Bhí loinnir ar a shrón chomh maith,
Agus dá bhfeicfeá ariamh é,
Déarfá linn go raibh sé geal.*

*Bhíodh na fianna eile,
Ag gáire is ag magadh faoi.
Ní ligeadh siad ariamh do Rudolf,
Páirt a ghlacadh i gcluichí.*

*Oíche Nollag cheomhar bhán,
Tháinig San Níoclás.
"Rudolf le do shrón gheal ghlé,
An rachaidh tú os comhair mo shlé?"*

*Bhí grá ag na fianna eile dó,
Is bhéic siad amach os ard,
"Rudolf an fia rua,
Nach ortsá bheas an clú is cáil."*

Dátaí & Foclóir Tábhachtach don Nollaig

An Nollaig - ach Mí na Nollag / Daidí na Nollag / Crann Nollag
24 Nollaig - Oíche Nollag - an ceathrú lá fichid de Mhí na Nollag
25 Nollaig - Lá Nollag - an cúigiú lá fichid de Mhí na Nollag
26 Nollaig - Lá ' le Stiofáin / Lá an Dreoilín - an séú lá fichid de mhí na Nollag
31 Nollaig - Oíche Lae Caille - an t-aonú lá is tríocha de mhí na Nollag
1 Eanáir - Lá Caille - an chéad lá d'Eanáir

**Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise daoibh go léir
Ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge**



Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.guelsceal.ie



Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

COMHAIRLE GAIRMTHREORACH

Cláir Iontrála Fochéime agus Iarchéime sa Leigheas

Scrúduithe GAMSAT, HPAT agus MSAP:

Má tá scrúduithe GAMSAT, (Tástáil Iontrála Iarchéime na Scoileanna Leighis in Éirinn) nó HPAT, (Tástáil Iontrála Fochéime na Scoileanna Leighis in Éireann) agus/nó MSAP (mature students admissions pathway) déanta agat ó Mheán Fómhair 2010, ní mór duit cóipeanna de na torthaí a chur chuig an CAO in éineacht le d'iarratas nó laistigh de 7 lá má tá iarratas ar líne á dhéanamh agat.

Gheobhaidh tú torthaí na bliana seo 2011/2012 go díreach ó ACER ar choinníoll go bhfuil iarratas déanta agat ar na cúrsaí ábhartha roimh an 1 Feabhra 2012.

Cuntas ar na Cúrsaí a Roghnaíonn tú:

Ba cheart aird a thabhairt ar na sonraí seo a leanas má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar Chláir Iontrála Iarchéime sa Leigheas i Meán Fómhair 2012:

(a) Riachtanais Iontrála:

Ní mór d'iarratasóirí ar a laghad II: 1 (dara honóracha, grád a haon) a bheith acu, nó a bheith ag súil lena bhaint amach ina gCéad Chéim Baitsiléara Onóracha (Leibhéal NFQ 8), nó a choibhéis.

I gcás iarrthóirí a chomhlíonann na riachtanais thuas, is é an GAMSAT (Tástáil Iontrála Iarchéime na Scoileanna Leighis in Éirinn) an t-aon slat tomhais amháin a úsáidfear chun mic léinn a roghnú don chúrsa.

(b) An Próiseas Iarratais:

Ba cheart iarratais ar líne a dhéanamh tríd an Lár-Oifig Iontrála www.cao.ie agus leas a bhaint as na cóid do chúrsaí Leighis Iarchéime ag Leibhéal 8. Is é an dáta deiridh le hiarratas a dhéanamh ná 5:15 i.n. ar an 1 Feabhra 2012. Ba chóir d'iarratasóirí Leathanach 4 de Lámhleabhar CAO 2012 a léamh go cúramach le heolas a fháil.

Ba cheart iarratais le tabhairt faoi Thástáil GAMSAT in Éirinn a sheoladh chuig Comhairle na hAstráile do Thaighde Oideachais (Australian Council for Educational Research).

www.gamsat-ie.org roimh 17:15 ar an 1 Feabhra 2012. Beidh tástáil GAMSAT ar siúl ar an 26 Márta, 2012 ag ionaid i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach. Is féidir le hiarrthóirí Thástáil an GAMSAT a dhéanamh ag ionaid eile ar fud an domhain, nó torthaí Thástáil GAMSAT a rinneadh cheana féin a sheoladh isteach, ar choinníoll nach ndearnadh iad roimh an 1 Meán Fómhair 2010.

(c) Doiciméid a sheoladh chuig an CAO

I ngach cás ina seolann iarratasóir doiciméid chuig an CAO, ba chóir cárta/clúdach litreach stampáilte agus an seoladh air a sholáthar agus sonraí a thabhairt maidir leis na doiciméid atá á seoladh isteach agat má theastaíonn uait admháil a bheith agat gur shroich na doiciméid an CAO slán sábháilte. Ina theannta sin, ba cheart duit "Deimhniú Postála" a fháil gach uair a sheolann tú aon rud chuig an CAO.

Tá ceithre "Deimhniú Priontáilte" priontáilte taobh istigh de leathanach cúil Lámhleabhar an CAO. Nuair a osclófar na doiciméid in oifig an CAO seolfaidh siad an cárta/clúdach litreach ar ais chugat mar chruthúnas gur shroich siad an CAO.

Caithfidh Iarratasóirí a bhfuil a gCéim Baitsiléara Chéad Onóracha (Leibhéal NFQ 8) nó a choibhéis, críochnaithe acu, cruthúnas a sheoladh isteach maidir lena gcáilíocht roimh an 15 Márta 2012. Is gá tras-scríbhinn iomlán (gach bliain san áireamh) agus gradam oifigiúil a bheith san áireamh sna doiciméid tacaíochta mar fhianaise gur bronnadh an gradam.

Is gá d'iarratasóirí atá ag críochnú na Céime Baitsiléara Chéad Onóracha (Leibhéal NFQ 8), nó a choibhéis, sa bhliain

2012, cruthúnas maidir lena gcáilíocht a sheoladh isteach roimh an 15 Iúil 2012. Má tá tú le céim a bhaint amach sa bhliain 2012, ansin is leor torthaí do gach bliain a sholáthar chomh maith le torthaí deiridh na céime.

Cosaint Sonraí

Urramaíonn an CAO príobháideacht do chuid sonraí pearsanta. Tar éis iarratas a chur isteach chuig an CAO, déanfar do chuid sonraí a chur ar fáil do na hInstitiúidí Ardoideachais a bhfuil iarratas déanta agat ina leith.

Ina theannta sin, úsáidfear sonraí san iarratas chun sonraí scrúduithe a fháil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ó FETAC agus ó údarais scrúduithe sa Bhreatain agus i dTuaisceart Éireann ar mhaithe leis na sonraí sin a fhíorú. Coinnítear iarratais páipéir agus doiciméid eile ar feadh dhá bhliain.

Cumarsáid Phráinneach ón CAO:

Dá mba rud é go ndéanfá botún éigin le d'iarratas, d'fhéadfadh sé go scríobhfaidh CAO chugat lena cheartú. Tá sé an-tábhachtach, mar sin, go n-osclófaí litreacha a sheolann CAO chugat, gan mhoill. Má tá tú le bheith as baile uair ar bith idir mí Feabhra agus mí Dheireadh Fómhair, ba cheart duit socruithe a dhéanamh le duine éigin sa bhaile lena chinntiú go bhfreagróidh siad litreacha a sheolann CAO chugat, go sciobtha.

D'fhéadfá a bheith siar leis sa chás nach bhfreagraíonn tú litreacha. Is ortsa amháin atá an cúram féachaint chuige go ndéanann tú gach rud i gceart. Má athraíonn tú do sheoladh comhfhreagrais, ansin is ceart duit é sin a chur in iúl don CAO láithreach. Is féidir é seo a dhéanamh ar líne nó tríd an bpost.

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmtreorach

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht don mhúinteoir!

Tabharfaidh Gaelscéal ar Scoil, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht, dearbhán €20 le caitheamh ar ábhar Chló Iar-Chonnacht do gach múinteoir a chuirfidh isteach ordú do 3 shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!



Faigh bhuir gcóipeanna anois trí fhoirm shíntiúis a íoslódáil ag www.oideachas.guelsceal.ie nó trí ghlaoh a chur ar 091-897766 nó trí ríomhphost a chur chuig scoil@guelsceal.ie



Briseadh na Nollag Gaelscéal ar Scoil

Beidh Gaelscéal ar Scoil ag tógáil bhriseadh na Nollag tar éis na seachtaine seo ach beidh an forlónadh ar ais arís sa bhliain nua, Dé Céadaoin 11/1/2012 le neart ábhar don seomra ranga!



CEOL

Le Meadhbh Ní Eadhra

Trioblóid ar an mbealach... Seo chugainn na Dirty 9's!

Tá banna ceoil spleodrach ón bPríomhchathair, na Dirty 9's, i mbéal an phobail le tamall anuas, agus tá an taighdeoir, láithreoir agus léiritheoir ildánach ó Raidió na Life, **Cian Mac Cárthaigh**, mar bhall den bhanna seo. Labhraíonn **Meadhbh Ní Eadhra** leis.

An bhliain 2004. Ollscoil Mhá Nuad. Triúr fear óg. Ceol. Craic. Comhlúadar. As sin, saolaíodh banna ceoil na *Dirty 9's*, banna atá anois i mbéal an phobail agus iad tar éis dul ó neart go neart. Cian, Fergal, Keith agus Paul an ceathrar atá sa bhanna na laethanta seo. Tháinig Keith agus Paul isteach sa bhanna i ndiaidh do Chian an ollscoil a chríochnú, agus tar éis don bhanna camchuairt don chéad albam, *Stop Screaming, Start Dreaming*, a dhéanamh i gCeanada níos luaithe sa bhliain, d'fhág Stephen (Dunne) an banna.


Ba iad Stephen, Fergal agus Cian an triúr a bhí leis an mbanna ón tús. Duine amháin imithe, ach beirt eile tagtha ar bord. Roth móra an tsaoil ag gluaiseacht timpeall.

Tá an-aitheantas faighte ag an mbanna as amhráin ar nós '*Lucy Opus*' agus '*Trioblóid*', agus casann siad amhráin i nGaeilge, i mBéarla agus i Spáinnis. Bhí siad mar bhanna taca do bhanna móra le rá ar nós na *Coronas*, *CODES* agus *Republic of Loose* chomh maith.

Bhí Cian aon bhliain déag d'aois nuair a fuair sé a chéad ghiotár, agus ó shin, tá sé gafa leis an gceol, idir a bheith ag seinm, ag éisteacht le bannaí eile, agus ag casadh ceoil ar an raidió. Éisteannt sé féin agus na leadais eile le bannaí cosúil le '*Bombay Bicycle Club*' agus '*Echo & the Bunnymen*'. Bíonn siad faoi thionchar an cheoil sin. An aontaíonn siad leis an treo ina bhfuil an banna ag dul, agus le stíl an cheoil a chasann siad? Uaireanta, ar sé, ach ní i gcónaí. Braithim go bhfuil ceathrar carachtar láidir sa bhanna seo. Mura mbeadh siad ar aon tuairim lena chéile, chuirfeadh siad é sin in iúl. Agus is maith an rud sin, mar a deir Cian é féin.

"Tá an fuinneamh atá ag baint le ceolchoirm a sheinm go hiontach," a deir Cian. Neart fuinnimh aige agus acu go léir, agus is léir sin ón gceol a chasann siad.

Maidir leis na meáin shóisialta cosúil le Facebook, Twitter agus Youtube, tugann siad deis poiblíochta don bhanna. Ach, a deir Cian, caithfidh tú a bheith cruthaitheach leis an tslí a úsáidtear iad. An ceart ar fad aige. Níl rud ar bith níos measa ná daoine nó grúpaí a bhíonn ag seoladh



ríomhphost nó ag tabhairt a leathanach Facebook chun dáta, gach dara nóiméad.

Tá an banna 'an-sásta' leis an gcéad albam a d'éisigh siad, agus bhaineadar sult as a bheith ag seinm ag an bPicnic Leictreach.

"Ach measaim gurbh é an rud is spéisiúla a rinneamar ná turas chuig Steòrnabhagh (*Stornoway*) ar Oileán Leòdhais," a deir Cian. "Thug an BBC deis dúinn dul thall ann chun seisiún a thaifead leis an stáisiún teilifíse 'BBC Alba' agus bhí sé go hiontach an áit sin a feiceáil."

Céard é an áit is fearr inar sheinn siad riamh?

"An Horseshoe Tavern in Toronto i gCeanada. Suíomh iontach le haghaidh ceolchoirme agus tá anchuid staire ag baint leis an áit. Déanann na Rolling Stones ceolchoirmeacha rúnda ansin aon uair atá siad i gCeanada."

Tá rud éigin speisialta faoin áit sin, is cosúil. Cá bhfios, b'fhéidir go mbeidh

"Tá dúthracht acu don cheol nach bhfuil le brath ó bhannaí eile ach go fíorannamh. Téann siad ar mire agus iad ar an stáitse ... Gach amhrán níos fearr ná an ceann a tháinig roimhe. Iad ag léim agus ag gluaiseacht thart leis an lucht féachana agus ag baint suilt as gach uile nóiméad."



dh na Dirty 9's ag filleadh ar an áit sna blianta atá romhainn, chun ceolchoirm rúnda nó dhó a chasadh iad féin!

Sheinn an banna ag an bhféile ceoil '*Canadian Music Week*' in Toronto i mí an Mhárta agus deir Cian go raibh *An Hideout* in Toronto 'ar fheabhas' chomh maith. "Tá fear as Cill Dara i gceannas air agus gach éinne an-chairdiúil san áit," ar sé.

Cad faoi Bhaile Átha Cliath, áit dhúchais an bhanna?

"Is breá liom a bheith ag ceol san Academy, Whelans, the Workmans, Grand Social agus The Button Factory. Ní raibh an deis againn seinm san Olympia nó Vicar Street go dtí seo ach tá súil agam go mbeidh go luath," a deir Cian. Tá seit iomlán ag an mban-na i nGaeilge anois, agus cuireann siad beocht is fuinneamh sa teanga atá deacair a aimsiú go minic.

"Má tá an deis againn níos mó amhrán a thaifead as Gaeilge déanfaidh muid é," arsa Cian.

Tá an banna ag obair ar fhíseán ceoil faoi láthair le haghaidh na chéad singil eile, 'Hey'.

"Bíonn daoine ag damhsa agus ag léim timpeall aon uair a chasann muid an t-amhrán," a deir Cian. "Rinne Karl Odlum, fear a d'oibrigh leis na Frames agus Fionn Regan an meascán dúinn agus táimid an-sásta leis. Chomh maith leis sin tá muid ag scríobh roinnt amhrán nua. Tá sé i gceist againn ár stíl a athrú, agus tá súil againn go mbeidh ionadh ar dhaoine nuair a chloiseann siad ár gceol nua."

Suimiúil. Beidh le feiceáil cad atá i gceist leis an athrú stíle seo!

Faoi láthair tá Cian ag éisteacht le *Warpaint*, grúpa ban as Meiriceá a chonaic sé ag an bPicnic Leictreach i mbliana.

"Tá tallann faoi leith acu agus caithfidh mé a rá go bhfuil siad anghnéasúil chomh maith. Seachas sin is breá liom *The Smiths*, *Blur* agus *the Pixies* agus is é Rory Gallagher an giotáraí is fearr liom."

Creideann Cian go bhfuil 'an t-ádh dearg' air a bheith ag obair le stáisiún raidió agus a bheith ag casadh i mbanna ceoil ag an am céanna.

"Tá aithne agam ar roinnt ceoltóirí eile agus bíonn siad ag obair i bpost ar fuath leo," ar sé.

Is léir go bhfuil paisean speisialta aige don cheol. Bua, freisin. É sin agus díograis. Níl aon chur síos ná insint béil ar an méid oibre a chuireann na fir óga seo isteach sa bhanna agus is mór an t-éacht atá bainte amach acu. Tá dúthracht acu don cheol nach bhfuil le brath ó bhannaí eile ach go fíorannamh. Téann siad ar mire agus iad ar an stáitse, ag casadh an cheoil ar nós gurbh é sin an deis dheireanach a bheidh acu é a dhéanamh. Tá práinn le brath sa tslí a chasann siad. Gach amhrán níos fearr ná an ceann a tháinig roimhe. Iad ag léim agus ag gluaiseacht thart leis an lucht féachana agus ag baint suilt as gach uile nóiméad.

Chas na Dirty 9's ag an Oireachtas i mbliana agus ag Féile IMRAM agus tá eolas faoi cheolchoirmeacha eile atá le teacht ar www.thedirty9s.com.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra




Cad a tharla don mhadra beag bán?

Pictiúrleabhar álainn nua scríofa ag **Ríona Nic Congáil**

Tá pictiúrleabhar speisialta do pháistí dar teideal *Saol an Mhadra Bháin*, díreach foilsithe ag LeabhairCOMHAR. Is é seo an chéad leabhar atá foilsithe sa tsraith 'An Saol Óg'.

Is í Ríona Nic Congáil a scríobh an leabhar seo agus ní nach ionadh, scéal den scoth atá ann a tharraingeoidh aird na léitheoirí ó thús deireadh agus a thabharfaidh pléisiúr do pháistí agus do dhaoine fásta araon. Tá



neart duaiseanna buaite ag Ríona dá cuid scríbhneoireachta agus is bean iontach cumasach ar fad í, a bhfuil raon mór buanna aici agus an scéalaíocht mar cheann acu. Tá an-dúil aici sa scéalaíocht, sa tsamhlaíocht agus sa spraoi agus is léir sin ón leabhar seo. Seo an tríú leabhar do pháistí óna peann. Is í Criona Nangle a bhí i mbun na léaráidí sa leabhar agus d'éirigh go hiontach léi, mar is leabhar galánta atá ann a rachaidh i bhfeidhm go mór ar gach éinne a fheiceann é, ach go háirithe páistí agus léitheoirí óga.

Sa leabhar seo, cloiseann cailín óg, Ciara, go bhfuil saol an mhadra bháin thart. Tá neart ceisteanna aici agus í ag iarraidh freagraí ar na ceisteanna céanna. Cén chaoi ar tháinig deireadh le saol an mhadra bháin? Bhí sí féin ag imirt leis an madra bán le déanaí agus an chuma air go raibh sé breá sláintiúil.

Tá sé soiléir nach bhfuil na daoine fásta sa scéal chun gach rud a insint do Chiara faoi bhás an mhadra bháin agus beartaíonn sí a fháil amach céard atá ar siúl agus céard a tharla dá cara beag bán. Taitneoidh an scéal go mór le páistí agus is cinnte go mbeidh siad báúil le Ciara agus í ag iarraidh an fhírinne a nochtadh. I ngach scéal maith bíonn carachtair mhaithe agus níl aon amhras ach go bhfuil Ríona tar éis carachtair den scoth a chruthú le Ciara agus an madra bán, agus cuimhneoidh na léitheoirí orthu i bhfad tar éis dóibh an leabhar a léamh.

Tá an leabhar seo mar chuid den tsraith

'An Saol Óg', áit a gcuirfear scéalta taitneamhacha feiliúnacha do pháistí ar fáil le scoth na líníochta agus téacs a bheidh an páiste agus an duine fásta araon in ann a thuiscint.

Tá Saol an Mhadra Bháin ar fáil sna siopaí anois ar €12, agus ar líne i siopa leabhar LeabhairCOMHAR freisin. Seoladh an leabhar mar chuid de mhórsheoladh bliantúil COMHAR & LeabhairCOMHAR Dé Céadaoin seo caite sa Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, agus ócáid álainn a bhí ann.

Is féidir Saol an Mhadra Bháin a cheannach sna siopaí nó ón suíomh idirlín www.leabhaircomhar.com.

Sprioclá d'iarraitais don Chomhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg

Ba mhaith linn a mheabhrú daoibh gurb é an Luan, 19 Nollaig, an sprioclá má theastaíonn uait páipéar a léamh / caint a thabhairt ag an gComhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg, a thionólfar ar an 23-24 Márta 2012, i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Seol teideal an pháipéir agus achoimre (250 focal) chuig litriochtannog@gmail.com roimh 5in ar an 19 Nollaig 2011.

Beidh an scríbhneoir Éilís Ní Dhuibhne agus an foilsitheoir Tadhg Mac Dhonnagáin mar aoi-chainteoirí ag an gcomhdháil.

Tuillleadh eolais: <http://litriochtannog.blogspot.com> nó litriochtannog@gmail.com.

Gaeilgeoir caithréimeach i gcraobh filíochta na hÉireann

An lá seo an tseachtain seo caite, bhí craobh filíochta na hÉireann (*All-Ireland Poetry Slam*) ar siúl i mBeár Sandino i nDoire. Oíche den scoth a bhí ann agus ba léir ón tús

go raibh ardchaighdeán i measc na n-iomaitheoirí agus go mbeadh dúshlán mór os comhair na mbreithiúna agus iad ag iarraidh buaiteoir amháin a roghnú. Ba iad Fergus Costello agus Mary O'Connell (Cúige Mumhan), Conor O'Kane agus Seamus Fox (Cúige Uladh), Karl Parkinson agus John Cummins (Cúige Laighean) agus Sarah Clancy agus Seamus Barra Ó Súilleabháin (Cúige Chonnacht) a bhí ag roinnt a gcuid filíochta leis an lucht éisteachta an oíche sin agus bua ar leith acu go léir.

Ba iad Eaman Craig (aka Wileman), atá ina scríbhneoir, aisteoir agus ceoltóir áitiúil, Julieann Campbell, file agus iriseoir leis an Derry Journal, agus Jason Lee Lovell, file a bhunaigh Cumann Filíochta Ollscoil Uladh agus atá mar eagarthóir ar an Díolaim 'Reflexion', an triúr breitheamh.

Tar éis trí bhabhta d'imirt dhíbeartha (*knock out rounds*), laghdaíodh líon na n-iomaitheoirí ó ochtar go ceathrar go beirt. Ba iad Séamus Barra Ó Súilleabháin ó Chúige Chonnacht agus Karl Parkinson ó Chúige Laighean a bhí fágtha ar deireadh chun an babhta deireanach a imirt. Is é Séamus a bhuaigh ar deireadh, agus is mór an t-éacht a bhain sé amach.

Scríobhann sé i nGaeilge amháin agus is duine é atá thar barr ag déanamh ceangail leis an lucht féachana.

Scríobhann sé do chainteoirí Béarla, a deir sé, agus is iontach an rud é go raibh sé in ann aird an lucht féachana a choinneáil agus siamsaíocht a chur ar fáil dóibh, cé go raibh sé ag déanamh aithrise ar dhánta Gaeilge, do lucht féachana nach raibh Gaeilge ach ag corrdhuine acu.



Lascaine tríú cuid bainte de gach aon CD-ROM*

Má cheannaíonn tú earraí Fios Feasa go léir i dteannta a chéile, gheobhaidh tú ar leath-phraghas iad. Sin 12 CD-ROM (móide an leabhar saothair don "Chéad Choiscéim"), luach €390 ar €195, móide postas.



Crannchur mór ar an suíomh www.fiosfeasa.com Buafaidh duine amháin an cnuasach iomlán d'earraí an tí go léir. Agus buafaidh triúr eile cóip an duine den CD-ROM "Amhrán is Fiche don Nollaig".

*ach amháin an Bíobla Naofa ar CD-ROM

www.fiosfeasa.com

Seirbhís Fiaclóireachta Ghaeilge faoi lán tseoil i gConamara

Labhraíonn **Aine Ní Chuaig** leis an **Dr. Liam Ó Droma** BDS (NUI) faoina shaol gairmiúil, an grá atá aige dár gcéad teanga agus faoin gclinic nua fiaclóireachta atá oscailte aige ar an Spidéal.

“BHÍ sé i m’aigne riamh lonnú thíos sa Ghaeltacht,” a dúirt Liam Ó Droma liom le déanaí agus é ag taispeáint dom an chlinic nua fiaclóireachta atá oscailte aige in Ionad Leighis an Spidéil. “Ceapaim go mbeidh mé sásta bheith lonnaithe thíos anseo.”

Is i gCorcaigh a rugadh Ó Droma ach is i gCluain Meala i gContae Thio-braid Árann a tógadh é. Cé go bhfuil 25 bliain caite aige ina chónaí taobh amuigh d’Éirinn, choinnigh Ó Droma suim sa Ghaeilge agus i gcultúr na hÉireann i gcónaí.

“Bhí Gaeilge ag mo thuismitheoirí só bhí an-chuid Gaeilge sa teach,” a deir an Dr. Ó Droma. “Taobh amuigh de sin, ní raibh aon Ghaeilge ar shráideanna Chluain Meala ach bhí ana-chuid Gaeilge sa scoil ar fhreastail mé uirthi.”

Tá croí Uí Dhroma go mór sa Ghaeltacht le blianta fada agus tá sé soiléir óna chuid cainte go raibh baint mhór ag a athair leis sin. “Bhí m’athair gníomhach le cúrsaí Gaeilge agus le hathbheochan na teangan,” a deir sé. B’as ceantar Mhúscraí in Iarthar Chorcaí dó agus bhí sé lárnach i bhfeachtais teangan a reáchtáladh sa cheantar ins na caogaidí.

D’fhreastail Liam Ó Droma ar Ollscoil Chorcaí ach ní raibh suim i gcónaí aige i gcúrsaí fiaclóireachta. “Thosaigh mé amach leis an leigheas ach de bharr torthaí scrúdaithe, bhí rogha agam bliain amháin a dhéanamh arís nó dul isteach agus fiaclóireacht a dhéanamh.” B’shin é an cosán a roghnaigh sé.

D’oibrigh sé seal i Sasana tar éis a cháiliocht a bhaint amach, sular thug sé aghaidh ar an Astráil. Thosaigh sé ag fiaclóireacht nuair a shroich sé Sydney agus d’fhan sé ann ar feadh ceithre bliana. Le linn na tréimhse sin, phós sé Gaeilgeoir as Baile Átha Cliath agus d’éirigh leis céim a bhaint amach sa stair agus i gcúrsaí polaitíochta.

Chuaigh siad as sin go dtí an Bhreatain Bheag, áit ar chaith sé ocht mbliana déag ag obair leis an bhfiaclóireacht. Is tír í a spreag go mór é.

“Chuaigh an bród agus an chaoi ar úsáid siad an teanga i bhfeidhm go mór orm,” a deir Ó Droma. “An rud mór freisin ná nach raibh aon iomaíocht idir an Béarla agus an Bhreatnais... Ní raibh aon stró iompú ó theanga amháin go dtí an teanga eile... Bhí meoin dearfach acu i gcónaí.”

Thóg Ó Droma agus a bhean chéile a gclann le Breatnais. Dar leis, tá siad thar a bheith oile leis an teanga a mhúineadh ins na scoileanna ansin. “Tagann gasúir isteach ann ó Shasana agus ó gach áit... Tar éis bliana, bíonn siad líofa sa mBreatnais... Is rud é ba



“Ba mhaith liom go bhfeicfeadh daoine gur féidir linn ár gcéad teanga a úsáid mar theanga oibre. Níl go leor de sin le feiceáil sa tír.”

chóir dúinn mion-staidéar a dhéanamh air muid féin.”

Ag smaoineamh siar ar na laethanta inar fhreastail a chlann féin ar scoil sa Bhreatain Bheag, deir sé nach raibh aon riail ann go gcuirfí páiste abhaile de bharr a bheith ag labhairt an Bhéarla. “Ach dá mbéar-faidis ar pháiste ag labhairt na Breatnaise taobh amuigh den rang, thabharfaí duais dóibh!”

Is léir go bhfuair Ó Droma spreagadh ón mbród agus ón suim a chuir siad ina dteanga féin sa Bhreatain Bheag. “Tá cultúr agus labhairt na Breatnaise an-láidir ansin go dtí an lá atá inniu ann,” a deir sé.

Ach bhí sé i gcónaí i gceist acu a theacht ar ais go hÉirinn. “Bhí na páistí ag fás suas agus bhí sé i gcónaí mar chuspóir againn a theacht abhaile,” a deir Ó Droma. “Bheartaigh muid filleadh sular shroich na páistí aois na meánscoile.” D’fhill sé féin, a bhean chéile agus a gceathrar mac sa bhliain 1996.

Shocraigh siad síos i mBinn Éadair, i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha

Cliath. Chaith sé seal ag obair le Bord Sláinte an Oir-Thuaiscirt ar dtús, sular oscail sé suas a chlinic féin ar an bhaile in Aibreán 1997.

“Chuirfeadh sé iontas ort an méid Gaeilge atá i mBinn Éadair agus an méid acu atá sásta í a labhairt!” a deir Ó Droma. “Cé go bhfuil sé cóngarach don chathair, tá sé ar cheann de na dúichí is breátha in Éirinn agus is áit iontach é.”

Teagmháil & Tairiscint

Bíonn an tIonad Fiaclóireachta oscailte ar an Spidéal gach Céadaoin agus Déardaoin, chomh maith le gach dara Satharn. Tá tairiscint speisialta á hofráil don Nollaig agus don athbhliain: €30 do scrúdú iomlán agus glanadh. Tá folúntas do rúnaí dátheangach (Gaeilge agus Béarla) le líonadh sa chlinic. Cuirfear traenáil altranaís ar fáil don té a roghnófar. Tá liosta de na seirbhísí agus cóir leighis a chuireann an Dr. Ó Droma ar fáil ar an suíomh www.orthocosmetics.ie. Teagmháil / Eolas: (091) 897715 / (087) 6190814 nó seol ephost go info@spiddalmedicalcentre.com

Áit mhaith don té a bhfuil suim aige sa cheol agus san amhránaíocht freisin! Tá suim ar leith ag Ó Droma sa Sean-Nós agus is minic leis a bheith páirteach i gcomórtais Oireachtais.

Is thíos sa Rinn, i nGaeltacht Phort Láirge, a chuir sé aithne ar an Sean-Nós ar dtús. D’fhás a shuim san amhránaíocht thraidisiúnta nuair a thosaigh sé ag freastal ar Chlub an ‘Góilín’ i mBaile Átha Cliath go seachtainiúil.

“Téim chuig an Oireachtas gach uile bhliain más féidir liom agus d’fhreastail mé ar Fhéile Chóilín Sheáin Darach i Ros Muc cúpla uair,”

a d’inis an dochtúir dom. Glacann sé páirt freisin i dTionól na Gaeltachta, cuairt ar na Gaeltachtaí éagsúla, a eagraíonn Conradh na Gaeilge gach samhradh.

Tar éis don Dr. Ó Droma agus a bhean chéile scaradh óna chéile roinnt blianta ó shin, bhí sé in am smaoineamh ar cheann de mhianta móra a chroí – lonnú sa Ghaeltacht. Chuala sé go raibh an Dr. Séamus Ó Beirn ag lorg fiaclóra chun tacú leis an ionad leighis ar an Spidéal.

“Ceapaim gur áit dheas é Conamara... Is maith liom na daoine agus tá sé cóngarach má theastaíonn uaim a dhul isteach i gcathair mhór.” Tá dhá bhliain caite aige ag dul suas agus anuas ó Bhinn Éadair go dtí an Spidéal ach faoi dheireadh, tá sé réitithe le dul i mbun gnó san ionad nua.

“Tá gach trealamh nua-aimseartha againn anseo. Tá mé ag tnúth go mbeidh sláinteolaí anseo freisin agus beidh gach réimse de chúrsaí fiaclóireachta á sholáthar againn.” Beidh fáilte roimh lucht PRSÍ agus daoine le cártaí leighis. “Ní chuirfear aon chosc ar aon duine,” a deir Ó Droma.

Beidh sé ag obair as an dá ionad leighis ar feadh píosa ach is é an plean atá ann ná bheith lonnaithe sa Spidéal go lánaimseartha amach anseo. Dar le Ó Droma, is sampla maith é do dhaoine go bhfeicfidh siad gnáthdhaoine ag úsáid na teanga ina gcuid oibre.

“Ba mhaith liom go bhfeicfeadh daoine gur féidir linn ár gcéad teanga a úsáid mar theanga oibre. Níl go leor de sin le feiceáil sa tír.”

UDAR.1E

Clúdaíocht as Gaeilge

siopanarn.com

NA PATRICIOS

1.1E10CHT.COM

Japhy Ryder

ar Shléasaibh na Mangartan

cupla.poca.l.ie

WWW.COISCEIM.IE

acá na Leabhair Gaeilge is fearr

Béalroideas, Fíliocht, Seanchas, Stair

Scéalta Grinn - Scéalta Pinn, Searrscéalta,

Úrscéalta, Fíorscéalta, Ficseán, Prós, Dánta

Leabhair don aos ós agus fós hlaimeoirí


Má tá leabhar uait - Bíodh leabhar agat!

Féilire 2012

Pón: 00353 1 8322 509 coisceim@coisceim.ie

Jócleabhar Beag Bideach na Gaeilge

Crosfhocal 14.12.2011



NODANNA

TRASNA

- 1 Bealach, dóigh (4)
- 3 Fuaim a dhéanann tú nuair atá rud greamaithe i do scornach (7)
- 6 Teach ar réiteach, agus aontú ar ghníomh (8)
- 10 Orgán inmheánach a ghlannann fuil an choirp (2)
- 11 Fuaim áthais a chritheann an corp (5)
- 12 Spás, limistéar (5)
- 14 Neamhní (4)
- 15 An bheag agus gan tábhacht b'fhéidir (4)
- 16 Gan eagla, cróga (4)
- 17 Fásann sé go forleathan i bpáirceanna agus i ngairdíní (4)
- 20 Téigh suas... cnoc nó dréimire nó staighre (5)
- 23 Déan tagairt do rud a scríobh nó a dúirt duine eile (3)
- 24 Dath móna nó adhmaid (4)
- 25 Capall ag rith (5)
- 26 Uirlis coitianta i gcomhair scríobh le dúch (5)
- 27 Focal nó ráiteas in aghaidh duine nó imeacht a tharla (6)

SÍOS

- 2 Fuaim íseal bróin (nó áthais) (4)
- 4 Fada ó bhun go barr (3)
- 5 Ólann tú tae as seo (5)
- 6 Ar bharr an choirp (5)
- 7 Teach nó leaba don éan? (4)
- 8 Céile don mháthair (6)
- 9 An fáth go bhfuil gníomh éigin de dhíth gan mhoill (6)
- 13 Scéal nár chóir a bheith ar eolas ag daoine eile (3)
- 15 Déanach (4)
- 17 Comhartha stairiúil a chaitheann daoine le taispeáint go bhfuil Gaeilge acu (6)
- 18 Faoi thionchar alcóil (6)
- 19 Múinteoir (4)
- 20 Costasach (4)
- 21 Ábhar ar bith atá déanta mar a bheadh deannach nó dusta ann: piobar mar shampla (5)
- 22 Leabhar naofa Ioslam (5)

Crosfhocal

7.12.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Deirdre Ní Cheallacháin
Tiobraid Árann

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20
urraithe ag Cló Iar Chonnacht
ar bhuaiteoir na seachtaine.Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh
19.12.2011 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal,*
15 Sráid Mhargadh, Gaillimhe.

Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Stiúrthóirí
ag teastáil!

TÁ an comhlacht Gréasán na Meán ag lorg stiúrthóirí teilifíse le samhlaíocht chun sraith gearrdhrámaí teilifíse a stiúradh i mí Aibreáin agus mí Bealtaine 2012 thart ar cheantar Chonamara agus Chathair na Gaillimhe.

Beidh sé chlár sa tsraith, leathuair an chloig in aghaidh an chinn, agus tá seisear stiúrthóirí ag teastáil chun iad a stiúradh. Craolfaidh TG4 an tsraith go luath in 2013.

Faoi láthair tá léiritheoir na sraithe, Ciarán Ó Cofaigh, ag labhairt le scríbhneoirí a d'aimsigh siad trí cheardlanna agus tá siad ag obair ar na scrípteanna.

Deir sé, “Táimid oscailte go maith,” mar gheall ar dhaoine atá ag iarraidh iarratas a chur isteach.

Ní chaithfidh taithí a bheith acu ach cabhróidh sé má tá beagán taithí acu. Tá Gaeilge riachtanach don phost.

Má tá suim agat do chumas mar stiúrthóir drámaíochta teilifíse a thástáil agus a fhorbairt, seol CV agus téip/DVD le samplaí de do shaothar (má tá aon samplaí agat) chuig Gréasán na Meán, An Chuas-nóg, Baile Ard, An Spidéal, Co. na Gaillimhe roimh 9 Eanáir. Tá tuilleadh eolais ar fáil info@greasannamean.ie.

Féach ar

TG4: An Jig Gig

Sa chlár deireanach den tsraith seo, tá ar na moltóirí - Breandán, Dearbhla agus Labhrás - an cinneadh deireanach a dhéanamh agus Seaimpín Jig Gig 2011 a fhógairt. Dé Domhnaigh @ 7.30in.



RTÉ a dó: Gráinne Seoige's Modern Life

Sa chlár deireanach den tsraith seo, buailfidh Gráinne le páistí tréitheacha agus a dtuismitheoirí. Labhróidh sí le neart rannpháirtithe sa chraobhchomórtas damhsa dioscó saorstíle agus buailfidh sí le páistí atá ina n-aisteoirí, ina mainicíní agus neart eile. Amárach @ 9.30in.

RTÉ a haon: The RTÉ Sports Awards

Cuirfidh Michael Lyster, Darragh Maloney, Clare MacNamara agus Des Cahill an oíche de dhuaiseanna spóirt seo i láthair. Beidh duaiseanna aonair agus foirne le fáil ar an oíche agus breathnófar ar an mbliain spóirt 2011 freisin. Dé Domhnaigh @ 9.30in.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: An Caifé Ceoil

Is féidir ceol rac, gormacha agus ceol tíre a chloisteáil ar an gclár seo chomh maith le reggae, pop agus gach sórt eile freisin. Labhrófar faoi aon ócáid ceoil atá ar siúl acu freisin agus bíonn neart eolais acu faoi na hamhráin agus na ceoltóirí freisin. Dé Máirt - Déardaoin @ 9in.

RTÉ Raidió a haon: The Curious Ear: Lumps of Coal

An tseachtain seo, inseoidh páistí scéalta faoi na rudaí dána a dhéantar aimsir na Nollag agus labhróidh Cliona O'Carroll ó Ollscoil Chorcaí faoi scéalta béaloidis faoi thraidisiúin na Nollag ón Eoraip. Dé Domhnaigh @ 7.45in

Raidió na Life: I gComhrá

An tseachtain seo, labhróidh Helena King le Manchán Magan ón gclár 'No Béarla' a bhí ar TG4. Is scríbhneoir agus taistealaí é. Tá Helena ag iarraidh aithne a chur ar dhaoine aitheanta i saol na Gaeilge tríd an gclár seo. Dé hAoine @ 7.30in.

Tubaiste Árainn Mhór

BEIDH clár faisnéise ar thubaiste Árainn Mhór in 1935 ar siúl anocht ar TG4 ag 9.30in.

Déanfar cur síos ar an oíche sin i mí na Samhna ina bhfuair 19 as an oileán bás. Bhí meascán d'aoiseanna ar an mbád idir 16 agus 17 suas go 61. Bhíodar ag teacht abhaile ón mórthír ag 5.30in i ndiaidh samhradh agus fómhara a chaitheamh in Albain ag obair. Níor tháinig siad ach ar 17 corp as na 19 ar fuair ar an oíche

tubaisteach sin. Tháinig duine amháin slán as, Paddy Gallagher, agus ní raibh sé in ann labhairt faoin tubaiste ar feadh 50 bliain. Tá an chuid is mó den chlár lonnaithe i dteach Paddy, an áit inar chaith sé roinnt míonna ag teacht chuige féin tar éis na tubaiste. Fuair seachtar igclann Paddy bás ar an oíche sin, ceathrar deartháir, beirt deirfiúr agus a athair. Tharla an tubaiste 75 bliain ó shin.

CÚRSAÍ SACAIR: SRAITH AIRTRICITY

Ruagairí na Seamróige v Spurs agus bronntanas Nollag

Ruagairí na Seamróige v Spurs, Sraith na hEorpa, Tamhlacht, amárach, túschic 6in, díolta amach, beo ar 3e

Daithí Mac Tighearnáin

SEO mar a luíonn clár na bpointí roimh an mbabhta deireanach de 6 bhabhta de chluichí: PAOK Salonika - 11 pointe, naoi gcúl scóráilte acu, cúig chúl ina n-aghaidh, (PAOK cáilithe don chéad chéim eile den chomórtas); Rubin Kazan - 10 bpointe, cúil 10-4; Spurs - 7 bpointe, 5-4; Ruagairí na Seamróige - pointe ar bith, 4-15.

I mbeagán focal, tá Spurs ag brath go mbuailfidh PAOK Rubin agus más ar chúl amháin an bua sin, mar shampla, bheadh ar Spurs Ruagairí na

Seamróige a léasadh 5-0 chun an dara háit cháilithe sa ghrúpa a bhaint.

An séasúr seo caite, shroich Spurs an babhta ceathrú ceannais de Shraith na Seaimpíní agus ba léir don dall gur a n-áit sa chomórtas úd i mbliana an praghas a bhí le híoc acu as an allas a chuir siad isteach sa chomórtas. Tháinig meath mór orthu sna cluichí deireanacha acu sa Phríomhshraith Shasanach an séasúr seo caite, agus bhí orthu glacadh go drogallach le háit i Sraith na hEorpa, comórtas nach bhfuil le fáil as ach an séú cuid den duaisairgead atá ar fáil i Sraith na Seaimpíní.

Mar sin, ní chreidim go mbeidh Spurs ar a seacht ndícheall i dTamhlacht amárach agus iad breá sásta fáil réidh leis an gcomórtas seo as a glár oibre chun díriú go huile is go hiomlán ar an bPríomhshraith Shasanach.

Tá súil agam go bhfuil mé contráilte agus go mbeidh a mór-réaltaí, nach n-imríonn go hiondúil sa chomórtas seo - Luka Modric, Gareth Bale, Adebayor, Michael Dawson, Scott Parker agus Van Der Vaart - le feiceáil ar an bpáirc i dTamhlacht amárach. Neosfaidh an aimsir. Mura mbeidh, goitse a Ruagairí!

Ce gur chaill siad in Stoke Dé

Domhnaigh, tá Spurs ag déanamh go seoigh sa Phríomhshraith Shasanach, iad sa tríú háit faoi láthair.

Má tá cairde nó gaoilta agat ar an liosta de bhronntanais Nollag agat a leanann clubshacar na hÉireann, ná bíodh leisce ort The Official Book of the FAI Cup,scríofa ag Seán Ryan a cheannach dó/di. Tá caibidil ar leith sa leabhar ar gach bliain den chomórtas ó saolaíodh é in 1922. I ngach caibidil, ta alt siamsúil a bhaineann leis an mbliain sin, gach toradh de gach cluiche de gach babhta den bhliain sin agus ainmneacha na scórlaithe i gcás gach cúl. I leith na

gcluichí ceannais uilig, cuirtear ar fáil ainmneacha an réiteora agus na n-imreoirí uilig, maraon leis an tinreamh. I lár an leabhair, tá grianghraif d’fhoirne áirithe a bhuaigh an corn ó gach ré chomh maith le grianghraif eile. Tá eolas faoi na curiarrachtaí reatha a bhaineann leis an gcomórtas ag deireadh caibidlí áirithe. €19.99 an praghas atá ar an leabhar.

Tá Pat Fenlon, an bainisteoir a d’fhág na Bóithéamaigh chun dul i mbun Hibernian i nDún Éideann le déanaí, ag earcú ó Éirinn cheana féin. Tá Iarlaith Davoren (25) aige ar triail ó Ruagairí Shligigh.

Deireadh le Ré Michael O'Neill



Michael O'Neill
[Pic : Matt Browne / SPORTSFILE]

Gráinne McElwain

AG tús na seachtaine tháinig casadh eile i scéal Ruagairí na Seamróige nuair a dúradh go mbeadh an bainisteoir atá acu le trí bliana anuas, Michael O'Neill, ag fágáil tar éis an chluiche mhóir in aghaidh Tottenham Hotspurs i Sraith Europa san oíche amárach i dTamhlacht. An deireadh seachtaine seo caite rinneadh go leor obair phoiblíochta faoi thuras na Seamróg sa chomórtas seo, ach cé go mbeidh dúil ag go leor in Harry Rednapp agus a fhoireann, beidh níos mó daoine ag féachaint ar O'Neill agus ar an slán a fhágfar aige ag deireadh na himeartha.

Ní raibh mórán daoine ag súil leis seo agus O'Neill i

mbun comhráite chun conradh nua a shíniú. Tiocfaidh deireadh lena chonradh ar 31ú Nollaig agus mothaítear go mbeadh sé sásta fanacht leis na Hoops tar éis dhá shraith agus Corn Setanta a bheith buaite acu ó tháinig sé chuig an chlub ó Brechin City in 2009.

Ach de réir na dtuairiscí, theip ar na comhráití seo mar gheall ar thuairimí difriúla a bhí ag Michael agus an club maidir leis an treo ba chóir don chlub a dhul. Níl jab eile socraithe go fóill ag O'Neill, as an Bhaile Meánach ó dhúchas, ach tá sé luaite le post an bhainisteora i dTuaisceart Éireann agus bí cinnte go mbeidh spéis ag neart daoine eile sa phost a bheidh folamh anois ag Ruagairí na Seamróige sa bhliain úr.

Pearsa Spóirt na Bliana le Roghnú ag RTÉ

Gráinne McElwain

IS iad Darren Clarke (golf), Michael Fennelly (iomáint), Seán O'Brien (rugbaí), Katie Taylor (dornálaíocht), Rory McIlroy (golf), John Joe Nevin (dornálaíocht), Kevin O'Brien (cruicéad), Alan Brogan (peil ghaelach) agus Robbie Keane (sacar) na daoine atá ainmnithe do Ghradam Pearsa Spóirt na Bliana RTÉ a bheidh á bhronnadh oíche Dé Domhnaigh. Ní bheidh sé furasta buaiteoir a phiocadh ón ghearrliosta seo nuair a smaoiníonn tú ar an bhliain iontach a bhí ag gach duine acu ina spórt féin.

Bhuaigh Darren Clark an British Open agus bronnadh gradam Sárímreora agus Imreoir na Bliana CLG agus GPA ar Michael Fennelly. Bhí bliain den scoth ag Seán O'Brien a bhuaigh Corn Heineken le Cúige Laighean agus a ainmníodh mar Imreoir na Bliana san Eoraip. D'éirigh le Katie Taylor Craobh Dornálaíochta na hEorpa i ngrád amaitéarach a bhuachan den chúigiú huair agus tar éis gur bhuaigh sé an US Open, is é Rory McIlroy an dara duine is fearr ar domhan i gcúrsaí gailf faoi láthair. Bhuaigh Nevin bonn cré-umha ag Craobhacha Dornálaíochta an Domhain ag leibhéal amaitéarach, ba laoch é Kevin O'Brien sa chluiche in aghaidh Shasana ag Corn Cruicéid an Domhain agus chríochnaigh Alan Brogan le bonn uile-Éireann le Baile Átha Cliath agus mar Imreoir Peile na Bliana CLG agus GPA. Bhí spotsolas ar Robbie Keane mar chaptaen ar Phoblacht na hÉireann agus iad cáilithe do Euro 2012. Tá éachtanna ollmhóra bainte amach ag gach iomaitheoir mar sin agus beidh an cinneadh mór le déanamh ag craoltóirí, foireann agus iriseoirí RTÉ.

Ina theannta sin, ainmneofar Foireann Spóirt na Bliana agus buaiteoir an ghradam nua, Bainisteoir Spóirt na Bliana, ag an ócáid. I measc na n-ainmniúchán d'Fhoireann Spóirt na Bliana tá seaimpíní rugbaí na hEorpa, Cúige Laighean, curaithe uile-Éireann sa pheil agus san iomáint, Baile Átha Cliath agus Cill Chainnigh, seaimpíní na Craoibhe agus na Sraithe i bpeil na mban, Corcaigh, foireann sacair Phoblacht na hÉireann, seaimpíní Shraith Airtricity, Ruagairí na Seamróige, foireann cruicéid



Alan Brogan [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]



Katie Taylor [PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]



Leo Cullen [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

na hÉireann, agus seaimpíní camógaíochta na hÉireann den dara bliain as a chéile, Loch Garman.

Mar gheall ar an mhéid oibre a dhéanann bainisteoirí leis na foirne móra seo, mothaíonn RTÉ go bhfuil sé in am acu aitheantas a thabhairt do na daoine seo. Ochtar atá ar an ghearrliosta agus, arís, beidh cinneadh deacair le déanamh chun duine amháin a roghnú. Is iad atá ainmnithe: Brian Cody, bainisteoir iomána Chill Chainnigh, JJ Doyle, bainisteoir camógaíochta Loch Garman, Michael O'Neill, bainisteoir Ruagairí na Seamróige, Billy Walsh atá ina phríomhchóit-

seálaí dornálaíochta san Aonad Ardfheidhmíochta IABI, Joe Schmidt, cóitseálaí rugbaí Chúige Laighean, Giovanni Trapattoni, bainisteoir ar fhoireann sacair Phoblacht na hÉireann, Pat Gilroy, bainisteoir peile Bhaile Átha Cliath, agus an traenálaí mór le rá capall, Willie Mullins.

Fógrófar buaiteoirí ghradaim RTÉ, i gcomhpháirtnéireacht le Comhairle Spóirt na hÉireann, beo oíche Dé Domhnaigh ar an teilifís ar RTÉ 1 agus ar an suíomh idirlín www.rte.ie/sport ag tosnú ag 9.30in. Darragh Maloney, Michael Lyster, Clare McNamara agus Des Cahill a bheas ag cur an chláir i láthair.

Ar an gclai

Le John Allen



Caithfidh an CLG níos mó a dhéanamh chun ainmneacha agus aghaidheanna na n-imreoirí a chur os comhair an phobail i bhfad níos minicí

Bhí ardchaighdeán iománaíochta le feiceáil i nDúrlas Éile deich lá ó shin nuair a thug Píarsaigh Luimnigh Craobh Sinsear na Mumhan leo. Bhí an dromchla trom ach níor chuir sé isteach ar chéad smachtú na n-imreoirí.

Is mór an t-éacht é go bhfuil Croisín ó Chontae an Chláir i ndiaidh dhá chraobh sinsear a chur cúl le cúl. Is paróiste beag tuaithe é ach taispeánann sé “gur féidir linn”, mar a dúirt an tUachtarán Obama, nuair atá daoine sa pharóiste a bhfuil an spiorad agus an fhís acu chun leanúint ar aghaidh i gcoinne gach sórt dúshláin.

Is mór an t-éacht freisin go bhfuil na Píarsaigh ar bharr an domhain iománaíochta club i gCúige Mumhan. Is club ar imeall chathair Luimnigh iad a bunaíodh sa bhliain 1968.

Dar ndóigh is ceantar mór rugbaí é Luimneach i láthair na huaire ach, cosúil le Croisín, tá daoine sa chlub leis an bhfís agus an spiorad céanna chun an club a bhrú ar aghaidh go dtí an leibhéal ard atá sroichte acu anois.

Ach faraor, cé gur spórt den scoth é, tá líon na ndaoine atá á imirt an-teoranta. Léigh na staitisticí faoi bhuaiteoirí Chraobh Sinsear na hÉireann agus feicfidh tú go bhfuil beagnach nócha teideal buaite ag na trí mhórchontae, Cill Chainnigh, Corcaigh agus Tiobraid Árann. Agus tá gach seans ann freisin gur ceann díobh san a bheidh ar barr arís in 2012.

Fuaireas litir fhíorshuimiúil le déanaí ó Thomás Ó hAoláin atá ina chónaí i gCathair na Mart. Tá a lán tuairimí spéisiúla aige faoin iománaíocht.

Ceann des na smaointe atá aige ná go gcuirfí contaetha le chéile, agus ainm nua orthu, chun imirt sna comórtais sraithe agus chun bheith páirteach i gCorn Rackard nó Ring.

Mar shampla molann sé go dtiocfadh Maigh Eo, Ros Comáin agus Liatroim le chéile agus an t-ainm Céide nó Croimleach orthu. Dún na nGall, Doire agus Tír Eoghain le chéile leis an ainm nua Grianán, Lú, Ard Mhacha agus an Dún le chéile leis an ainm Oirialla. Tá na contaetha go léir eile sa tír atá lag ag an iománaíocht curtha le chéile aige agus ainmneacha nua orthu. Is smaoineamh suimiúil é.

Caithfidh an CLG i bhfad níos mó a dhéanamh chun an iománaíocht a choimeád beo sa tír. Caithfear an díospóireacht a thosnú gan mhoill.



4 Nollaig 2011; Na Píarsaigh, Luimneach, ag ceiliúradh leo tar éis gur bhain siad Craobh Cheannais na Mumhan san Iomáint i gcoinne Chroisín, Co. an Chláir ag Staid Semple, i nDúrlas Éile [PIC: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Déanann an suíomh idirlín Lonely Planet cur síos greannmhar ar an iománaíocht, ag scríobh go bhfuil sé cosúil le cath oscailte idir fhir le cosa bána agus ainmneacha mar Sheán Óg, Joe agus Tommy, cuma fhíochmhar orthu agus iad cosúil le daoine atá ag éalú o theach na ngealt.

Deireann siad freisin go ngluaiseann se ró thapaidh d'éinne nach bhfuil cur amach ceart ar na rialacha acu.

Ag an deireadh deireann siad gur sórt hacaí san aer é a imrítear ar luas lasrach. Molann siad do thaisleaithe freastal ar chluiche, go háirithe ceann i bPáirc an Chrócaigh. Níl aon dabht ach go bhfuil seoid luachmhar againn i spórt na hiománaíochta.

Chonaic me alt ar cheann des na páipéirí laethúla le déanaí faoi mhargaíocht na n-iománaithe is fearr sa tír. Le gach imreoir ag caitheamh clogaid na laethanta seo níl súilaithe

Caithfidh an CLG i bhfad níos mó a dhéanamh chun an iománaíocht a choimeád beo sa tír. Caithfear an díospóireacht a thosnú gan mhoill. Déanann an suíomh idirlín Lonely Planet cur síos greannmhar ar an iománaíocht, ag scríobh go bhfuil sé cosúil le cath oscailte idir fhir le cosa bána agus ainmneacha mar Sheán Óg, Joe agus Tommy, cuma fhíochmhar orthu agus iad cosúil le daoine atá ag éalú o theach na ngealt.

againn ar na himreoirí in aon chor. B'fhéidir gur mhaith an smaoineamh é nach gcaithfeadh na himreoirí na clogaid agus iad ag siúl sa pharáid roimh na cluichí móra.

Caithfidh an CLG níos mó a dhéanamh chun ainmneacha agus aghaidheanna na n-imreoirí a chur os comhair an phobail i bhfad níos minicí.

Bíonn an-tóir ag an aos óg ar na cártaí sacair a bhfuil pictiúirí imreoirí mór le rá orthu. Cén fáth nach féidir le comhlacht milseán éigin, le cabhair ó Chumann Lúthchleas Gael, a leithéid a dhéanamh agus pictiúirí na n-iománaithe a chur orthu.

An gcosnódh sé mórán chun feachtas Billbord éigin a eagrú agus aghaidheanna na n-imreoirí orthu, gach contae ag taispeáint a chuid iománaithe féinig.

Tá cluiche iontach againn ach caithfidh fógraíocht agus maraíocht a dhéanamh air gan mhoill.

An deireadh seachtaine seo, agus

an Nollaig beagnach linn, beidh Craobh Laighean á himirt i gcomórtais peile na gclubanna. Tabharfaidh Cumann Naomh Bríd ón bpríomhchathair agus Carraig an Chaisleáin na hIarmhí aghaidh ar a chéile.

Bhí dianchluichí ag an dá chlub sna cluichí leathchraoibhe agus dar ndóigh seasfaidh na cluichí sin leo. Bhí am breise i leathchraobh na mBaile Átha Cliathach a thóg mórán astu ach le coicís idir na cluichí ba cheart go mbeadh siad ullamh arís don Domhnach.

Tá drochsheachtain aimsire geallta agus beidh an pháirc an-trom ach caithfidh na himreoirí cur suas leis agus a ndícheall a dhéanamh.

Tá sé deacair a rá cé a buaifadh ag an am seo den bhliain. Toisc gur seaimpiní BÁC iad Naomh Bríd agus gur bhuadar an-choimhlint sa leathchraobh tabharfaidh mé an nod dóibh.

Beir Bua

Súil ar an Rugbaí: Corn Heineken na Seachtaine seo


Le Gráinne
McElwain



An Satharn

Grúpa 4: Aironi v Cúige Uladh Staid Brianteo, Monza @ 1430

Tús maith leath na hoibre a bheidh Cúige Uladh a rá tar éis an tsártaispeántais a bhí acu in aghaidh Aironi i gCnoc an Fhéich an tseachtain seo caite. Bhuaigh siad le pointe bónais 31-10 le húid ó laochra na himeartha Stephen Ferris, Adam D'Arcy, Andrew Trimble, Paul Marshall agus Paddy Jackson atá naoi mbliana déag d'aois. Tá a fhios ag muintir Uladh go




Stephen Ferris, Cúige Uladh [PIC: PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

gcaithfidh siad an taispeántas fuarchúiseach céanna a léiriú arís san Iodáil an Satharn seo má tá siad chun an seans is fearr a thabhairt dóibh féin cáiliú do na babhtai ceathrú ceannais. Faoi láthair tá siad sa dara háit i ngrúpa 4, pointe taobh thiar de Clermont-Auvergne agus cé gur aimsigh siad cúig úd, ní raibh an cóit-seálaí Brian McLaughlin róshásta leis an síneadh amach a chuaigh ar strae in amanna. Mothaíonn sé gur féidir leo feabhas a chur air sin don chéad lá eile. Bhí an chlibirt go maith ach arís bhí díomá ar McLaughlin faoi na seansanna nár thapaigh siad. Tá an-deis ag Cúige Uladh an cúig phointe a chrochadh leo san Iodáil agus déarfainn gur sin a dhéanfaidh siad.

Bua: Cúige Uladh

Grúpa 6: Gloucester v Cúige Chonnacht Kingsholm @ 1540

Cé gur chaill siad, d'éirigh le Cúige Chonnacht pointe bónais a fháil in aghaidh Gloucester sa




Gavin Duffy, Connacht. [PIC: STEVE POPE / SPORTSFILE]

Sportsground an tseachtain seo caite tar éis gur chaill siad le níos lú ná seacht bpointe (10-14). Ciallaíonn sé sin go bhfuil pointe ar chlár na bpointí acu ach b'é sin an naoú cluiche as a chéile atá caillte ag fir an iarthair agus níl an chuma ar an scéal go bhfeabhsóidh rudaí go luath. Roimh an chluiche seo ní raibh ceachtar den dá fhoireann ag dul go maith agus bhí frustrachas ar Eric Elwood, cóitseálaí Chonnacht, tar éis an chluiche mar gheall ar an taispeántas agus an dóigh go raibh deis acu an cluiche sin a bhuachan ach nár thapaigh siad í. Beidh tuilleadh gortuithe ag cur as dóibh anois ar an Satharn le Ray Ofisa imithe le gortú glúine, agus cé go bhfuil Johnny O'Connor ag feabhsú, tiocfaidh an deireadh seachtaine seo róluath dó. Bhí neart i bpaca Gloucester nach raibh Connachta in ann dul i ngleic leis agus rinne sé sin an-difear sa dara leath le Connachta ag bronnadh ciceanna éirice ar Gloucester, rud a choinnigh an fhoireann Shasanach chun cinn. Is é an deacracht is mó atá ag Eric Elwood ná nach bhfuil a phainéal sách láidir, go háirithe leis an mhéid gortuithe atá acu faoi láthair. Cluiche crua eile atá i ndán mar sin thall in Kingsholm, go háirithe mar go mbeidh Gloucester lán le muinín tar éis a mbua sa Sportsground. A mhalairt atá fíor faoi na Connachtaigh agus bheinn buartha ar a son as baile Dé Sathairn.

Bua: Gloucester

Grúpa 3: Cúige Laighean v Bath Aviva Stadium @ 18.00

B'iad Leicester an t-aon fhoireann a bhuaigh Corn Heineken dhá bhliain as a chéile in 2001 agus 2002 agus má tá Cúige Laighean chun é



Jonathan Sexton, Laighean.

PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE

sin a dhéanamh i mbliana beidh orthu a bheith níos fearr ná mar a bhí siad in aghaidh Bath, bíodh is gur bhuaigh siad 18-13. Níor éirigh leis na Laighnigh úd a aimsiú cé go raibh ar a laghad trí dheis acu ceann a fháil. Bhí cóit-seálaí na foirne, Joe Schmidt, sásta den chuid is mó leis an chosaint, leis an chlibirt agus leis an síneadh amach, ach mothaíonn sé go gcaithfidh siad a bheith níos fuarchúisí leis na seansanna a bheidh á gcruthú acu. Bhí Johnny Sexton go maith i leith na gceanna éirice, ag aimsiú sé cinn acu as seacht. Ós rud é nár imir an fhoireann chomh maith sin tá seans ann go bhfeicfidh muid roinnt athruithe le Cian Healy, Eoin Reddan, Eoin O'Malley agus Devin Toner

ag tosnú. Bheifeá ag súil le taispeántas níos fearr uathu agus go mbeidh an bua ag Laighin sa bhaile ar an Satharn mar nach bhfuil an neart céanna in Bath. Deir Ian McGeechan go raibh sé bródúil as a chuid imreoirí ach tá gach seans ann go léireoidh Cúige Laighean an fáth gurb iad na seaimpíní sa bhaile.

Bua: Cúige Laighean

Dé Domhnaigh

Grúpa 1: Cúige Mumhan v Scarlets Páirc Thuamhumhan @ 12.45

Bhí an-bhua ag Cúige Mumhan an tseachtain seo caite in aghaidh na Scarlets (17-14) nuair a d'éirigh leo na taicicí a bhí acu a chur i gcrích go héifeachtach. Níor lig siad an liathróid thapa siar chuig cosantóirí Scarlets, d'ionsaigh siad gach ruc agus léirigh na himreoirí féinsmacht le linn an chluiche chomh maith. Ach níor thosaigh na Muimhnigh go rómhaith agus iad 8 bpointe taobh thiar tar éis 10 nóiméad, rud a mbeidh cóitseálaí na foirne, Tony McGahan, ag breathnú air sula dtiocfaidh na Scarlets go Luimneach an Domhnach seo. Níl ach dhá phointe idir Cúige Mumhan agus na Scarlets le Cúige Mumhan ar bharr an tábla faoi láthair agus má éiríonn le Mumhain an cluiche seo a bhaint, is iad a bheas chun cinn sa ghrúpa agus beidh an-deis acu cáiliú do na babhtai ceathrú ceannais. Tá an jab leathdhéanta acu agus beidh an-choimhlint anseo. Tá imní faoi Peter O'Mahony a imríonn sa phaca agus a ghortaigh a ghiall agus ní fios fós an mbeidh sé ar fáil. Ní

bhíonn sé éasca ag aon fhoireann i bPáirc Thuamhumhan, go háirithe i gCorn Heineken.

Bua: Cúige Mumhan



Paul O'Connell, Mumha. [PIC: DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Comórtas Leabhar na Nollag

An bhfuil do chuid siopadóireachta uilig déanta agat don Nollaig nó an bhfuil tú fós ag streachailt leis an bhronntanas is fearr a cheannach do na daoine is gaire duit? Seans gur féidir le Gaelscéal cuidiú leat le Comórtas Leabhar na Nollag. Tá deis agat trí leabhar spóirt a bhuachan atá urraithe ag siopa leabhar Kennys i nGaillimh agus níl ort ach ceist bheag a fhreagairt. Is iad na leabhair atá le buachaint ná: Donncha O'Callaghan Joking Apart, The GAA - County by County agus Without a Shadow of a Doubt le Joe Kernan.




Ceist: Cén bhliain inar bhuaigh Joe Kernan Craobh Peile Uile-Éireann le hArd Mhacha?

A 2001

B 2002

C 2003

Má tá freagra na ceiste ar eolas agat níl ort ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@gaelisceal.ie.



Kennys.ie
5 million books ...free delivery worldwide!

Gaelscéal

SPÓRT


Déan teagmháil linn ag sport@gaelsceal.ie

Gaelscéal

● 14.12.2011

Garraí an Chaisleáin ag Cuartú a gCéad Chraobh Laighean

Cluiche Ceannais Peile Laighean, Garraí an Chaisleáin (An Iarmhí) v Naomh Bríd (Baile Átha Cliath), Tualch Mhór @ 2.00i.n, Beo ar TG4



Dessie Dolan ar thairseach na staire le Garraí an Chaisleáin?

[PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Gráinne McElwain

Tiocfaidh deireadh le comórtais chúige na gclubanna don bhliain seo nuair a chasfaidh Garraí an Chaisleáin as an Iarmhí le Naomh Bríd as Baile Átha Cliath i gcluiche ceannais peile Laighean i dTualach Mhór Dé Domhnaigh.

Níl comórtas Laighean buaite ag aon chlub ón Iarmhí go fóill. Chuaigh Garraí an Chaisleáin chomh fada le cluiche ceannais Laighean in 2009 ach theip orthu in aghaidh Phort Laoise. Bhuaigh Naomh Bríd Craobh Peile Laighean in 2003 ach seo an chéad uair dóibh siúd a bheith ar ais sa chluiche ceannais ó shin.

Seo an dara huair ag an dá fhoireann, mar sin, a bheith páirteach i

gcluiche ceannais Laighean le seaimpiní Ros Comáin agus Chonacht, Naomh Bríd, ag fanacht le bualadh leis na buaiteoirí i mí Feabhra 2012.

Fuair Garraí an Chaisleáin an lámh in uachtar ar fhoireann óg Bhaile Átha Í as Cill Dara i gcluiche leathcheannais peile Laighean 1-10 le 1-6. D'éirigh le Gary Dolan, deartháir leis an iar-Sháirimreoir Dessie Dolan an cúl cinniúnach a fháil ceithre nóiméad roimh dheireadh an chluiche.

B'é an rud ba iontaí faoi sin ná go bhfuil Gary ar ais ag imirt peile tar éis gortú fadtéarmach a bheith ag cur as dá ruitín agus b'éigean dó a dhul faoi scian.

Tá taithí ag an chlub as an Iarmhí sa chomórtas seo ar an bhriseadh croí

agus díomá a théann leis. Níor staon siad riamh de bheith ar an ionsaí sa chluiche in aghaidh Bhaile Átha Í agus léirigh siad carachtar agus aibíocht chun an cluiche sin a bhaint. Is iad na deartháireacha Dolan na himreoirí is mó atá acu ach is féidir le James Dolan, Patrick Mulvihill agus Seánie O'Donoghue scóranna a aimsiú. Bhí an chosaint thar barr in aghaidh Bhaile Átha Í agus beidh sé sin ag teastáil arís in aghaidh thosaithe Naomh Bríd.

Is club réasúnta óg é Garraí an Chaisleáin a bunaíodh i 1981 agus a bhain grád na sinsear amach i 1997 tar éis dóibh craobh idirmheánach a bhuachan an bhliain sin.

Tá sé chraobh chontae buaite acu ó bhí 2001 ann ach, mar a bhí in 2009, is ar thairseach na staire atá siad

anois. Is é Anthony Cunningham bainisteoir na foirne agus má éiríonn leo an lámh in uachtar a fháil ar Naomh Bríd Dé Domhnaigh, seans maith go mbeidh sé féin ag déanamh trí jab ag an am céanna sa bhliain úr.

Ceapadh mar bhainisteoir iomána na Gaillimhe é i ngrád na sinsear agus faoi 21 le déanaí ach is ar an pheil amháin atá sé dírithe faoi láthair.

Cé nach bhfuil Naomh Bríd tar éis Craobh Laighean a bhuachan le tamall, beidh siad ag iarraidh a bheith ar an chúigiú foireann as Baile Átha Cliath chun comórtas Laighean a bhaint le seacht mbliana anuas.

Chaill Barry Cahill agus Seán Murray amach ar laethanta saoire leis an fhoireann idirchontae thar lear mar gheall ar dhualgaisí club ach motháíonn Cahill gur féidir leis neart

laethanta saoire a thógáil nuair a éireoidh sé as an pheil.

Fuair Naomh Bríd an lámh in uachtar ar Phort Laoise tar éis am breise 2-16 le 1-15 le Philly Ryan, imreoir óg faoi aois ag Baile Átha Cliath anuraidh, ag aimsiú an chúl cinniúnach tar éis 80 nóiméad den chluiche.

Tá tosaithe maithe ag Naomh Bríd, ina measc iar-imreoir Bhaile Átha Cliath Paddy Andrews atá ag imirt thar barr faoi láthair.

Seo cluiche aisteach don dá fhoireann chomh gar seo don Nollaig agus níl an aimsir geallta go maith ach oiread.

B'fhéidir go gcuideodh an díomá a mhothaigh Garraí an Chaisleáin in 2009 leo ar an Domhnach ach ag an am seo bliana, tá sé deacair a mheas.